IAA
ÚDARÁS EITLÍOCHTA NA hÉIREANN
IRISH AVIATION AUTHORITY

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2025





**Rialaíonn Údarás Eitlíochta na hÉireann** de réir na gcaighdeán gairmiúil is airde chun timpeallacht eitlíochta atá sábháilte, slán agus dírithe ar chustaiméirí a chinntiú.



# CLÁR ÁBHAIR


| | |
|---|---|
| **Ráiteas an Chathaoirligh** | **4** |
| **Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh** | **6** |
| **Athbhreithniú Oibríochtaí** | **10** |
| Ról IAA | 12 |
| An Tionscal Eitlíochta Rialaithe Sábháilteachta agus Slándála in Éirinn | 13 |
| Clár Sábháilteachta Stáit agus Plean Stáit um Shábháilteacht Eitlíochta | 14 |
| Athbhreithniú Bliantúil ar Fheidhmíocht Sábháilteachta | 14 |
| Clárú Aerárthaí | 15 |
| Oibríochtaí Eitilte | 16 |
| Bonneagar Eitlíochta | 16 |
| Ceadúnú Pearsanra | 17 |
| Córais Aerárthach gan Foireann (UAS) | 17 |
| Slándáil Eitlíochta | 18 |
| Athruithe Rialála | 18 |
| Cearta agus Inrochtaineacht Aerphaisinéirí | 19 |
| Daoine ar Bheagluaineacht | 20 |
| An Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta | 20 |
| Feidhmíocht agus Muirearú Aerloingseoireachta | 21 |
| Rialáil Eacnamaíoch Aerfort Bhaile Átha Cliath | 21 |
| Sliotáin agus Acmhainn | 21 |
| Ceadúnú Aeriompróra | 21 |
| Ceaduithe Seirbhíse ar an Talamh | 22 |
| Ceadúnú Trádála Taistil | 22 |
| Inbhuanaitheacht Eitlíochta | 22 |
| Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara | 23 |
| Ár nDaoine agus Eagraíocht | 23 |
| Áiseanna agus an Timpeallacht | 24 |
| IAA Idirnáisiúnta | 24 |
| Acht na dTeangacha Oifigiúla | 25 |
| **Athbhreithniú Airgeadais** | **26** |
| **Tuarascáil na Stiúrthóirí agus Ráitis Airgeadais** | **28** |

# LUACHANNA

## TÚS ÁITE DON SÁBHÁILTEACHT

Cloímid leis na caighdeáin is airde maidir le sábháilteacht agus slándáil na heitlíochta sibhialta i ngach rud a dhéanaimid ar mhaithe le paisinéirí aerárthaí agus pearsanra eitlíochta, agus ar mhaithe le leas an phobail.

## GAIRMIÚLACHT

Coinnímid na leibhéil is airde saineolais, eitice, freagrúlachta, éifeachtúlachta agus iompair inár gcuid oibre, agus aithnímid gurb é ag ár ndaoine atá an fíor-neart.

## DÍRITHE AR AN TOMHALTÓIR

Cosnaímid cearta tomhaltóirí, trína chinntiú go mbeidh eispéireas eitlíochta sibhialta sábháilte, slán agus éifeachtach acu.

## COMHOIBRIÚ

Oibrímid go dlúth le páirtithe leasmhara chun muinín, comhréiteach agus rath comhroinnte a chur chun cinn.

## INBHUANAITHEACHT

Tacaímid le forbairt na heitlíochta ar bhealach inbhuanaithe lena bhfreastalaítear ar na héilimh reatha agus riachtanais na todhchaí á gcosaint.

## MEAS AGUS CUIMSIÚ

Is mór againn dearcthaí éagsúla agus cothaímid timpeallacht oibre agus páirtithe leasmhara chuimsitheach agus mheasúil.

## MACÁNTACHT AGUS CUNTASACHT

Gníomhaímid le trédhearcacht, le cothroime agus le freagracht inár gcinntí agus inár ngníomhartha go léir.

# PRÍOMHFHIGIÚIRÍ

**Láimhdeachas**
€46m

**Brabús i ndiaidh Cánach**
€6.1m

**Deimhnithe Aeroibreora**
16

**Clár na nAerárthach**
1,467

**Aerloingeas AOC na hÉireann**
541

**Aerloingeas Ginearálta**
628

**Oibreoirí UAS**
9,000+

**Deimhnithe Cianphíolóta**
23,000+

**Ceadúnais Pearsanra Eitilte**
21,000+

**Ceadúnais Innealtóirí Cothabhála**
2,740

**Gearáin maidir le Cearta Aerphaisinéirí a Próiseáladh**
2,883

**Paisinéirí ag na 6 Aerfort Idirnáisiúnta in Éirinn**
44m

01

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

**1,467**
Aerárthaí atá cláraithe leis an IAA

**€46m**
Láimhdeachas

**220**
Foireann

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Údarás Eitlíochta na hÉireann le haghaidh 2025 a chur i láthair.

Tá sábháilteacht san eitlíocht fós ar an tosaíocht is mó atá ag IAA maidir lena shainchúraim reachtúil a chomhlíonadh Le linn 2025, lean an IAA dá thiomantas do rialáil sábháilteachta agus slándála éifeachtach agus fheidhmiúil a áirithiú in earnáil na heitlíochta lena léirítear na caighdeáin agus an dea-chleachtas idirnáisiúnta is fearr, agus ar an gcaoi sin cinntítear go bhfuil an tsábháilteacht ina cuid dhílis den éiceachóras eitlíochta in Éirinn.



Sáraítear toilleadh an aerfoirt leis an éileamh ar shliotáin tuirlingthe, éirí de thalamh agus páirceála ag aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá an t-aerfort comhordaithe go hiomlán agus dá bhrí sin tá feidhm ag rialacháin an Aontais Eorpaigh maidir le comhordú sliotán. Tá cur i bhfeidhm na rialachán sin ag aerfort Bhaile Átha Cliath fós ina ábhar dlíthíochta a bhaineann leis an uasteorainn 32 milliún paisinéir in aghaidh na bliana a fhorchuir an Bord Pleanála mar chuid de na coinníollacha maidir le cead pleanála le haghaidh forbairt críochfoirt ag an aerfort. Is é tuairim an IAA gur cheart uasteorainn den sórt sin a chur san áireamh agus paraiméadair chomhordaithe sliotán á ndearbhú ag an aerfort. Tá dlíthíocht Ard-Chúirte ar siúl i gcás inar ndearna na haerlínte iarracht agóid a dhéanamh i gcoinne na tuairime sin. Chuir an Ard-Chúirt ceisteanna áirithe faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus tionóladh éisteacht i mí na Samhna 2025 i Lucsamburg ag a ndearnadh ionadaíocht don IAA. Tá a breithiúnas le tabhairt ag an gCúirt Eorpach maidir leis an gceist sin go fóill. In ordú níos luaithe a rinneadh an 3 Aibreán 2025, sular cuireadh na ceisteanna sin faoi bhráid na Cúirte Eorpaí, áfach, d'ordaigh an Ard-Chúirt urghaire idirbhreitheach á rá nár cheart don IAA, agus na paraiméadair chomhordaithe sliotán ag aerfort Bhaile Átha Cliath á gcinneadh aige, an coinníoll maidir le cead pleanála 32 milliún paisinéir in aghaidh na bliana a chur san áireamh go dtí go gcinnfidh na Cúirteanna na ceisteanna substainteacha.

Fáiltíonn an IAA roimh fhoilsiú Scéim Ghinearálta Aerfort Bhaile Átha Cliath (An Bille um Acmhainn Paisinéirí) 2026 ag an Aire Iompair, ina leagtar amach an cur chuige reachtach atá le glacadh chun an gealltanas a tugadh i gClár an Rialtais go n-oibreofar le páirtithe leasmhara d'fhonn fáil réidh leis an uasteorainn paisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a chomhlíonadh.

Tá 16 aeriompróir ceadúnaithe in Éirinn a oibríonn aerárthaí éagsúla idir aerárthaí scairde cianaistir agus héileacaptair. D'eisíomar ceadúnas oibriúcháin chuig dhá aeriompróir Éireannacha nua le linn 2025: ToExcel Ireland Limited T/A 2Excel agus Volare Acquisitions Limited T/A Flexjet International.

Ba é 1,467 aerárthach líon iomlán na n-aerárthaí a bhí cláraithe leis an IAA ag deireadh mhí na Nollag 2025, méadú 32 ar an 12 mhí roimhe sin. Áirítear leis sin 628 aerárthach níos lú a úsáidtear chun críocha áineasa agus gnó, 56 rótarárthach agus an aerloingeas de 783 aerárthach níos mó atá cláraithe ag na príomh-aerlínte agus ag an tionscal léasaithe aerárthaí, a bhfuil láithreacht shuntasach acu in Éirinn.

I gcomhréir lena shainordú tráchtála, ní fhaigheann an IAA aon mhaoiniú ón Státchiste. In 2025, chomhlíon an IAA a fheidhmeanna reachtúla le meánlíon foirne de 205. Bhí an brabús don bhliain airgeadais i ndiaidh cánachais cothrom le €6.1 milliún (2024: €1.9 milliún) ar láimhdeachas de €45.6 milliún (2024: €37.4 milliún). B'shin figiúr níos mó ná mar a rabhthas ag súil leis. Bhí an t-ioncam don bhliain ar aon dul leis na hionchais den chuid is mó. Bhí bonn costais ionchais na cuideachta ní b'ísle ná mar a bhí measta, agus dá bhrí sin ní raibh an caiteachas pleanáilte laistigh den tréimhse chomh hard agus a bhí measta. Bhí roinnt cúiseanna leis an toradh sin, go leor míreanna eisceachtúla nach bhfuil súil ag an IAA go dtarlóidh siad arís. Áirítear leis sin caiteachas i bhfad níos lú ar phá, pinsin agus oiliúint. Baineann sé sin le clár earcaíochta reatha an IAA maidir lena chinntiú go bhfuil go leor baill foirne ann chun na croífheidhmeanna a chomhlíonadh, lena n-áirítear feidhmeanna breise atá sannta dó. Bhí uainiú na hearcaíochta agus na hoiliúna sin in 2025 níos moille ná mar a bhí measta. Ina theannta sin, níor tharla uainiú caiteachais pleanáilte áirithe TFC go hiomlán laistigh den tréimhse sin. Lena chois sin, bhí costais dlí agus sainchomhairleoireachta níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis, mar gheall ar scor daa cpt. de chaingean Ard-Chúirte i gcoinne IAA maidir le muirir aerfoirt ag tús na bliana den chuid ba mhó. Bhí gluaiseacht dhearfach i gciste pinsin na cuideachta freisin. Mar gheall ar rialacha cuntasaíochta, ní mór an ghluaiseacht sin a nochtadh i gcuntais an IAA, mar a shonraítear sna ráitis airgeadais.

Ag deireadh na bliana 2025, thug an IAA isteach a ardán iarratas digiteach nua le haghaidh Clárú agus deimhniú Aerárthaí, ardán atá deartha chun próiseáil iarratas, íocaíochtaí agus eisiúint deimhnithe digiteacha a chuíchóiriú. Ón 28 Deireadh Fómhair i leith, cuireadh ardán lándigitithe in ionad glacadh le hiarratais nua ar páipéar. Ní mór gach iarratas a dhéanamh tríd an ardán MySRS. Déantar gach teachtaireacht agus cumarsáid a láimhseáil tríd an ardán. Chomh maith le clárú aerárthaí, soláthraítear comhéadan digiteach ar chóras MySRS don IAA agus dá chustaiméirí anois i ndáil le go leor réimsí de ghnó an IAA, lena n-áirítear i ndáil le cearta aerphaisinéirí, clárú drón-oibreoirí agus deimhniú drón-phíolótaí, ceadúnais aeradróim náisiúnta, ceadúnais chothabhála aerárthaí agus aeracmhainneacht aerárthaí, rud a fhágann go n-eisítear deimhnithe agus ceadúnais dhigiteacha.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mbord as a dtacaíocht agus a dtiomantas le linn na bliana. Tá naoi stiúrthóir ar an mbord faoi láthair, is mná iad ceathrar agus is fir iad an chuid eile.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Uasal Darragh O' Brien, T.D., an tAire Iompair agus Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, leis an Uasal Sean Canney T.D., an tAire Stáit le freagracht as Iompar Idirnáisiúnta agus Iompar de Bhóthar, Loighistic, Iarnród agus Calafoirt agus leis an Uasal Jerry Buttimer T.D., an tAire Stáit le freagracht as Iompar Tuaithe, Forbairt Pobail agus Carthanais as a dtacaíocht le linn na bliana. Táim ag súil go mór le bheith ag obair leo le linn na bliana atá romhainn.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Uasal Ken Spratt, Ard-Rúnaí agus Ethna Brogan, Uasal, Rúnaí Cúnta agus foireann na Roinne Iompair as a dtacaíocht le linn na bliana.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Uasal Declan Fitzpatrick, Príomhfheidhmeannach agus foireann uile IAA as a gcuid oibre crua agus as a dtiomantas leanúnach.

**Rose Hynes**
Cathaoirleach

24 Aibreán 2026

01

# ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

**€4.7bn**

An Méid a Chuireann Eitlíocht na hÉireann le Geilleagar na hÉireann

**44,000+**

Fostaithe in Eitlíocht na hÉireann

**14,000+**

Aerárthaí ar léas ag Léasóirí Éireannacha

In 2025, shroich an líon turas paisinéirí domhanda an líon ba mhó riamh de 5 bhilliún paisinéir agus sháraigh sé 38.5 milliún imeacht aerárthaigh den chéad uair, rud a léiríonn bliain eile d'fhás láidir don eitlíocht shibhialta. Laistigh de réigiún na hEorpa, sháraigh an aerthrácht leibhéil 2019 roimh Covid le 11 mhilliún eitilt agus, roimh thús na cogaíochta sa Mheánoirthear agus a tionchar ar sholáthairtí breosla domhanda, bhíothas ag súil go dtiocfadh méadú 3.6% air in 2026[1].



1 https://www.eurocontrol.int/sites/default/files/2025-10/eurocontrol-seven-year-forecast-2025-2031-october-2025.pdf

D'fhás an aerthrácht idir ilchríocha go dtí an Eoraip níos tapúla ná an aerthrácht laistigh den Eoraip, rud a léiríonn nascacht dhomhanda níos fearr. In Éirinn, leis an nascacht leis an Eoraip agus níos faide i gcéin atá ag méadú, tuairiscíodh méadú ar líon na bpaisinéirí ag gach aerfort, agus lean an ghníomhaíocht i measc fhostóirí eitlíochta na hÉireann ag méadú.'

Tá an eitlíocht ina fóntas bunchloiche i ngeilleagar na hÉireann, rud a chuireann bonn faoi nascacht na tíre mar náisiún oileánda agus a éascaíonn a comhtháthú láidir le margaí domhanda. Tacaíonn sé leis na mílte post go díreach agus go hindíreach, éascaíonn sé trádáil idirnáisiúnta agus infheistíocht dhíreach choigríche, agus tá sé riachtanach do rath earnáil turasóireachta agus earnáil onnmhairiúcháin na hÉireann. Trí ghnólachtaí agus pobail Éireannacha a nascadh le príomh-mhargaí Eorpacha agus domhanda, tá ról ríthábhachtach ag an eitlíocht maidir le fás eacnamaíoch agus forbairt réigiúnach a choinneáil ar bun.

Ag IAA, is é an ról atá againn an mhuinín agus an luach a chuireann an pobal i gcoitinne ar eitlíocht shibhialta a choinneáil ar bun trí rialacháin an Aontais Eorpaigh agus na rialacháin náisiúnta is infheidhme a chur chun feidhme go hiomchuí, trí mhaoirseacht iomchuí a dhéanamh ar an tionscal eitlíochta trí dheimhniú, ceadúnú agus cigireacht leanúnach a dhéanamh ar a n-oibríochtaí, chomh maith le leibhéal láidir cosanta tomhaltóirí agus rialála eacnamaíche a sholáthar.

Baineann Éire tairbhe freisin as an tionscal eitlíochta atá lonnaithe thar lear, ní as eintitis a rialálann an IAA in Éirinn amháin. Tá sé tábhachtach go gcuirfidh an IAA na caighdeáin agus an dea-chleachtas sábháilteachta agus slándála is airde chun cinn ar fud an domhain lena chinntiú go leanfaidh an eitlíocht le gluaiseacht dhomhanda earraí agus daoine na hÉireann a éascú.

Ar an drochuair, in 2025 tharla timpiste mharfach eitlíochta ginearálta amháin in Éirinn. Tá an timpiste sin á himscrúdú faoi láthair ag an Aonad um Imscrúdú Aerthionóiscí (AAIU) agus má eisíonn an AAIU aon mholtaí sábháilteachta chuig an IAA chun timpistí mar sin a chosc amach anseo déanfaidh an IAA iad sin a athbhreithniú agus déanfaidh sé beart ina leith.

In 2025, chuir an IAA fáilte roimh dhá aerlíne nua a chuir tús le hoibríochtaí tar éis dóibh a léiriú go mion go bhfuil na ceanglais sábháilteachta, slándála agus eacnamaíocha maidir le haeriompar tráchtála a sholáthar á gcomhlíonadh acu. Tá ToExcel ag soláthar oibríochtaí aerárthaí sciathán dobhogtha do chumas Cuardaigh agus Tarrthála Gharda Cósta na hÉireann agus is oibreoir aerárthaí domhanda é Flexjet International a sholáthraíonn eitiltí tráchtála neamhsceidealaithe san Eoraip agus ar fud an domhain.

## Radharc chun Tosaigh ar an Tionscal

Tá sé réamh-mheasta ag Eurocontrol go dtiocfaidh méadú 3.1% ar eitiltí san Eoraip in 2026 agus go sroichfidh sé 11.4 milliún eitilt sa réigiún, ach tá na rioscaí geopholaitiúla, eacnamaíocha agus slabhra soláthair don eitlíocht fós ard. Go deimhin, nuair a scríobhadh an tuarascáil seo, tá na rioscaí sin tagtha chun cinn go mór anois. Le dúnadh leanúnach an aerspáis in oirthear na hEorpa agus sa Mheánoirthear faoi láthair, cealuithe leanúnacha eitiltí, luaineacht i bpraghsanna breosla agus dúshláin slabhra soláthair aerárthaí agus inneall, tástálfar brabúsacht thionscal na heitlíochta de réir mar a rachaidh an bhliain ar aghaidh.

Ar bhonn domhanda, thuar IATA[2] go dtiocfadh méadú 4.4% ar líon na bpaisinéirí chun 5.2 billiún turas paisinéara a bhaint amach, le lódfhachtóirí paisinéirí arda os cionn 80% agus úsáid láidir á baint as aerloingis. Arís eile, tá na tuartha sin á n-athbhreithniú anois chun tionchar na cogaíochta i réigiún na Murascaille a chur san áireamh de réir mar a rachaidh siad i gcion ar sholáthairtí agus ar phraghsanna breosla.

Is príomhdhúshlán don tionscal é tallann agus pearsanra cáilithe a fháil, go háirithe innealtóirí cothabhála aerárthaí. Leis an easpa dul chun cinn maidir le hathstruchtúrú an chláir náisiúnta printíseachta d'innealtóirí cothabhála aerárthaí, chun é a dhéanamh oiriúnach don fheidhm, tá bac á chur ar sholáthar foirne deimhniúcháin aerárthaí nua agus is dúshlán leanúnach é don tionscal. Ar an dóigh chéanna, leis an gcostas ar oiliúint píolótaí agus an easpa rochtana ar mhaoiniú, tá bac á chur ar sholáthar píolótaí cáilithe.

## Acmhainn Aerfort Bhaile Átha Cliath

Is í an uasteorainn phleanála leagáide a chuir an Coimisiún Pleanála ar chríochfort 1 agus 2 in 2007, arb é sin 32 milliún paisinéir in aghaidh na bliana, an bhagairt is mó fós ar úsáid iomlán an bhonneagair atá ann cheana ag aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá an IAA freagrach as Rialachán AE maidir le Sliotáin a chur chun feidhme[3]. Is iad príomhchuspóirí an rialacháin leithdháileadh na sliotán a uasmhéadú agus a áirithiú gur féidir le haerlínte iontrála nua rochtain chothrom a fháil ag na haerfoirt, faoi réir na srianta teicniúla, oibríochtúla agus comhshaoil ábhartha uile ar thoilleadh aerfoirt a chur san áireamh.

2 https://www.iata.org/en/iata-repository/publications/economic-reports/global-outlook-for-air-transport-december-2025/
3 Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 (an Rialachán maidir le Sliotáin) maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh leithroinnt sliotán in aerfoirt an Chomhphobail, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 793/2004.

# 01 ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH (AR LEAN)

Chuir Aer Lingus, Ryanair agus grúpa aerlínte Meiriceánacha tús le hathbhreithniú breithiúnach ar chuimsiú paraiméadair acmhainne ag an IAA chun uasteorainn 32 milliún paisinéir in aghaidh na bliana a chuir an Coimisiún Pleanála ar na críochfoirt in 2007 i ndearbhú acmhainne Shamhradh 2025 (S25) an IAA a chur san áireamh. D'iarr na haerlínte urghaire ón Ard-Chúirt chun bac a chur ar pharaiméadar toillte an tsuíocháin, a dheonaigh an Chúirt, agus saincheisteanna áirithe á dtarchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) ag an am céanna. Le déanaí, thug Ard-Abhcóide de chuid CBAE a thuairim fhoirmiúil maidir leis na saincheisteanna a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin. Breithneoidh CBAE an tuairim sin agus táthar ag súil le cinneadh críochnaitheach ón CBAE níos déanaí i mbliana. Bhain an tArd-Abhcóide [4]de thátal as gur féidir teorainn bhliantúil paisinéirí arna forchur ag údarás pleanála a chur san áireamh agus sliotáin á leithdháileadh ag aerfort ina bhfuil fadhbanna acmhainne, rud atá ag teacht le seasamh an IAA.

Fáiltíonn an IAA roimh Bhille Aerfort Bhaile Átha Cliath (Acmhainn Paisinéirí) 2026 a foilsíodh le déanaí. Tacóidh an IAA go réamhghníomhach leis an Rialtas, le daa, le Comhairle Contae Fhine Gall, leis an Údarás Inniúil um Thorann Aerfoirt (ANCA), leis an gCoimisiún Pleanála agus le gach páirtí leasmhar chun aghaidh a thabhairt ar an uasteorainn 32 milliún paisinéir ar aon bhealach is féidir leis an IAA.

## Muirir Aerfort Bhaile Átha Cliath – 2027 go 2031

Ag féachaint chun cinn, in 2026 déanfaidh an IAA cinneadh maidir le leibhéal na dtáillí aerfoirt is féidir le hAerfort Bhaile Átha Cliath a ghearradh ar aerlínte don tréimhse 2027 go 2031. Baineann tábhacht shuntasach leis an gcinneadh sin don tionscal eitlíochta in Éirinn agus do na paisinéirí a úsáideann Aerfort Bhaile Átha Cliath. Le cinneadh an IAA, socrófar infheistíocht chaipitil Aerfort Bhaile Átha Cliath amach anseo, leibhéal éifeachtúil na gcostas oibriúcháin, leibhéal cuí seirbhíse ba chóir don aerfort a sholáthar do phaisinéirí agus d'aerlínte agus déanfar measúnú ar chumas an aerfoirt é féin a mhaoiniú. Tiocfaidh an IAA ar a chinneadh i ndiaidh dó machnamh cúramach a dhéanamh ar uiríll ó na páirtithe leasmhara uile.

## Cibearshlándáil agus Athléimneacht

Baineann tairbhe dhearfach le digitiú don eitlíocht, lena soláthraítear próisis shimplithe, rochtain ar mhargaí nua, méadú ar nuálaíocht agus feabhas ar iomaíochas d'eintitis eitlíochta na hÉireann. Baineann riosca atá ag méadú i gcónaí leis don eitlíocht i dtéarmaí cibearshlándála freisin. Cuimsítear leis an spleáchas atá ag méadú ar theicneolaíochtaí a thacaíonn le hoibríochtaí eitlíochta agus a gcomhtháthú, próisis ghnó chaighdeánacha amhail ticéadú paisinéirí, airgeadas, acmhainní daonna agus córais níos speisialaithe a thacaíonn le hoibriú sábháilte aerárthaí. D'fhéadfadh sárú ar aon cheann de na córais sin dul i gcion go mór ar oibríochtaí.

Tháinig ceanglais rialála nua AE maidir le Slándáil Faisnéise (Cuid IS) i bhfeidhm maidir le formhór na n-eintiteas eitlíochta ar bhonn céimnithe i R4 2025 agus R1 2026. Leis chois sin, beidh feidhm ag Treoir NIS 2 AE (Treoir 2 maidir le Slándáil Córas Gréasán agus Faisnéise) maidir le níos mó eintitis eitlíochta ná mar a bhí infheidhme roimhe seo faoi NIS 1. Mar an gcéanna, beidh feidhm ag Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil maidir le roinnt eintiteas eitlíochta freisin. Nuair a bheidh na treoracha trasuite go hiomlán in Éirinn, cinnteofar leis na ceanglais sin go mbeidh eintitis athléimneach i gcoinne bagairtí agus go mbeidh na próisis chuí acu chun aon tionchair dhiúltacha a mhaolú.

Tá an IAA ag cuidiú leis na heintitis rialáilte na rialacha nua sin a ghlacadh agus a chinntiú go bhfuil na bearta riachtanacha á ndéanamh acu chun a gcórais a chosaint a mhéid is féidir, agus cineál agus sofaisticiúlacht na n-ionsaithe atá ag athrú i gcónaí á n-aithint.

## An Timpeallacht

Tá sé ina phríomhdhúshlán don eitlíocht a tionchar foriomlán comhshaoil a fheabhsú agus a gealltanas carbón glan-nialasach a bhaint amach faoin mbliain 2050 a chomhlíonadh. Príomhchumasóir san Eoraip is ea reachtaíocht Eitlíochta ReFuelAE [5]lena gceanglaítear, ón 1 Eanáir 2025, ar sholáthraithe breosla san Eoraip a chinntiú gur Breosla Eitlíochta Inbhuanaithe (SAF) é 2% den bhreosla uile a chuirtear ar fáil in aerfoirt an Aontais Eorpaigh, ag ardú go 6% in 2030, 20% in 2035 agus de réir a chéile go 70% in 2050. Ó 2030 ar aghaidh, ní mór 1.2 % de na breoslaí sin a bheith ina mbreoslaí a mhonaraítear go sintéiseach freisin, ag ardú go 35 % in 2050.

Is é an IAA an t-údarás inniúil maidir leis an méid seo a leanas a chinntiú:

- go ndéanfaidh comhlachtaí bainistíochta aerfoirt na bearta uile is gá chun rochtain oibreoirí aerárthaí ar bhreosla ina bhfuil an sciar íosta de SAF/eSAF a éascú.
- go gcomhlíonfaidh oibreoirí aerárthaí na rialacha frith-thancaeireachta - is é sin, gurb é 90% ar a laghad den bhreosla eitlíochta bliantúil is gá a bheidh i gcainníocht bhliantúil an bhreosla eitlíochta a chuirfidh oibreoir aerárthaí ar leith ar bord ag aerfort áirithe de chuid an Aontais Eorpaigh.
- go ndéanfar measúnú ar na réasúin ó oibreoirí aerárthaí Éireannacha maidir le titim faoi bhun na tairsí ardaithe ag aerfort de chuid an Aontais Eorpaigh agus díolúintí sealadacha a dheonú ón oibleagáid ardaithe ar bhealaí sonracha a imíonn ó aerfort in Éirinn.

4 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex:62024CC0857
5 Rialachán (AE) 2023/2405 maidir le cothrom na Féinne a áirithiú le haghaidh aeriompar inbhuanaithe (Eitlíocht ReFuelAE).

Ar fud an domhain, is deis straitéiseach é an t-éileamh ar mhéideanna móra breoslaí eitlíochta inbhuanaithe chun táirgeadh fuinnimh a éagsúlú, rud a chuireann ar chumas tíortha a bhfuil acmhainneacht mhaith fuinnimh in-athnuaite acu a bheith neamhspleách maidir le táirgeadh breosla agus slándáil fuinnimh a áirithiú. Leanfaidh an IAA le tacaíocht réamhghníomhach a thabhairt do thionscnamh an Rialtais chun Treochlár Beartais Náisiúnta um Breosla Eitlíochta Inbhuanaithe a fhorbairt.

## Nóta Buíochais

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Cathaoirleach an IAA, Rose Hynes, agus le comhaltaí Boird IAA as a dtreoir shaineolach agus as a dtacaíocht leanúnach dár bhfoireann bainistíochta le linn na bliana.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Roinn Iompair as a dtiomantas agus a ndíograis do cheisteanna eitlíochta in Éirinn.

Ar deireadh, caithfidh mé aitheantas a thabhairt do thiomantas agus dúthracht leanúnach fhoireann an IAA maidir le rialtóir eitlíochta éifeachtach a chur ar fáil d'Éirinn. Is iad ár ndaoine agus a saineolas agus a dtiomantas an bua is mó atá ag an IAA i gcónaí. Dírímid i gcónaí ar rialáil a dhéanamh ar na caighdeáin ghairmiúla is airde chun timpeallacht eitlíochta atá sábháilte, slán agus dírithe ar thomhaltóirí a chinntiú. Beidh ár ngairmiúlacht agus ár dtiomantas i gcroílár gach a ndéanann an IAA i gcónaí. Féachaimid i gcónaí le feabhas a chur ar ár saineolaithe agus leanúint lena n-éascú agus tacú leo chun bheith ar na saineolaithe is fearr ina réimsí, tríd an eagraíocht is gá a sholáthar chun na caighdeáin eitlíochta is airde a bhaint amach chun tairbhe fhoriomlán na hÉireann.



**Declan Fitzpatrick**
Príomhfheidhmeannach

24 Aibreán 2026

# 02 ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTAÍ





# 02 ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTAÍ

## Ról IAA

Is cuideachta leathstáit tráchtála (Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe) é Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) agus an t-aon rialtóir eitlíochta sibhialta amháin in Éirinn. Tá IAA freagrach as rialáil agus maoirseacht shábháilteacht agus shlándáil na heitlíochta sibhialta in Éirinn, agus as rialáil eacnamaíoch agus cosaint tomhaltóirí.

Tarmligeadh freagracht as Iarscríbhinní EESI (an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta) agus as Rialachán an Aontais Eorpaigh do IAA i gcomhréir leis na sceidil a leagtar amach san Acht um Aerloingseoireacht, 2022. Is é IAA an t-údarás inniúil náisiúnta i gcomhthéacs na rialála sábháilteachta eitlíochta mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2018/1139 agus tá sé freagrach freisin as formhaoirseacht a dhéanamh ar fheidhmeanna oibríochtúla stáit áirithe lasmuigh de shainchúram Iarscríbhinní EESI (m.sh. aerárthaí seanaoise neamhdheimhnithe agus aerárthaí baile, eitlíocht garda cósta lena n-áirítear cuardach agus tarrtháil). Is é an IAA an t-údarás atá freagrach as an gClár Sábháilteachta Stáit a chur i bhfeidhm in Éirinn.

Leagtar freagrachtaí IAA amach faoi chuimsiú na reachtaíochta/na rialála domhanda, Eorpaí agus náisiúnta is infheidhme.

Áirítear ar na feidhmeanna rialála na nithe seo a leanas, ach níl siad teoranta dóibh:

- Aerárthaí a chlárú agus a n-aeracmhainneacht leanúnach a dheimhniú
- Pearsanra a cheadúnú agus eagraíochtaí a dheimhniú a bhfuil baint acu le cothabháil aerárthaí
- Píolótaí, rialtóirí aerthráchta agus aeradróim a cheadúnú
- Caighdeáin oibriúcháin aeriompróirí a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
- Oibreoirí dróin a chlárú
- Rialáil Praghsanna Aerfort Bhaile Átha Cliath agus AirNAV Ireland
- Comhordú sceidil/leithdháileadh sliotán in aerfoirt na hÉireann
- An gnó taistil in Éirinn a cheadúnú
- Aerlínte a cheadúnú agus soláthraí seirbhísí láimhseála ar an talamh a cheadú
- Cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais Eorpaigh lena gcumhdaítear Cearta Aerphaisinéirí, cúnamh a sholáthar do Phaisinéirí ar Bheagluaineacht agus an Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta.
- Maoirseacht a dhéanamh ar shlándáil na heitlíochta sibhialta

Cuireann IAA a chuid oibre i gcrích de réir na gcaighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta is airde atá socraithe ag:

- An Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI)
- An tAontas Eorpach (AE) agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (EASA)
- An Chomhdháil Eorpach um Eitlíocht Shibhialta (ECAC)

Treoraíonn siad seo an IAA chun a chinntiú go n-oibríonn eitlíocht shibhialta na hÉireann de réir na gcaighdeán sábháilteachta is déine. Tá sábháilteacht lárnach i ngnó an IAA agus is í bunús gach rud a dhéanann an chuideachta.

Soláthraíonn an chairt seo a leanas an achoimre ardleibhéil ar gach ceadúnas agus deimhniú arna n-eisiúint ag an IAA, laistigh de na réimsí sábháilteachta agus slándála.



# Tionscal Eitlíochta Rialaithe Sábháilteachta agus Slándála in Éirinn

príomhfhigiúirí amhail an 31/12/2025

**21,205** Ceadúnas Pearsanra Eitilte

**2,740** Innealtóir Cothabhála

**344** Oifigeach Rialaithe Aerthráchta
**28** Rialtóirí Aerthráchta faoi Oiliúint
**56** Oifigigh Raidió
**3** Oifigeach Seirbhíse Faisnéise Eitilte

**983** Scrúdaitheoirí FCL

**1** Ionad Aeraileighis
**14** Scrúdaitheoirí Aeraileighis

**9,856** Clárúcháin Oibreoirí UAS
Deimhnithe Cianphíolóta
– 22,797 A1/A3
– 2,367 A2
– 766 STS

**2,279** Pearsanra deimhnithe AvSec

**1,467** Aerárthach Cláraithe
**535** Aerárthach ar AOCanna Éireannacha
**629** GA (lena n-áirítear Iarscríbhinn I)

**13** Sciathán Dobhogtha - Deimhniú Aeroibreora

**3** Héileacaptar - Deimhniú Aeroibreora

**3** Ceaduithe Seirbhísí Eitlíochta an Gharda Cósta Náisiúnta

**10** Oibreoirí Dearbhaithe Páirt-NCC

**10** Oibreoirí Dearbhaithe Páirt-SPO

**17** Eagraíocht Oiliúna Ceadaithe
**15** Eagraíocht Oiliúna Dearbhaithe
**04** Eagraíocht Náisiúnta Oiliúna Eitilte
**01** Eagraíocht Náisiúnta Oiliúna Mioneitleán

**5** Eagraíocht Oiliúna Foirne Cábáin

**16** Gléasanna Oiliúna Ionsamhlóra Eitilte

**35** Eagraíocht Chothabhála Cuid 145
**29** Eagraíocht Bainistíochta Aeracmhainneachta Leanúnaí
**6** Eagraíocht Aeracmhainneachta Comhcheangailte
**7** Eagraíocht Táirgthe
**12** Eagraíochtaí Deartha
**5** Eagraíocht Oiliúna Cothabhála Cuid 147

**7** Deimhnithe Aeradróim EASA
**14** Ceadúnais Náisiúnta Aeradróim
**6** Aeradróim Neamhcheadúnaithe – Dearbhú Oiliúna Eitilte
**1** Aeradróm Neamhcheadúnaithe – Oibríochtaí Oíche Dearbhú

**7** Deimhnithe Seirbhísí Aerthráchta agus Cumarsáide/ Soláthraithe Seirbhíse Aerloingseoireachta
**1** Deimhnithe maidir le bainistíocht na sreibhe aerthráchta agus Soláthraí seirbhíse bainistíochta aerspáis
**1** Deimhniú Soláthraí Seirbhísí Faisnéise Aerloingseoireachta
**1** Deimhniú i gcomhair Soláthraí Choimisiún Aerspáis an Atlantaigh Thuaidh
**6** Deimhniú i gcomhair Soláthraí Seirbhísí Meitéareolaíochta
**8** Soláthraithe Oiliúna Rialaithe Aerthráchta (TU)
**1** Deimhniú soláthraí seirbhíse Cigireachta Eitilte

**64** Údarú Oibríochtúil
**23** Dearbhuithe Oibríochtúla
**14** Ceaduithe trasteorann
**5** Deimhniú UASanna Éadroma
**3** Eintitis Aitheanta

Gach oibreoir aerárthaí
Gach oibreoir aeradróim
**23** Eagraíochtaí Oiliúna AvSec
**92** Coinsíneoirí Aitheanta
**53** Gníomhairí Rialaithe
**67** Tarlóirí Deimhnithe
**14** Soláthraithe Rialáilte
**4** Eagraíochtaí Stáit
**24** Soláthraithe aitheanta
**6** Aeriompróirí a iompraíonn lastas isteach san Aontas Eorpach

# 02 ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTAÍ (AR LEAN)

## Clár Sábháilteachta Stáit agus Plean Stáit um Shábháilteacht Eitlíochta

Tá an Clár Sábháilteachta Stáit (SSP) d'Éirinn foilsithe ar shuíomh gréasáin IAA ag www.iaa.ie/safety. Tagann Coiste Comhordaithe SSP le chéile go ráithiúil chun comhordú ábhartha a chinntiú idir na gníomhaireachtaí Stáit a bhfuil baint acu leis an SSP a chur i bhfeidhm.

Oibríonn IAA le Comhlacht Comhairleach Bhord Bainistíochta EASA (MAB) chun tosaíochtaí straitéiseacha san eitlíocht shibhialta a fhorbairt laistigh den AE. Tháinig MAB le chéile trí huaire le linn 2025, agus ba iad na príomh-shaincheisteanna a pléadh príomhfhorbairtí rialála an Aontais Eorpaigh, simpliú rialacha, cibearshlándáil, eitlíocht inbhuanaithe, digitiú na heitlíochta, intleacht shaorga, coincheapa oibríochtúla nua agus tionscadail taighde atá ar siúl. Leis na tosaíochtaí straitéiseacha sin, cuirtear bonn eolais faoin bPlean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta, rud a chuireann bonn eolais faoi na Pleananna um Shábháilteacht Eitlíochta i mBallstáit an Aontais Eorpaigh.

Ba é nuashonrú 2025 ar an bPlean Stáit um Shábháilteacht Eitlíochta (SPAS) an nuashonrú bliantúil deireanach sa timthriall straitéiseach 3 bliana 2023 – 2025. Mar thoradh air sin, níor bhain an nuashonrú ach le himleabhar II de SPAS, 'Gníomhaíochtaí SPAS' amháin.

Cuireadh leagan 2025 de SPAS imleabhar II i láthair in ocht gcaibidil, ceann amháin chun aghaidh a thabhairt ar ghníomhartha chun bainistíocht sábháilteachta a fheabhsú ar leibhéal an Stáit agus seacht gcaibidil chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí oibríochtúla i réimsí éagsúla eitlíochta. I nuashonrú 2025, taifeadtar 57 gníomhaíocht sábháilteachta atá oscailte agus leanúnach. Dúnadh naoi ngníomh eile in eagrán 2025, agus osclaíodh gníomh sábháilteachta nua amháin maidir le gníomhaíocht chun sábháilteacht a chur chun cinn chun Foirne Monatóireachta maidir le Sáruithe Aerspáis Áitiúil a bhunú.

Tá comhréiteach maith á choinneáil ar bun ag SPAS leis an bPlean Eorpach maidir le Sábháilteacht Eitlíochta (EPAS), agus a Thascanna Ballstáit (MSTanna) a ndearnadh gníomhartha sábháilteachta SPAS IAA dóibh. In 2026, cuirfear tuilleadh feabhais ar an ailíniú sin le EPAS le tabhairt isteach innéacs tosaíochta saincheisteanna sábháilteachta (SIPI) IAA, rud a chuideoidh le hacmhainní a dhíriú ar réimsí a bhfuil tosaíocht níos airde ag baint leo.

Foilsíonn an IAA an Plean Stáit um Shábháilteacht Eitlíochta (SPAS) chun aird a tharraingt ar na príomhchuspóirí sábháilteachta agus sábháilteachta eitlíochta agus ar na gníomhaíochtaí maolaitheacha atá á ndéanamh in Éirinn chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sábháilteachta agus slándála. Tá SPAS foilsithe ar shuíomh gréasáin an IAA ag https://www.iaa.ie/safety.

Tá leagan nua den SPAS á fhorbairt faoi láthair don tréimhse thagartha trí bliana 2026-2028. Tabharfar aghaidh sa phlean sin ar phríomhthosaíochtaí chun feabhas a chur ar fheidhmeanna rialála maidir le bainistiú sábháilteachta, maoirseacht ar chomhlíonadh agus cur chun cinn na sábháilteachta, chomh maith le cuidiú le heagraíochtaí aghaidh a thabhairt ar rioscaí oibríochtúla i réimsí éagsúla (m.sh. oibríochtaí aerárthaí, seirbhísí aerloingseoireachta, oibríochtaí aeradróim, aeracmhainneacht). Forbraítear an SPAS i gcomhairle le páirtithe leasmhara eitlíochta agus beidh sé ag teacht le Ráiteas Straitéise 2026-2028 an IAA a forbraíodh in 2025.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Fheidhmíocht Sábháilteachta

Tá tuarascáil staitistiúil maidir le Feidhmíocht Sábháilteachta Bhliantúil Chóras Eitlíochta Sibhialta na hÉireann foilsithe ar www.iaa.ie/safety. Ar an drochuair, tharla timpiste mharfach aerárthaigh amháin le linn 2025 inar bhásaigh duine amháin. Cuireann an IAA a chomhbhrón in iúl do theaghlaigh agus do chairde an duine a fuair bás. Leanann an IAA ag obair le heintitis rialáilte agus le pobal ginearálta na heitlíochta chun foghlaim ó thimpistí agus ó theagmhais thromchúiseacha chun cuidiú le básanna san eitlíocht amach anseo a chosc.

Taispeántar na treochtaí deich mbliana maidir le tionóiscí agus teagmhais thromchúiseacha sna cairteacha seo a leanas. Tá gach tarlú aonair faoi réir imscrúdú sábháilteachta neamhspleách agus tuarascáil ó AAIU, agus maoirseacht rialála ag IAA ar na heintitis rialáilte lena mbaineann.

### Treochtaí 10 mbliana a bhaineann le Timpistí agus Teagmhais Thromchúiseacha









## Clárú Aerárthaí

Bhí 1,467 aerárthach i gclár na n-aerárthaí ag deireadh mhí na Nollag 2025, agus tháinig méadú 32 aerárthach i gcomparáid leis an 12 mhí roimhe sin.

| | Nollaig 2024 | Nollaig 2025 | Athrú Bliantúil |
|---|---|---|---|
| Aerárthach mór > 5,699 kg | 762 | 783 | 21 |
| Aerárthach beag < 5,700 kg | 612 | 628 | 16 |
| Iomlán na nAerárthaí | 1,374 | 1,411 | 37 |
| Rótarárthach | 61 | 56 | -5 |
| **Clár Iomlán** | **1,435** | **1,467** | **32** |

Bhí 204 idirbheart iarbhír ar chlár na n-aerárthaí, baineadh 78 aerárthach den chlár agus cuireadh 115 leis agus cuireadh 3 rótarárthach breise leis agus baineadh 8 cheann díobh.

| Cláraigh ag: | Aerárthaí Breise | Aerárthaí Díchláraithe | Aerárthaí Cláraithe | Rótarárthaí Breise | Rótarárthaí Díchláraithe | Rótarárthach | Clár lena n-áirítear Rótarárthaí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nollaig-24 | | | 1,374 | | | 61 | 1,435 |
| Ean-25 | 8 | 8 | | 1 | -1 | | |
| Feabhra-25 | 7 | 8 | | 0 | -1 | | |
| Márta-25 | 6 | 7 | | 0 | 0 | | |
| Aibreán-25 | 15 | 4 | | 0 | 0 | | |
| Bealtaine-25 | 13 | 4 | | 1 | -1 | | |
| Meitheamh-25 | 7 | 8 | | 0 | 0 | | |
| Iúil-25 | 6 | 8 | | 0 | -1 | | |
| Lúnasa-25 | 11 | 8 | | 1 | -1 | | |
| Meán Fómhair-25 | 24 | 6 | | 0 | 0 | | |
| Deireadh Fómhair-25 | 9 | 13 | | 0 | -1 | | |
| Samhain-25 | 4 | 1 | | 0 | -1 | | |
| Nollaig-25 | 5 | 3 | 1411 | 0 | -1 | 56 | 1,467 |
| | **115** | **78** | | **3** | **-8** | | |



# 02 ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTAÍ (AR LEAN)

## Oibríochtaí Eitilte

Bhí bliain an-ghníomhach ag oibreoirí aerárthaí na hÉireann in 2025, agus leathnaigh nó d'athchalabraigh na hoibreoirí go léir a n-oibríochtaí agus bhí méadú ar ghníomhaíocht deimhniúcháin agus maoirseachta mar thoradh air sin. Tá oibríochtaí grúpa (comhar idir dhá aerlíne nó níos mó den Ghrúpa tráchtála céanna) agus an chastacht mhaoirseachta rialála lena mbaineann ina ngné shuntasach fós. Bhí taithí eagraíochtúil roimhe seo in Oibríochtaí Eitilte an IAA maidir leis na coincheapa sin a chur chun feidhme tairbheach agus beidh baill foirne rannpháirteach i dTascanna Déanta Rialacha EASA atá le teacht chun an réaltacht ghnó nua sin a leabú tuilleadh i Rialacháin an Aontais Eorpaigh.

Bhí bliain dhúshlánach ag aerlínte a raibh samhail ghnó ACMI acu agus rinneadh a lán oibre lena chinntiú go mbeadh na ceaduithe rialála riachtanacha ag na hoibreoirí sin chun solúbthacht agus cumas freagairt do thimpeallachtaí margaidh atá ag athrú san Eoraip agus ar fud an domhain a éascú. Fuair oibreoirí nua Deimhniú AOC tosaigh agus rinneadh maoirseacht rathúil ar an aistriú chuig oibreoir Sheirbhís Eitlíochta Gharda Cósta na hÉireann ag a raibh conradh nua.

Chríochnaigh an Rannán Oibríochtaí Eitilte (Sceidealaithe) an mhaoirseacht leanúnach riosca-bhunaithe ar na seacht n-aerlíne dheimhnithe Éireannacha, lena n-áirítear oibríochtaí iomadúla ar fud an Aontais Eorpaigh. Tá ceaduithe iomadúla IAA ag na haerlínte sin agus tá siad faoi réir cigireachtaí eitilte, cábáin, rampaí agus oiliúna a dhéanann cigirí oibríochtaí eitilte ar fud an Aontais Eorpaigh.

Tá an Rannán Oibríochtaí Eitilte (Neamhsceidealaithe) freagrach as deimhniú agus maoirseacht a dhéanamh ar oibreoirí aerinnealta, iompar aeir tráchtála le scairdeitleáin ghnó, earnáil éagsúil atá ag fás in Éirinn agus in 2025 tugadh an chéad deimhniú AOC d'oibreoir suntasach nua sa réimse sin. Tá freagrachtaí maoirseachta ag an Roinn freisin as na heagraíochtaí Oiliúna Píolótaí agus Foirne Cábáin agus as na heagraíochtaí oiliúna píolótaí Dearbhaithe níos lú agus náisiúnta, agus cuireann siad go léir go mór leis an earnáil oiliúna píolótaí in Éirinn.

Ba é deimhniú rialála agus maoirseacht ar an aistriú idir soláthraithe SAR agus soláthar maoirseachta sábháilteachta leanúnaí le linn oibríochtaí SAR gan bhriseadh ba mhó a bhain le gníomhaíocht na Rannóige Oibríochtaí Speisialaithe agus Eitlíochta an Gharda Cósta. Chomh maith leis sin, chinntigh an Rannóg go leanfaí le ceadanna a thabhairt do go leor oibreoirí eachtracha a dhéanann obair thábhachtach shuirbhéireachta ón aer d'eintitis Stáit. Críochnaíodh go rathúil an clár um Measúnú Sábháilteachta ar Aerárthaí Eachtracha (SAFA) atá á bhainistiú ag an Rannóg sin, lena n-áirítear clár cigireachta rampaí réamhchinntithe ag Aerfoirt na hÉireann le cigirí oibríochtaí eitilte agus aeracmhainneachta ag a raibh cáilíochtaí speisialta.

## Bonneagar Eitlíochta

Le linn 2025, rinne córas eitlíochta na hÉireann a bhealach trí bhliain a raibh gníomhaíocht bhonneagair fhairsing, ceanglais rialála atá ag athrú agus béim leanúnach ar shábháilteacht agus ar athléimneacht oibríochtúil mar chuid di. Mar gheall ar an éileamh atá ag méadú, mar aon le hoibreacha móra forbartha aerfoirt agus clár oibre rialála Eorpach gníomhach, bhí dhá mhí dhéag dhúshlánacha ach an-táirgiúil ann.

Choinnigh an Rannóg um Sheirbhísí Aerloingseoireachta (ANSD) maoirseacht leanúnach ar bun ar sheirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach agus críochfoirt ag gach aerfort Stáit, gach aerfort réigiúnach, agus gach aeradróm neamh-Stáit eile trí iniúchtaí spriocdhírithe, cigireachtaí agus athbhreithnithe oibríochtúla. Cuireadh fócas mór maoirseachta ar shaincheisteanna athléimneachta soláthair seirbhísí agus iontaofacht bonneagair CNS, go háirithe le linn bristeacha pleanáilte agus neamhphleanáilte a raibh maolú comhordaithe de dhíth ina leith. Lean creat maoirseachta riosca-bhunaithe na rannóige ag aibiú, agus cigirí ag díriú acmhainní chuig réimsí oibríochtúla ardriosca, ag cur teicnící faireachais feabhsaithe i bhfeidhm, agus ag nuashonrú próifílí riosca go leanúnach trí shonraí feidhmíochta sábháilteachta, athbhreithnithe téamacha agus gníomhaíochtaí sábháilteachta rúidbhealaigh/aerspáis. Baineadh amach garsprioc shuntasach in 2025 nuair a fuair ANSD an rátáil aibíochta is airde i gcigireacht chaighdeánaithe EASA ar ATM/ANS in Éirinn, lena dtugtar aitheantas do neart an chórais bainistíochta, an chreata inniúlachta struchtúrtha, agus na bpróiseas gníomhaíochta ceartaithí bunaithe ar fhianaise.

Bhí tionchar ag líon mór riachtanais shealadacha aerspáis le haghaidh mórimeachtaí agus oibríochtaí riachtanacha ar oibríochtaí aerspáis agus U-spáis na Rannóige Aerspáis agus U-spáis, rud a d'éiligh dlúth-chomhordú agus ceaduithe rialála tráthúla. Bhí an t-aistriú go dtí formáid nua dhigiteach Creasa Gheografaigh UAS ina mhór-uasghrádú náisiúnta, cé go raibh dúshláin chomhtháthaithe a raibh tacaíocht agus treoir bhreise ag teastáil ina leith le sárú ag oibreoirí. Bhí an ghníomhaíocht mhaoirseachta láidir i gcónaí, le hiniúchtaí spriocdhírithe, measúnuithe sábháilteachta agus forfheidhmiú leanúnach chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe. Rinneadh dul chun cinn ar fhorbairt rialála mar ullmhúchán do chreataí measúnaithe riosca Eorpacha nuashonraithe agus do sheirbhísí U-spáis amach anseo. Bhí an fheidhmíocht sábháilteachta fhoriomlán fós cobhsaí, tacaithe ag rannpháirtíocht ghníomhach le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta le linn na bliana.

Dhírigh obair Rannóg na nAeradróm (ADRD) in 2025 ar thionscadail mhóra uasghrádaithe aerpháirce agus ar mhaoirseacht leanúnach sábháilteachta ar fud líonra náisiúnta na n-aerfort. Bhí gá le pleanáil chomhordaithe le haghaidh athchóirithe bealaí innealta, forbairtí ar naprúin aerfoirt agus ullmhúcháin le haghaidh feabhsuithe ar rochtain ar rúidbhealaí amach anseo chun oibríochtaí sábháilte a choinneáil ar bun le linn tréimhsí laghdaithe acmhainne.
Bhí an fheidhmíocht sábháilteachta fós láidir, tacaithe ag cruinnithe sábháilteachta rialta, cleachtaí éigeandála agus monatóireacht ar ghuaiseacha fiadhúlra. Leanadh le gníomhaíocht chomhlíontachta le linn na bliana, lena n-áirítear ceadúnú, cigireachtaí agus maoirseacht ar oibríochtaí ar an talamh, agus roinnt forbairtí nua haingir á gcur chun cinn le rannpháirtíocht rialála. Chuir an rannóg ceanglais nua

Eorpacha chun feidhme freisin maidir le cibearshlándáil agus Inniúlacht sa Bhéarla agus sheol sí an comhairliúchán náisiúnta ar Chreat um Chosaint Eitlíochta amach anseo.

Maidir le hullmhacht oibríochtúil, ghlac an IAA páirt in VOLCEX25, cleachtadh mór freagartha Eorpach ar luaithreamhán bolcánach lenar tástáladh comhordú trasteorann agus lenar cinntíodh ullmhacht do chur isteach casta ar an aerspás. Bhí an cleachtadh sin ina chuid de ghealltanas níos leithne maidir le hathléimneacht an chórais eitlíochta a neartú i bhfianaise rioscaí atá ag teacht chun cinn agus an athraithe ar an gcomhshaol.

## Ceadúnú Pearsanra

Tá an Rannán Ceadúnaithe Pearsanra freagrach as ceadúnú foirne eitilte agus innealtóirí cothabhála aerárthaí, as riar na bpróiseas ceadúnaithe do phearsanra na Seirbhísí Aerthráchta (ATS), as bainistiú an chórais measúnaithe leighis do phearsanra foirne eitilte agus ATS, as scrúduithe eolais theoiriciúil a fhorbairt agus maoirseacht a dhéanamh orthu, agus as eagraíochtaí oiliúna cothabhála ainmnithe a cheadú.

Le linn 2025, laghdaigh líon na gceadúnas gníomhach foirne eitilte beagán, rud a léiríonn maolú ar phleananna fáis aerlínte. Tá sé tuartha go bhfásfaidh sé sin arís in 2026 agus na haerlínte ag ullmhú le haghaidh tuilleadh méaduithe ar aerloingis.

Ábhar imní ar leith is ea an laghdú leanúnach ar líon na gceadúnas innealtóireachta toisc go ndeachaigh níos mó daoine ar scor ná mar a tháinig innealtóirí nuacháilithe isteach. Mar fhreagra air sin, tá méadú suntasach tagtha ar earcaíocht oiliúnaithe innealtóirí a thosaigh in 2025 agus táthar ag súil go dtosóidh an treocht sin ag aisiompú mar gheall air, agus tionchar dearfach á réamh-mheas ó dheireadh 2027 nuair a thosóidh na daoine a chuaigh isteach san oiliúint in 2025 ag baint a gcáilíochtaí amach.







## Córais Aerárthach gan Foireann (UAS)






# 02 ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTAÍ (AR LEAN)

Tá an tionscal UAS, ar a dtugtar dróin de ghnáth, fós ag fás. Tá breis agus 9,000 oibreoir UAS ag an IAA, agus tá breis agus 23,000 deimhniú cianphíolóta eisithe aige.

D'fhoilsigh an Roinn Iompair an Creat Beartais Náisiúnta do Chórais Aerárthach gan Foireann (UAS) i mí Lúnasa, agus tá sé beartaithe go dtosófar an obair ar na míreanna gníomhaíochta in 2026. Sanntar roinnt tascanna don IAA faoin gcreat beartais agus cuirfear iad sin chun cinn i gcomhréir leis na hamlínte agus na hacmhainní a sholáthraíonn an Roinn.

In 2025, bhí an dara bliain den Chomhpháirtíocht Nuálaíochta Dróin le hOllscoil Mhá Nuad agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar siúl, tionscadal taighde chun imscrúdú a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfaí éiceachórais UAS a chur i bhfeidhm ar fud cathracha agus timpeallachtaí gnóthacha ar bhealach cothrom, inrochtana agus trédhearcach. Áirítear ar thionscadail chomhpháirtíochta:

- Staidéar ar ghníomhaíocht UAS ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath, ina ndéantar anailís ar phatrúin agus treochtaí spás-ama.
- Macasamhail dhigiteach a fhorbairt, ag sú isteach sonraí airde, déimeagrafacha, iompair, úsáide talún agus comhshaoil, agus
- Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara chun riachtanais úsáideoirí a thuiscint agus aghaidh a thabhairt ar phríomhábhair imní maidir le sábháilteacht, torann, príobháideacht agus tionchair núise.

Leanann an IAA ag cur le forbairt rialála ar an leibhéal Eorpach agus idirnáisiúnta araon, lena n-áirítear simpliú rialála, nuashonruithe AMC/GM, agus cúnamh a thabhairt le forbairt an Mheasúnaithe Riosca Oibríochtaí Sonracha nuashonraithe, a foilsíodh i mí Mheán Fómhair.

## Slándáil Eitlíochta

Áirítear leis an rialachán maidir le Slándáil Eitlíochta na ceaduithe a deonaíodh do níos mó ná 400 aerfort, aeriompróir agus eagraíocht slabhra soláthair slán atá freagrach faoin gClár Náisiúnta um Shlándáil Eitlíochta Sibhialta agus faoin rialachán Eorpach as bearta a chur i bhfeidhm lena gcinntítear slándáil an phobail taistil.

Nuair a bheidh siad ceadaithe, beidh gach eagraíocht faoi réir maoirseachta ar mhinicíocht riosca-bhunaithe agus rinneadh 355 cigireacht in 2025.

Deimhníonn an IAA pearsanra freisin a dhéanann scagadh ar dhaoine, bagáiste agus earraí a chuirtear ar bord aerárthaí agus isteach i limistéir shrianta slándála in aerfoirt. Tá teagascóirí slándála eitlíochta deimhnithe ag an IAA freisin. Déanann na daoine sin go léir scrúduithe lena léiriú go bhfuil inniúlacht leordhóthanach acu dá ról tábhachtach, agus caithfear an inniúlacht sin a choinneáil fad a bheidh an ról acu. In 2025, bhí 2,279 pearsanra deimhnithe ag an IAA sa réimse sin.

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, cuireann an fhoireann le tionscnaimh lena gcothaítear cur chuige comhchuibhithe, lena gcuirtear caighdeáin níos airde chun cinn maidir le brath le haghaidh trealamh slándála bunaithe ar thaighde eolaíoch agus nuálaíocht bunaithe ar shonraí, agus glacann siad páirt i ngníomhaíochtaí ceaptha rialacha agus forbartha acmhainne.

Ar an leibhéal náisiúnta, oibríonn an fhoireann go dlúth leis an Roinn Iompair agus tuairiscíonn siad go rialta don Roinn faoi chúrsaí a bhaineann lena sainchúram beartais.

Oibríonn an fhoireann leis an tionscal freisin chun treoir agus saineolas teicniúil a sholáthar maidir le hábhair imní faoi chomhlíonadh agus faoi chur chun feidhme. Tugtar tús áite d'aiseolas ó pháirtithe leasmhara agus i mbliana, threoraigh an fhoireann tionscnamh IAA chun aiseolas foirmiúil a iarraidh i ndiaidh gníomhaíochtaí maoirseachta, a chuirfear i bhfeidhm ar bhonn níos forleithne in 2026.

I measc na mbuaicphointí rialála bhí glacadh rialacháin nua maidir le tuairisciú teagmhas lena gcuirfear feabhas ar chomhroinnt faisnéise agus lena gcuirfear iarrachtaí chun cinn chun foghlaim ó thaithí, rialacháin nua maidir le cibearshlándáil laistigh de chreat náisiúnta atá ag athrú trína bhfuil maoirseacht ag rialtóirí earnála lena n-áirítear an IAA ar athléimneacht eintiteas criticiúil ina n-earnáil, agus clár nua oiliúna cigirí a forbraíodh agus a cuireadh chun feidhme.

## Athruithe Rialála

Le linn na bliana tuairiscithe, bhí an IAA páirteach i dtoscaireacht chomhpháirteach leis an Roinn Iompair a d'fhreastail ar Chomhthionól Ginearálta EESI chun tacú le forbairt an chláir oibre maidir le rialáil eitlíochta sibhialta domhanda thar an tréimhse 3 bliana atá amach romhainn. Leis an gclár oibre sin, treorófar obair Thascfhórsaí agus Ghrúpaí Oibre EESI, a fhaigheann tacaíocht ó shaineolaithe ón IAA lena chinntiú go gcoinneofar leasanna straitéiseacha na hÉireann ar bun i dtaca le hathruithe rialála domhanda ar an eitlíocht shibhialta. Bhí sé de phribhléid ag Éirinn cathaoirleacht a dhéanamh ar Choimisiún Teicniúil an Chomhthionóil Ghinearálta a dhírigh ar ghnéithe sábháilteachta agus forbartha acmhainne an chláir oibre fhoriomláin a fhorbairt.

Leanann an IAA ag obair le Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus le Coimisiún an Aontais Eorpaigh maidir le forbairt rialacháin nua agus feabhsaithe sábháilteachta eitlíochta an Aontais Eorpaigh. Déantar an obair sin faoi choimirce Choiste EASA in DG MOVE. Tá an Coiste sin ag obair ar réimse leathan forbairtí rialála, agus léiríonn go leor acu an t-athrú leanúnach atá á dhéanamh ag earnáil na heitlíochta i dtreo maoirseacht níos solúbtha, níos nua-aimseartha agus níos riosca-bhunaithe.

Tá roinnt rialacháin AE a glacadh roimhe seo ag druidim le dátaí a gcur chun feidhme anois, lena n-áirítear nuashonruithe lena chinntiú go gcuirfear oiliúint ar líon leordhóthanach rialtóirí aerthráchta, go dtabharfar maoiniú leordhóthanach do EASA, agus go ndéanfar coigeartuithe ar nósanna imeachta aeracmhainneachta chun tacú le léasú

eitlíochta. Tá sé mar aidhm leo le chéile creataí atá ann cheana a nuachóiriú agus rialacha níos sine nach léiríonn cúrsaí oibríochtúla reatha a chomhchuibhiú.

Dhírigh an obair is déanaí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh ar roinnt mórfhorbairtí rialála in oiliúint ar ionsamhlóirí, bainistíocht aerthráchta, oibríochtaí aeir agus rialacha tuirse. I measc na réimsí fócais breise tá obair luath ar chreat rialála le haghaidh tuairisciú slándála eitlíochta a bhaineann le dróin, nuashonruithe ar rialacha oibríochtaí aeir agus rialacha nua tuirse do sheirbhísí aeraileighis, aerinleadh, agus oibríochtaí aonphíolóta. Tá sé mar aidhm leis na bearta deireanacha sin creataí atá as dáta a nuachóiriú agus réaltachtaí oibríochtúla agus eolaíocht sábháilteachta atá ag teacht chun cinn á léiriú.

Tá an IAA ina bhall de thascfhórsa EASA maidir le simpliú Rialacha an Aontais Eorpach don eitlíocht freisin, a bhfuil sé mar aidhm leis gnó a dhéanamh san Eoraip ar bhealach níos éasca gan an príomhchuspóir maidir le sábháilteacht eitlíochta a chinntiú a chur i mbaol.

Ar an leibhéal náisiúnta, leanann an IAA, i gcomhar leis an Roinn Iompair, le reachtaíocht eitlíochta náisiúnta a athbhreithniú agus a fhorbairt chun na caighdeáin is airde sábháilteachta, slándála agus rialála eacnamaíche a chinntiú agus chun comhlíonadh ceanglais rialála idirnáisiúnta agus AE a chinntiú.

## Cearta agus Inrochtaineacht Aerphaisinéirí

### Cearta Aerphaisinéirí - Rialachán CE 261/2004

Is é IAA an Comhlacht Náisiúnta Forfheidhmithe do Rialachán CE 261/2004 ina leagtar amach cearta Aerphaisinéirí má chuirtear a n-eitilt ar ceal nó má chuirtear moill uirthi, má dhiúltaítear cead bordála dóibh nó má íosghrádaítear iad

Féadfaidh paisinéirí gearán a chur faoi bhráid an IAA a dhéanfaidh imscrúdú ar chásanna cealaithe eitiltí, moilleanna dhá uair an chloig ar a laghad agus cead bordála nó íosghrádaithe a dhiúltú do gach eitilt atá le himeacht ó aerfoirt na hÉireann agus d'eitiltí a thagann isteach in aerfoirt na hÉireann ó thíortha nach bhfuil san AE (má oibríonn iompróirí atá ceadúnaithe ag an AE iad). Déanann an IAA imscrúdú ar chásanna dá leithéid agus dearbhaíonn sé ar chloígh an aerlíne le Rialachán CE261/2004 nó an bhfuil gá le gníomhaíocht cheartaitheach lena chinntiú go bhfaighidh an paisinéir a t(h)eidlíochtaí dlíthiúla.

In 2025, thug an Fhoireann um Chearta Aerphaisinéirí comhairle do 4,243 duine ar an nguthán nó ar ríomhphost. Bhain na fiosruithe ba choitianta le conas gearáin a dhéanamh le haerlínte agus faisnéis faoi ghearáin a dhéanamh le Comhlachtaí Forfheidhmithe Náisiúnta eile an Aontais Eorpaigh i gcás ina n-imíonn an eitilt ó Bhallstát eile.

Láimhseáil an IAA 2,883 gearán in aghaidh aerlínte in 2025, áiríodh leis sin gearáin a tugadh anonn ó 2024 agus 2,112 gearán a cuireadh isteach in 2025. Bhí laghdú 5% ar an líon gearán a cuireadh isteach in 2025 i gcomparáid le leibhéil na ngearán in 2024.

**Tábla 1.1 - Cúiseanna le Rialachán CE261/2004 Gearáin paisinéirí chuig IAA**




Léirítear i dTábla 1.1 na príomhchúiseanna a bhfaigheann an IAA gearáin ó phaisinéirí.



# 02 ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTAÍ (AR LEAN)

Leagtar amach sa tábla thíos torthaí imscrúduithe an IAA a rinneadh in 2025.

**Tábla 1.2 - Rialachán CE261/2004 gearáin a láimhseáladh in 2025**

| Cineál Gearáin (% de na gearáin iomlána) | Líon na nGearán a Láimhseáladh | Líon na nIniúchtaí Críochnaithe | Líon na nGearán ar Seasadh Leo i bhfabhar an ghearánaigh | % de Ghearáin Seasadh leis | Líon na nGearán nár seasadh leo |
|---|---|---|---|---|---|
| Cealú (41%) | 1,194 | 995 | 629 | 63% | 366 |
| Moill Fhada (48%) | 1,397 | 1,197 | 487 | 41% | 710 |
| Paisinéirí Nár Ceadaíodh Dóibh Bordáil (9%) | 256 | 209 | 85 | 41% | 124 |
| Íosghrádú (1%) | 35 | 32 | 12 | 37.5% | 20 |
| Uasghrádú (0%) | 1 | 1 | 0 | 0% | 1 |
| **Iomlán** | **2,883** | **2,434** | **1,213** | | **1,221** |

I ndiaidh idirghabháil an IAA, deonaíodh €1,129,971 ar an iomlán, ina raibh €334,471 in aisíocaíochtaí agus €795,500 i gcúiteamh, ar phaisinéirí i leith na 1,213 gearán ar seasadh leo.

Níor seasadh le 1,221 gearán i bhfabhar na ngearánach. Ba é an phríomhchúis a bhí leis sin ná go raibh na haeriompróirí in ann a chruthú gur imthosca urghnácha ba chúis leis an gcur isteach agus, dá bhrí sin, bheidís díolmhaithe ó chúiteamh a íoc.

In 2025, fuair an IAA aighneacht maidir le gearáin i gcoinne 52 aerlíne i ndáil le Rialachán CE261/2004. Ba iad Aer Lingus (31% de na gearáin uile), Ryanair (28%), Emerald Airlines (7%), Turkish Airlines agus Qatar Airways (3% an ceann) ábhar formhór na ngearán a fuarthas. Bhain an 28% eile de na gearáin le 47 aerlíne eile.

Thionscain an IAA gníomh forfheidhmiúcháin foirmiúil i gcoinne trí aerlíne in 2025. D'eisigh an IAA 21 Ordú ar an iomlán, 10 cinn chuig Dan Air, aerlíne de chuid na Rómáine, 9 cinn chuig Flyone, aerlíne de chuid na Moldóive, agus 2 cheann chuig Smartlynx Airlines atá lonnaithe sa Laitvia, ag iarraidh go n-íocfaí cúiteamh agus aisíocaíochtaí le paisinéirí. Tá neamhchomhlíonadh Ordaithe ina chion faoin Acht um Rialáil Eitlíochta 2001. Faoi dheireadh 2025, ní raibh na hOrduithe i gcoinne Dan Air agus Flyone comhlíonta agus rinneadh iad a ionchúiseamh go rathúil ag tús 2026. Ní féidir aon ghníomh breise a dhéanamh maidir leis na hOrduithe i gcoinne Smartlynx Airlines ós rud é gur scoir an aerlíne d'oibriú i mí na Samhna 2025.

## Daoine ar Bheagluaineacht

Tá an IAA tiomanta do sheasamh le cearta paisinéirí a dteastaíonn cúnamh breise uathu agus iad ag taisteal ar eitleán. Léiríonn an IAA a thiomantas trí iarrachtaí réamhghníomhacha leanúnacha chun rochtain chomhionann, dínit agus cothroime a chinntiú do gach paisinéir.

In 2025, láimhseáil an IAA 48 gearán agus áirítear leis sin 7 ngearán a tugadh anonn ó 2024 agus 2023 agus 41 gearán nua a fuarthas in 2025. As líon iomlán na ngearán, baineann 35 ceann le haerlínte, baineann 11 cheann le haerfoirt agus baineann 2 cheann le gníomhaire taistil/tionscnóir turas. Chuir an IAA 37 gearán i gcrích le linn 2025, méadú 71% i gcomparáid le 2024.

Gearáin PRM a bhaineann le saincheisteanna amhail:

- damáiste do chathaoireacha rothaí paisinéirí;
- moilleanna ar chúnamh a fháil ag an aerfort,
- oiriúnacht na suíochán do shuíocháin PRM;
- cásanna nár cuireadh cúnamh réamhfhógartha ar fáil; agus
- Diúltú trealamh soghluaisteachta agus/nó áiseanna leighis a iompar gan aon fhoras/míniú leordhóthanach a thabhairt.

Déanann an IAA cigireachtaí bliantúla ar inrochtaineacht aerfort faoi Rialachán (CE) 1107/2006 chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na 6 aerfort tráchtála in Éirinn maidir le PRManna. Rinneadh cigireacht ar gach ceann de na sé aerfort in 2025.

## An Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta

Ar an 28 Meitheamh 2025, tháinig an Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta (EAA) i bhfeidhm ar fud an Aontais Eorpaigh, lenar tugadh isteach ceanglais inrochtaineachta chomhchuibhithe maidir le seirbhísí digiteacha agus córais tacaíochta. Mar údarás ainmnithe um chomhlíonadh na hÉireann maidir le hinrochtaineacht seirbhísí iompair aerphaisinéirí arna soláthar ag aerlínte, thug an IAA faoi ullmhúcháin chun tacú le cur chun feidhme agus maoirseacht éifeachtach a chinntiú. Le linn na bliana, d'oibrigh an IAA le haerlínte chomh maith le páirtithe leasmhara náisiúnta agus AE chun taisteal cuimsitheach a chur chun cinn. Ó mhí Meithimh 2025 i leith, tá ceithre ghearán faighte ag an IAA faoin Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta.

## Feidhmíocht agus Muirearú Aerloingseoireachta

In 2024, d'eisigh an IAA a chinneadh i leith Phlean Feidhmíochta RP4 le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta in Éirinn do 2025-2029. Tháinig an Plean Feidhmíochta nua i bhfeidhm go sealadach ar an 1 Eanáir 2025, go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach measúnú ar chomhsheasmhacht nó a mhalairt maidir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais. Leis an bPlean Feidhmíochta, bunaíodh spriocanna feidhmíochta nua le haghaidh AirNav Ireland, agus leagtar síos na Rátaí Aonaid nua a ghearrfar ar úsáideoirí aerspás na hÉireann, agus ar úsáideoirí sheirbhísí críochfoirt AirNav Ireland ag na trí aerfort stáit.

Agus aird á tabhairt ar thorthaí agus ar chomhairle an PRB, chuir an Coimisiún Eorpach dréacht-Phlean Feidhmíochta na hÉireann san áireamh i measc na gceann a measadh go raibh siad neamhréireach leis an sprioc Éifeachtúlachta Costais uile-Aontais. Dá bhrí sin, b'éigean don IAA dréacht-Phlean Feidhmíochta athbhreithnithe a chur isteach. Mar sin, rinne an IAA athbhreithniú ar a dhréachtphlean feidhmíochta tosaigh, agus sholáthair sé tuilleadh sonraí agus thug sé faoi thuilleadh comhairliúcháin i mí Iúil sular chuir sé dréachtphlean feidhmíochta nuashonraithe isteach i mí Lúnasa 2025. Ba é an príomhchoigeartú sa dréachtphlean feidhmíochta scéimeanna dreasachta a chur san áireamh lena gcinnteofar go mbeidh ar AirNav an líon méadaithe Rialtóirí agus Innealtóirí Aerthráchta gaolmhara a sholáthar d'fhonn an luach saothair gaolmhar a choinneáil. Táthar ag súil le cinneadh ón gCoimisiún Eorpach i ráithe 1 de 2026.

## Rialáil Eacnamaíoch Aerfort Bhaile Átha Cliath

In 2026, déanfaidh an IAA cinneadh nua chun an leibhéal uasta muirear aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a shocrú don tréimhse 2027-2031. I mí an Mhárta 2025, d'fhoilsigh an IAA a sceideal ama beartaithe do Chinneadh 2026 agus i mí Iúil 2025, d'fhoilsigh an IAA an páipéar saincheisteanna, inar leagadh béim ar na réimsí ríthábhachtacha a bhreithneofar sa tréimhse rialála atá le teacht agus inar leagadh amach na modheolaíochtaí atá beartaithe chun an leibhéal uasta muirear aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath thar an tréimhse a bhunú. Leis an bpáipéar sin, cuireadh tús le próiseas substaintiúil an IAA maidir le hoibriú le páirtithe leasmhara mar ullmhúchán don chinneadh atá le teacht. Tá sé beartaithe ag an IAA Dréacht-Chinneadh 2026 a fhoilsiú i mí an Mheithimh 2026, agus beidh tréimhse chomhairliúcháin dhá mhí ina diaidh sin. Foilseofar Cinneadh deiridh 2026 an IAA faoi dheireadh na bliana 2026.

Is é an IAA an tÚdarás Maoirseachta Neamhspleách (CII) in Éirinn freisin chun críocha Threoir 2009/12/CE maidir le Muirir Aerfoirt. Cuireadh tús i mí na Samhna 2025 le próiseas comhairliúcháin bliantúil Aerfort Bhaile Átha Cliath maidir leis na muirir aonair agus na scéimeanna dreasachta a thabharfar isteach i mí an Mhárta 2026, ag tabhairt deis d'úsáideoirí aerfoirt athbhreithniú a dhéanamh ar na muirir aerloingseoireachta atá beartaithe do 2026/27 agus tuairim a thabhairt maidir leo. I mí na Nollag 2025, d'fhoilsigh Aerfort Bhaile Átha Cliath a chinneadh deiridh maidir le muirir agus dreasachtaí aerloingseoireachta, tar éis babhta comhairliúcháin amháin. Ní bhfuair an IAA aon achomharc i leith an chinnidh sin.

## Cáilíocht Seirbhíse ag Aerfort Bhaile Átha Cliath 2025

Tuairiscíonn Aerfort Bhaile Átha Cliath a fheidhmíocht cáilíochta seirbhíse don IAA gach mí, faoi threoir 22 méadracht. Tá feabhas suntasach tagtha ar amanna scuaine slándála ó bhí 2023 ann, agus in 2025, ní raibh na hamanna scuaine slándála níos faide ná 30 nóiméad ar aon lá agus d'fhan siad faoi bhun 20 nóiméad 99% den am. Déanann an IAA monatóireacht freisin ar cháilíocht na seirbhíse ag Aerfort Bhaile Átha Cliath thar 15 mhéadracht éagsúla maidir le sástacht na bpaisinéirí, a thuairiscítear ar bhonn ráithiúil. In 2025, bhain Aerfort Bhaile Átha Cliath dhá thairseach bhreise ar a laghad amach i ngach ráithe den bhliain, ach bhí an fhaisnéis ar iompar poiblí maidir le heitiltí isteach faoi bhun na n-íoschaighdeán i ngach ráithe den bhliain.

## Sliotáin agus Acmhainn

Tá coinníollacha áirithe ag gabháil le ceadanna pleanála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath lena gcuirtear teorainn le 'acmhainn chomhcheangailte Chríochfort 2 mar aon le Críochfort 1' go 32 milliún paisinéir sa bhliain. Tagraímid do na coinníollacha sin i dteannta a chéile mar 'Choinníollacha 32mppa'.

D'fhoilsigh an IAA an Cinneadh Deiridh maidir le paraiméadair Shamhradh 2025 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2024, lena n-áirítear teorainn toillte suíocháin shéasúrach 25.2m chun leanúint de na coinníollacha sin a chur san áireamh. Thug Aer Lingus, Ryanair, agus Air Transport Association of America (A4A) dúshláin athbhreithnithe bhreithiúnaigh in aghaidh an chinnidh sin. I mí na Samhna 2024, deonaíodh bac ar an teorainn acmhainne suíochán le hordú cúirte maidir le hoibriú agus cur chun feidhme na bparaiméadar acmhainne suíochán PATM de 25.2 milliún suíochán. Coinneofar an bac i bhfeidhm go dtí go ndéanfar cinneadh maidir leis na hImeachtaí Athbhreithnithe Breithiúnaigh, nó go dtí go bhfaighfear ordú eile ón Ard-Chúirt.

D'fhoilsigh an IAA an Cinneadh maidir le Paraiméadair Chomhordaithe Gheimhreadh 2025 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i mí na Bealtaine 2025, agus paraiméadair Shamhradh 2026 i mí Dheireadh Fómhair 2025. Ní raibh aon pharaiméadar comhordaithe séasúrach maidir le huasteorainn suíochán san áireamh sna cinntí sin, i gcomhréir leis an ordú ón Ard-Chúirt. I gcomhréir leis an Rialachán maidir le Sliotáin, bhí sé mar aidhm leis na cinntí an acmhainn atá ar fáil a uasmhéadú faoi réir srianta ábhartha, agus béim ar leith ar rúidbhealaí, ar sheastáin, ar chríochfort paisinéirí, agus ar Réamh-Imréiteach SAM.

## Ceadúnú Aeriompróra

Ag deireadh na bliana 2025, bhí 16 aeriompróir atá lonnaithe in Éirinn ceadaithe ag an IAA (11 aeriompróir Catagóir A agus 5 aeriompróir Catagóir B). D'eisíomar Ceadúnas Oibriúcháin do dhá aeriompróir Éireannacha nua le linn 2025: ToExcel Ireland Limited T/A 2Excel agus Volare Acquisitions Limited T/A Flexjet International.

Le linn na bliana, rinneadh faireachán rialta ar gach sealbhóir ceadúnais chun a áirithiú go gcomhlíonfaí an reachtaíocht cheadúnaithe maidir le folláine airgeadais, cumhdach árachais agus úinéireacht agus rialú. Leanamar le dlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar staid airgeadais na n-aeriompróirí, trí shonraí airgeadais a chur isteach go minic agus trí rannpháirtíocht rialta.

# 02 ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTAÍ (AR LEAN)

Fuaireamar ceithre aighneacht le linn 2025 ó aeriompróirí Éireannacha a rinneadh faoi Airteagal 8 (5) den Rialachán Ceadúnaithe lena gceanglaítear go dtabharfaí fógra don IAA roimh ré faoi aon athruithe substaintiúla ar scála a ngníomhaíochtaí, roimh aon chumaisc/éadálacha atá beartaithe nó i gcás ina dtagann athrú ar úinéireacht agus ar rialú. Bhain dhá aighneacht le hathrú ar úinéireacht agus ar rialú agus bhain dhá aighneacht le hathrú ar scála na ngníomhaíochtaí arbh ghá don IAA measúnú a dhéanamh orthu.

## Ceaduithe Seirbhíse ar an Talamh

Ag deireadh na bliana 2025, bhí 10 bhféinláimhseálaí ceadaithe ann (is é sin, i gcás ina roghnaíonn aerlíne seirbhísí ar an talamh a sholáthar dó féin) agus 40 soláthraí ceadaithe seirbhísí ar an talamh nó láimhseálaí tríú páirtí (is é sin, cuideachta a bhíonn ag gabháil do sheirbhísí seirbhíse ar an talamh a sholáthar d'aerlíne nó do chuideachta thiomnaithe seirbhísí ar an talamh). Tá liosta iomlán ar fáil ar shuíomh gréasáin an IAA.

Le linn na bliana 2025, fuair an IAA dhá iarratas nua ar cheadú agus trí iarratas chun Ceaduithe atá i bhfeidhm cheana a leasú. Eisítear ceaduithe ar feadh tréimhse cúig bliana. Rinne an IAA athnuachan ar 17 gceadú (4 féinláimhseáil, 13 láimhseáil tríú páirtí) le linn 2025 i ndiaidh do na cuideachtaí ábhartha an próiseas athnuachana a chríochnú go rathúil.

Le linn na bliana, bhí gach Sealbhóir ceadaithe faoi réir faireachán rialta lena chinntiú go gcomhlíonfaí na Rialacháin ábhartha maidir le hoiriúnacht airgeadais agus cumhdach árachais go háirithe.




## Ceadúnú Trádála Taistil

Tá ról cosanta tomhaltóirí ag an IAA maidir le custaiméirí gníomhairí taistil, tionscnóirí turas agus eagraithe pacáistí taistil i gcás ina dtéann cuideachta as gnó (is é sin, ní féidir leis an soláthraí a oibleagáidí a chomhlíonadh a thuilleadh). Bainimid é sin amach trí ghníomhairí taistil agus tionscnóirí turas atá bunaithe in Éirinn a cheadúnú agus trí scéim cosanta dócmhainneachta a riar, lena n-áirítear Ciste Cosanta na dTaistealaithe. Próiseálaimid éilimh ó chustaiméirí i gcás teip ghnó.

Foilsítear liosta iomlán de ghníomhairí taistil agus de thionscnóirí turas ceadúnaithe/nasctha, lena n-áirítear iad siúd a chuir cumhdach Cosanta Dócmhainneachta ar fáil, ar shuíomh gréasáin IAA chun cabhrú le tomhaltóirí gnólachtaí a chuireann cosaint den sórt sin ar fáil a shainaithint.

In 2025, d'eisigh an IAA 161 ceadúnas. In 2025, scoir Oomi Travel Limited, eagraí turas láneagraithe, de thrádáil agus tá nós imeachta éileamh á oibriú ag an IAA dá chustaiméirí faoina scéim cosanta tomhaltóirí. In 2025, rinne an IAA iniúchadh ar 16 ghearán a bhain le trádáil a d'fhéadfadh a bheith neamhcheadúnaithe

| | 2025 (€m) | | 2024 (€m) | |
|---|---|---|---|---|
| Eintitis Cheadúnaithe | Banna | Aonad Incheadúnaithe Láimhdeachas | Banna | Aonad Incheadúnaithe Láimhdeachas |
| Gníomhaire Taistil | 40 | 992 | 39 | 963 |
| Tionscnóir Turas | 7 | 73 | 8 | 78 |
| **Iomláin** | **47** | **1,065** | **47** | **1,041** |

## Inbhuanaitheacht Eitlíochta

In 2025, neartaigh an IAA a fhócas straitéiseach agus rialála ar fheidhmíocht chomhshaoil. Forbairt thábhachtach ba ea rannóg thiomnaithe nua le haghaidh Inbhuanaitheacht Eitlíochta a bhunú, rud a chuir ról leathnaithe an IAA i maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht chomhshaoil na hearnála ar bhonn foirmiúil. Comhdhlúthaíonn an rannóg nua sin saineolas i réimse na rialála comhshaoil, na hullmhachta beartas agus na rannpháirtíochta tionscail, rud a chinntíonn go mbeidh an IAA ábalta freastal ar ionchais chomhshaoil náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta atá ag forbairt.

Rinneadh obair ullmhúcháin shuntasach in 2025 don rialachán ReFuelAE, lena sainordaítear go nglacfar meascáin de bhreoslaí eitlíochta inbhuanaithe de réir a chéile ar fud an líonra Eorpaigh. Le linn na bliana, chomhordaigh an IAA le páirtithe leasmhara náisiúnta, lena n-áirítear an Roinn Iompair, an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, chomh maith le EASA agus an Coimisiún Eorpach, chun ullmhú le haghaidh chur chun feidhme iomlán an rialacháin in 2026.

Chuir an IAA tús freisin le hullmhúcháin don rialachán maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil (CER) (lena n-áirítear athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide) agus ghlac sé páirt i ngrúpa oibre Eorpach um oiriúnú don athrú aeráide san eitlíocht a dhíríonn ar chomhordú agus ar chomhoibriú chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fhorbairt.

Faoina fhreagrachtaí laistigh den rialachán maidir le hAerspás Eorpach Aonair, mhéadaigh an IAA a mhaoirseacht comhshaoil ar AirNav Ireland, agus an dúshlán atá roimhe maidir lena spriocanna comhshaoil a bhaint amach idir 2025 agus 2030 á thabhairt faoi deara.

## Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

Le linn 2025, d'oibrigh an IAA le Páirtithe Leasmhara ar bhealaí éagsúla lena n-áirítear:

- Bunaíodh Fóram Páirtithe Leasmhara Eitlíochta in 2023 agus áirítear leis ionadaithe ó gach earnáil sábháilteachta san eitlíocht, lena n-áirítear comhlachtaí poiblí, ceardchumainn, tionscal na heitlíochta, eitlíocht phríobháideach agus eitlíocht mhíleata. Thionóil an Fóram dhá chruinniú i mí an Mhárta agus i mí Dheireadh Fómhair 2025 agus tá na tuarascálacha ar na cruinnithe sin foilsithe i rannán tiomnaithe de shuíomh gréasáin an IAA. Féach https://www.iaa.ie/about-us/aviation-stakeholder-forum
- Thionólamar cruinnithe athbhreithnithe bliantúla maidir le cúrsaí sábháilteachta, slándála agus comhshaoil leis na príomhoibreoirí aerárthaí, aerfoirt, soláthraithe ATM/ANS agus eagraíochtaí cothabhála sa chéad leath de 2025.
- Reáchtálamar an Fóram Náisiúnta Sábháilteachta Rúidbhealaigh chun na Foirne Áitiúla Sábháilteachta Rúidbhealaigh atá i bhfeidhm in Éirinn a thabhairt le chéile chun eispéiris a roinnt maidir le maoluithe riosca sábháilteachta agus tionóladh cruinniú iomlánach i mí Dheireadh Fómhair 2025.
- Reáchtálamar ceardlanna agus fóraim chomhairliúchán maidir le sábháilteacht/seasamh rialála san earnáil i ngach réimse, lena n-áirítear oibríochtaí eitilte, sábháilteacht cábáin, oibríochtaí ar an talamh, aeracmhainneacht, ATM/ANS, UAS, Aeradróim agus slándáil eitlíochta. Is é an phríomhaidhm atá leis na ceardlanna sin oibriú le heagraíochtaí in earnáil áirithe chun nuashonrú a thabhairt ar rialachán nua, athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhcheisteanna sábháilteachta agus plé a dhéanamh ar aon deacracht a bhaineann leis an gcreat rialála earnáilsonrach a chur chun feidhme.
- Soláthraímid fóram tiomnaithe freisin atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar iompar ainrianta paisinéirí. Chun tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar: https://www.iaa.ie/safety/unruly-passenger-behaviour.
- Cuirimid maoiniú ar fáil do Chomhairle um Shábháilteacht Eitlíochta Ghinearálta na hÉireann (GASCI) agus tacaímid léi. Tháinig siad le chéile ceithre huaire le linn 2025 chun athbhreithniú a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le sábháilteacht san eitlíocht ghinearálta agus chun aird a tharraingt ar an ábhar is déanaí maidir le cur chun cinn sábháilteachta do phíolótaí príobháideacha trí ardáin meán sóisialta GASCI (www.gasci.ie). Tionóladh tráthnóna sábháilteachta GASCI don phobal i mí na Samhna 2025.
- Thugamar faoi líon comhairliúchán ar líne le páirtithe leasmhara a bhain le Ráiteas Straitéise an IAA, rialáil eacnamaíoch, sliotáin agus acmhainn aerfort, plean feidhmíochta do ANS (RP4), creat cosanta aeradróm agus cinn eile. Is féidir sonraí na gcomhairliúchán sin a fháil ag https://www.iaa.ie/about-us/stakeholder-consultation

## Ár mBaill Foirne agus Eagraíocht

In 2025, lean an IAA leis an tacaíocht a chuirtear ar fáil dá dhaoine, don eagraíocht agus dá ghrúpaí páirtithe leasmhara i gcoitinne a neartú, agus béim leanúnach á leagan ar fhorbairt agus ar fheabhsú leanúnach. Choinnigh an IAA rannpháirtíocht rialta, struchtúrtha ar bun le páirtithe leasmhara inmheánacha trí choistí, grúpaí oibre, grúpaí fócais, suirbhéanna agus tuarascálacha, rud a chinntigh go raibh na tionscnaimh ar fad ar an eolas, comhoibríoch agus go raibh siad ag teacht le riachtanais na heagraíochta.

Le linn 2025, sholáthair an roinn Acmhainní Daonna réimse leathan tosaíochtaí oibríochtúla agus straitéiseacha. Is iad seo a leanas na buaicphointí don bhliain 2025:

### Earcaíocht

In 2025, tháinig méadú 22 fostaí ar líon na bhfostaithe atá ceadaithe ag an IAA chun freastal ar róil agus oibleagáidí rialála nua. Tacaíodh le cur chun feidhme an ardaithe sin trí ghníomhaíocht earcaíochta chomhsheasmhach le linn na bliana agus bhí sé ag teacht le cuspóirí pleanála straitéisí lucht saothair an IAA.

### Bainistíocht Pinsin

Tá príomhphlean pinsin le sochar sainithe an IAA, nach bhfuil ag glacadh le hiontrálaithe nua anois, fós ag dí-rioscú ar aon dul lena thogra maoinithe reatha a bheidh i bhfeidhm go dtí deireadh na bliana 2026. Tá plean pinsin Air Nav Ireland freagrach as seirbhísí a bhí á mbainistiú ag gach fostaí an IAA roimh an gcumasc/scaradh, agus tá an IAA freagrach as gach dliteanas seirbhíse amach anseo sna céimeanna uile atá faoina shainchúram, lena n-áirítear na cinn a bhain le scéim an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta atá díscaoilte anois.

Deonaíodh ceadú ón Aire chun scéim pinsin le Ranníocaíocht Shainithe (RS) a thabhairt isteach agus chun an plean pinsin hibrideach a dhúnadh le haghaidh iontrálaithe nua a tháinig i bhfeidhm ón 25 Meitheamh 2025. Go dtí an dáta sin, chuaigh gach fostaí nua de chuid an IAA isteach sa phlean pinsin hibrideach, a raibh gnéithe sochar sainithe agus ranníocaíochta sainithe araon ann. I ndiaidh cheadú agus bhunú na scéime ar an 25 Meitheamh 2025, tá gach fostaí nua téite isteach sa Scéim le Ranníocaíocht Shainithe ó shin.

Tar éis athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar an bplean pinsin hibrideach, cheadaigh an tAire méadú 3% ar phinsin in íocaíocht in 2025.

Rinne an IAA na gníomhaíochtaí ullmhúcháin riachtanacha go léir i gcomhréir leis an reachtaíocht um Uathchlárú sular tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2026.

### Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde

Leanfaimid le cleachtais shábháilte sláinte ceirde a athbhreithniú agus a chur chun cinn mar dhualgas cúraim dár ndaoine agus cinntímid go gcomhlíontar iad i gcomhréir le comhairle sláinte poiblí agus go gcloítear le beartas an Rialtais. Tagann ár bhfóram páirtithe leasmhara de chuid an Choiste Sláinte agus Sábháilteachta le chéile go rialta chun plé a dhéanamh ar fheabhsuithe agus ar dheiseanna oiliúna chun timpeallacht oibre shábháilte a chur chun cinn.

# 02 ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTAÍ (AR LEAN)

### Folláine

Leanadh lenár gClár Folláine d'Fhostaithe le linn 2025 agus reáchtáladh imeachtaí i réimse téamaí tábhachtacha lena n-áirítear Lá Idirnáisiúnta na mBan, Bród, Movember, agus Feasacht ar Ailse Cíche. Bhí ár dtairiscint folláine digití laethúil ar fáil do gach ball foirne, agus ranganna stiúideo ar líne, seimineáir agus acmhainní folláine á soláthar. Ina theannta sin, thugamar isteach tionscnaimh a dhírítear ar bhainisteoirí agus ar fhostaithe chun tacú le míostrú agus meanapás san ionad oibre.

Bunaíodh ár gCoiste um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú agus chríochnaigh an oiliúint lena mbaineann. In 2026, díreofar an obair ar athbhreithniú beartais agus ar oiliúint agus tionscnaimh ar fud na heagraíochta. Ar an dul céanna, thuairiscigh an IAA dáileadh inscne meánach de 33.5%, laghdú 4.5% i gcomparáid le 2024. Táimid tiomanta i gcónaí do thrédhearcacht in ionadaíocht na n-inscní agus d'ionad oibre a chruthú atá bunaithe ar éagsúlacht, ar chothroime agus ar chuimsiú. Tá tuilleadh sonraí ar fáil sa tuarascáil iomlán ar shuíomh gréasáin an IAA.

Leanfaimid le tionscnaimh folláine a chur chun cinn lena n-ullmhaítear fostaithe leis na tacaíochtaí riachtanacha chun folláine phearsanta agus eagraíochtúil a fheabhsú agus chun cur lenár gcuspóirí straitéiseacha.

### An Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí

Tá gealltanas tugtha ag an IAA go gcomhlíonfaidh sé príomhcheanglais Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) le haghaidh comhlachtaí poiblí. Mar eagraíocht, déanann an IAA a dhícheall a chinntiú go gcuirfear cearta an duine agus comhionannas san áireamh agus beartais, nósanna imeachta agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara an IAA á bhforbairt.

### Foghlaim agus Forbairt

In 2025, chuir an IAA feabhsuithe ar a ardán digiteach oiliúna. Bhain an IAA spriocanna indéanta amach in 2025 chun an creat oiliúna agus na nósanna imeachta faoi seach a nuashonrú agus cúrsaí oiliúna feabhsaithe le haghaidh oiliúint inmheánach/sheachtrach ar líne a fhorbairt. Leanfar leis an ardán cuimsitheach foghlama agus forbartha a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach ar fud na heagraíochta i gcoitinne in 2026.

Cuireadh feabhsuithe digiteacha agus straitéiseacha ar phróiseas bainistíochta feidhmíochta agus forbartha reatha an IAA in 2025 chun gabháil faisnéise a chuíchóiriú, éifeachtúlachtaí a chruthú, agus trédhearcacht agus soiléireacht a chur chun cinn. Leanfar le hobair ar thionscadail in 2026 ar phróiseas lándigitithe lena soláthar in 2027 ag baint úsáid as bealaí aiseolais ó pháirtithe leasmhara inmheánacha.

## Áiseanna agus an Timpeallacht

### Áiseanna

Cuireadh tús le hoibreacha uasghrádaithe suntasacha faoi stiúir tiarnaí talún ag Foirgneamh The Times i mí Dheireadh Fómhair 2025, rud a léiríonn céim mhór maidir le feabhas a chur ar éifeachtúlacht oibríochtúil agus ar fheidhmíocht chomhshaoil cheanncheathrú an IAA. Cuimsítear sa chlár feabhsuithe cuimsitheacha ar chórais soilsithe agus HVAC, suiteáil grianphainéal fótavoltacha, agus aonaid atá tíosach ar fhuinneamh ag a bhfuil rátáil A a chur in ionad ardaitheoirí, agus leo sin le chéile bhíothas ábalta RFF B2 réamh-mheasta a bhaint amach don fhoirgneamh agus laghduithe fiúntacha a dhéanamh ar ídiú fuinnimh agus ar astaíochtaí carbóin. I ndiaidh an chláir uasghrádaithe, déanfar athchumrú struchtúrtha ar an gcóiríocht oifige chun úsáid spáis a bharrfheabhsú agus an ionad oibre a ailíniú le riachtanais oibríochtúla atá ag athrú i gcónaí.

### An Timpeallacht

Lean an IAA lena ghealltanais maidir le gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn le linn 2025, tacaithe ag a gcomhpháirtíocht straitéiseach le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) agus comhlíonadh iomlán maidir le hoibleagáidí tuairiscithe uile na hearnála poiblí. Tá comhtháthú phrionsabail an tsoláthair ghlais fós ina phríomhfhócas, agus tá tionscnaimh á gcur chun cinn ag na foirne Áiseanna agus an Timpeallacht agus Soláthair le chéile amhail tús áite a thabhairt d'athúsáid agus d'athchúrsáil troscáin, aistriú chuig páipéar athchúrsáilte, táirgí sláinteachais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a thabhairt isteach, agus fáil réidh le hábhair aon úsáide sna seirbhísí lónadóireachta ar fad. Chun rialachas eagraíochtúil a neartú tuilleadh sa réimse sin, bunaíodh Foireann Ghlas go foirmiúil lena ngabhann téarmaí tagartha atá faofa ag an mBord. Beidh ról lárnach ag an ngrúpa sin i gcomhordú tionscnamh inbhuanaitheachta, i gcleachtais atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn, agus i dtacaíocht a thabhairt do chuspóirí dícharbónaithe níos leithne an IAA a bhaint amach.

## IAA Idirnáisiúnta

Tá IAA Idirnáisiúnta, rannán de chuid an IAA, tiomanta don cheathrú colún de Chlár Sábháilteachta Stáit, is é sin, Cur Chun Cinn na Sábháilteachta. Cuireann sé na caighdeáin is airde chun cinn i sábháilteacht eitlíochta, i slándáil, i mbainistíocht riosca agus i gcomhlíonadh rialála. Agus breis agus 30 bliain de shaineolas agus eolas teicniúil bailithe ag an IAA, bhunaigh sé é féin mar sholáthraí iontaofa oiliúna eitlíochta, comhairleachta agus seirbhísí comhpháirtíochta idirnáisiúnta. Tacaímid le húdaráis eitlíochta náisiúnta, le gníomhaireachtaí eitlíochta idirnáisiúnta, agus le heagraíochtaí tionscail chun comhlíonadh sábháilteachta a bhaint amach, maoirseacht rialála a neartú, agus barr feabhais oibríochtúil inbhuanaithe a fhorbairt. Cuireann ár bhfoireann sainseirbhísí comhairleacha agus iniúchóireachta ar fáil freisin chun cuidiú le Stáit Cláir Sábháilteachta Stáit éifeachtacha a chur chun feidhme.

Áirítear lenár dtairiscint oiliúna eitlíochta cúrsaí ardchaighdeáin i réimsí na sábháilteachta, na slándála agus an dlí. Soláthraítear cláir an IAA ar líne, trí ríomhfhoghlaim, ionchuideachta, nó sa seomra ranga, agus clúdaítear iontu réimsí amhail dlí na heitlíochta, bainistíocht na slándála eitlíochta, monatóireacht agus iniúchadh ar chomhlíonadh, cibearshlándáil, bainistíocht sábháilteachta, anailís ar bhunchúiseanna, tuairisciú ar theagmhais sábháilteachta, agus oibríochtaí UAS.

Cuireann IAA Idirnáisiúnta seirbhísí comhairliúcháin ar fáil ar fud an domhain chomh maith, ag tacú le cliaint maidir le sábháilteacht, slándáil, bainistíocht riosca agus maoirseacht rialála trí rochtain ar shaineolaithe teicniúla speisialaithe.

Trí chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta an IAA, comhoibríonn an IAA ar fud raon leathan réimsí, lena n-áirítear tacaíocht rialála, comhaontuithe Airteagal 83 bis EESI, bainistíocht aerthráchta, eagraíochtaí oiliúna, aeracmhainneacht, eagraíochtaí deartha agus táirgthe, feistí oiliúna ionsamhlúcháin eitilte, eitleáin mhóra, agus córais aerárthach gan foireann.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla

Tá an IAA tiomanta dá oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 a chomhlíonadh, lena gceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí príomhsheirbhísí, príomhfhoilseacháin agus príomhtheachtaireachtaí a sholáthar i nGaeilge nó go dátheangach. I gcomhréir leis na ceanglais reachtúla sin, leanann an IAA le bearta inmheánacha a chur chun feidhme chun comhlíonadh a chinntiú maidir le foilseacháin, seirbhísí do chustaiméirí agus cumarsáid chorparáideach uile an IAA.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne an IAA an méid seo a leanas:

- D'fhoilsigh sé tuarascálacha reachtúla i bhformáid dhátheangach, lena n-áirítear an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais.
- Chinntigh sé go raibh gach príomhdhoiciméad poiblí — amhail ráitis bheartais, doiciméid straitéise, agus foilseacháin rialála — ag cloí le caighdeáin maidir le foilseacháin dhátheangacha.
- Lean sé le feabhas a chur ar próisis dearbhaithe cáilíochta maidir le haistriúchán agus profáil chun cloí le cruinneas teanga.
- D'fhreagair sé fiosruithe trí sheirbhísí aistriúcháin gairmiúla.
- Lean sé le nuashonruithe céimnithe dátheangacha i rannóga an tsuímh ghréasáin.
- Leithdháil sé fógraíocht i nGaeilge i gcomhréir le hoibleagáidí reachtúla.
- Rinne sé pleanáil le haghaidh forbairt cumais amach anseo i gcomhréir le ceanglais maidir le pleanáil lucht saothair faoi chaighdeáin náisiúnta seirbhíse Gaeilge.



# 03 ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS



03

# ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS

## D’éirigh go maith le IAA in 2025. Bhí an brabús don bhliain airgeadais i ndiaidh cánachais cothrom le €6.1 milliún (2024: €1.9 milliún) ar láimhdeachas de €46 milliún (2024: €37 milliún).

Mhéadaigh an láimhdeachas ó €37 milliún go €46 milliún. Mhéadaigh costais oibriúcháin ó €38 milliún go €41 milliún mar gheall den chuid ba mhó ar chostais mhéadaithe phá agus phinsin nua do bhaill foirne bhreise a earcaíodh chun aghaidh a thabhairt ar fheidhmeanna breise agus feabhsuithe riachtanacha i soláthar seirbhísí. Ghlac sé níos faide ná mar a bhí beartaithe an earcaíocht a chur chun feidhme le linn na bliana agus is é sin an phríomhchúis go raibh na costais ní b’ísle ná mar a bhí beartaithe. Chomh maith leis sin, bhí níos lú caiteachais ag an eagraíocht ná mar a bhí beartaithe le linn na bliana go ginearálta. Tá an IAA ag obair chun a bhonn costais éifeachtúil a bhunú i ndiaidh a atheagraithe in 2023.

Mhéadaigh glansócmhainní na cuideachta ó €62.3 milliún go €71.3 milliún sa bhliain. Seo a leanas príomh-bhuaicphointí airgeadais agus oibriúcháin na cuideachta:

### Brabúsacht agus Clár Comhardaithe

| | 2025 ‘m | 2024 ‘m |
|---|---|---|
| Láimhdeachas | 45.6 | 37.4 |
| Brabús/(caillteanas) oibriúcháin | 4 | (1) |
| Brabús roimh cháin | 7.1 | 2.6 |
| Brabús i ndiaidh cánach | 6.1 | 1.9 |
| Airgead tirim agus taiscí | 65.1 | 60.2 |
| Glansócmhainní | 71.3 | 62.3 |

### Brabúsacht

Ba é €4 mhilliún an Brabús Oibriúcháin roimh cháin don bhliain 2025 i gcomparáid le Caillteanas Oibriúcháin €1 mhilliún in 2024.

Bhí an brabús i ndiaidh cánach cothrom le €6.1 milliún i gcomparáid le €1.9 milliún in 2024.

### Pinsean

Thaifead an chuideachta sócmhainn pinsin de €1.4 milliún amhail an 31 Nollaig 2025, i gcomparáid le €0.4 milliún amhail an 31 Nollaig 2024. Thaifead sí dliteanas pinsin €0.4 milliún amhail an 31 Nollaig 2025. Is feabhas suntasach é sin ón mbliain 2024 nuair a thaifead an chuideachta dliteanas pinsin dar luach €3.06 milliún. Laghdaigh na dliteanais phinsin le linn na bliana, arbh é is cúis leis sin go príomha méadú ar an ráta lascaine a úsáidtear chun luach na ndliteanas a luacháil, rud a laghdaigh na dliteanais chomhlána go mór.

### Saoráidí Airgid agus Saoráidí Bainc

Bhí cúlchistí airgid dar luach €92.1 milliún ag an gcuideachta ag deireadh na bliana (€85.1 milliún ag deireadh 2023.) Áirítear leis sin €27 milliún d’airgead tirim srianta atá ina seilbh le haghaidh bannaí gníomhaireachta taistil agus tionscnóirí turas agus cuntas reatha an Chiste um Chosaint Taistealaithe.

Tháinig méadú ar an airgead tirim srianta sin le linn na bliana ó €24.9 milliún ag deireadh 2024. Tá sé sin mar gheall ar leibhéil mhéadaithe bannaí mar thoradh ar níos mó gnó gníomhairí taistil/tionscnóirí turas le linn na bliana.

# 04 TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

**Uimhir chláraithe: 211082**



04

# CLÁR ÁBHAIR

| | |
|---|---|
| Stiúrthóirí agus faisnéis eile | 30 |
| Ráiteas rialachais agus tuarascáil na stiúrthóirí | 31 |
| Ráiteas faoin rialú inmheánach | 38 |
| Ráiteas ar fhreagrachtaí stiúrthóirí maidir le tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais | 40 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 41 |
| Ráiteas brabúis agus caillteanais | 43 |
| Ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile | 44 |
| Ráiteas ar staid an airgeadais | 45 |
| Ráiteas ar athruithe ar chaipiteal gnáthscaireanna | 46 |
| Ráiteas sreabhaidh airgid | 47 |
| Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais | 48 |

# STIÚRTHÓIRÍ AGUS FAISNÉIS EILE

| | |
|---|---|
| **Stiúrthóirí** | Rose Hynes (Cathaoirleach)<br>Declan Fitzpatrick (Príomhfheidhmeannach)<br>Gerry Lumsden<br>Joan McGrath<br>Dermot Griffin<br>Patrick Knight<br>Ann McGarry<br>Nóirín O'Sullivan<br>Colum Hanifan |
| **Rúnaí** | David Hodnett |
| **Oifig chláraithe** | Foirgneamh 'The Times'<br>11-12 Sráid D'Olier<br>Baile Átha Cliath 2, D02 T449<br>T: 353 1 603 1100<br>F: 353 1 679 2934<br>www.iaa.ie |
| **Iniúchóir** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>An Port Thuaidh<br>Baile Átha Cliath<br>D01 PF72 |
| **Baincéirí** | Banc-Aontas Éireann, cpt.<br>BNP Paribas<br>Banc na hÉireann<br>Danske Bank<br>Barclays Bank |
| **Uimhir chláraithe** | 211082 |

# RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

## Réamhrá

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil ar fáil i dteannta le ráitis airgeadais iniúchta Údarás Eitlíochta na hÉireann ("an IAA", "an Chuideachta") don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025.

## Príomhghníomhaíochtaí

Is cuideachta leathstáit thráchtála é IAA (Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe) agus rialtóir eitlíochta sibhialta aonair na hÉireann, atá ag feidhmiú faoi Acht na gCuideachtaí (2014) agus faoin Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann 1993. Tá fostaithe na Cuideachta lonnaithe i bPoblacht na hÉireann. Níl aon bhrainse ag an gCuideachta i dtíortha eile.

## Forléargas gnó

Tá IAA freagrach as leasanna sábháilteachta, slándála agus tomhaltóirí a rialáil san earnáil eitlíochta in Éirinn. Tá eolas maidir le freagrachtaí na Cuideachta le fáil sa chreat de reachtaíocht/rialachán domhanda, Eorpach agus náisiúnta infheidhme.

Tá an méid seo a leanas san áireamh i bhfeidhmeanna rialála IAA:

- Rialáil Praghsanna Aerfort Bhaile Átha Cliath agus AirNav Ireland
- Aerárthaí a chlárú agus aeracmhainneacht aerárthaí a dheimhniú agus maoirseacht a dhéanamh orthu
- Pearsanra agus eagraíochtaí deimhniúcháin a bhfuil baint acu le cothabháil aerárthaí a cheadúnú
- Píolótaí, rialtóirí aerthráchta agus aeradróim a cheadúnú
- Caighdeáin oibriúcháin aeriompróirí a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Oibreoirí dróin a chlárú agus oibríochtaí córais aerárthaí gan foireann a dheimhniú
- Acmhainní a shocrú agus amanna a leithdháileadh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath
- An gnó taistil in Éirinn a cheadúnú
- Aerlínte a dheimhniú agus soláthraithe seirbhísí ar an talamh a fhormheas
- Monatóireacht agus rialáil ar Chearta Aerphaisinéirí agus cúnamh a sholáthar do Phaisinéirí ar Bheagluaineacht agus an tAcht Inrochtaineachta
- Maoirseacht a dhéanamh ar shlándáil na heitlíochta sibhialta
- Maoirseacht ar cheanglais Slándála Faisnéise i dtionscal na heitlíochta
- Maoirseacht ar shainorduithe ReFuel AE a bhaineann le haerlínte agus aeradróim

Cuireann IAA a chuid oibre i gcrích de réir na gcaighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta is airde atá socraithe ag:

- An Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI);
- An Chomhdháil Eorpach um Eitlíocht Shibhialta (ECAC);
- An tAontas Eorpach (AE); agus.
- Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (EASA).

Treoraítear an IAA leo sin lena chinntiú go bhfuil earnáil eitlíocht shibhialta na hÉireann ag feidhmiú de réir na gcaighdeán rialála.

Is é an misean atá againn an earnáil eitlíochta a rialú de réir na gcaighdeán gairmiúil is airde chun timpeallacht eitlíochta atá sábháilte, slán agus dírithe ar chustaiméirí a chinntiú. Trí rialachán, éascaímid feidhmíocht agus nuálaíocht den chéad scoth san earnáil eitlíochta sibhialta in Éirinn agus thar lear agus tacaímid leo.

Gintear ioncam IAA trí mhuirir agus táillí a fhaightear ó eintitis rialáilte agus úsáideoirí a sheirbhísí.

Tá IAA tiomanta – ar bhonn tráchtála fónta – do sheirbhísí rialála sábháilte, éifeachtúla agus costéifeachtúla a chur ar fáil a chomhlíonann a oibleagáidí reachtúla. Tá an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Alt 327 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 – athbhreithniú ar ghnó na Cuideachta – le fáil i Ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh.

## Rioscaí agus éiginnteachtaí

Tá misean an IAA, is é sin rialáil a dhéanamh de réir na gcaighdeán gairmiúil is airde chun timpeallacht eitlíochta shábháilte, shlán agus dírithe ar an tomhaltóir a chinntiú agus chun tacú le feidhmíocht agus nuálaíocht den chéad scoth in eitlíocht na hÉireann agus ar fud an domhain, bunaithe ar shé phríomhchuspóir straitéiseacha. Is iad sin feabhas a chur ar fheidhmíocht rialála i sábháilteacht agus i slándáil, feabhas a chur ar fheidhmíocht rialála i rialáil eacnamaíoch agus tráchtála agus i gcosaint tomhaltóirí, inbhuanaitheacht a chur chun cinn, tacú le páirtithe leasmhara, tacú le nuálaíocht agus fás agus cumas eagraíochtúil a fhorbairt – rud a spreagann a ghníomhaíochtaí ina fheidhmíocht laethúil. Cuimsítear sna príomhrioscaí agus éiginnteachtaí ar dócha go mbeidh an tionchar poitéinsiúil is suntasaí acu ar IAA:

- teip maoirseachta rialála is cúis le timpiste thromchúiseach san aer nó ar an talamh;
- coinníollacha díobhálacha eacnamaíocha agus geopholaitiúla a bhfuil tionchar acu ar ghnó IAA lena n-áirítear srianta taistil ar réigiúin gheografacha; agus
- slándáil bhaill foirne agus shócmhainní IAA, lena n-áirítear córais IAA a chosaint ó ionsaithe cibearshlándála.

Déantar rioscaí agus éiginnteachtaí a mheas ar bhonn leanúnach agus tá raon straitéisí forbartha ag na stiúrthóirí chun déileáil leo seo agus leis na rioscaí eile nach mór do IAA déileáil leo. Leagtar amach sa rannóg rialachais chorparáidigh de thuarascáil seo na stiúrthóirí, ar leathanaigh 31 go 39 den tuarascáil seo, beartais agus cur chuige an IAA i ndáil leis na rioscaí agus leis na nósanna imeachta agus freagrachtaí rialála inmheánacha.

## Seasamh airgeadais

Leagtar amach sonraí faoi thorthaí airgeadais na Cuideachta don bhliain sa chuntas brabúis agus caillteanais ar leathanach 43 agus sna nótaí gaolmhara. Mar atá mínithe ansin, bhí an brabús don bhliain airgeadais i ndiaidh cánachais cothrom le €6.1 milliún (*2024: €1.9 milliún*) ar láimhdeachas de €45.6 milliún *(2024: €37.4 milliún)*.

# RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)

## Príomhtháscaire Feidhmíochta

Déanann an Chuideachta athbhreithniú ar a feidhmíocht bunaithe ar anailís ar a príomhtháscairí feidhmíochta airgeadais. Cuimsítear sna príomhtháscairí feidhmíochta, ar féidir iad a thomhas i dtéarmaí saora, i gcomparáid le haon mhéadú incriminteach, nó i gcomparáid le torthaí piarghrúpa:

- Brabús oibriúcháin,
- Brabús i ndiaidh cánach; agus
- Sreabhadh airgid

Tá na stiúrthóirí sásta le torthaí na bpríomhtháscairí feidhmíochta sin le linn na bliana airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025.

## Stiúrthóirí

Tá ainmneacha na stiúrthóirí atá ag feidhmiú faoi láthair leagtha amach ar leathanach 30. D'fhóin na stiúrthóirí uile don bhliain ar fad.

## Leasanna na stiúrthóirí agus an rúnaí

Ní raibh aon leas ag na stiúrthóirí ná ag an rúnaí a bhí i seilbh oifige ag an 31 Nollaig 2025 i scaireanna IAA ag tús na bliana, nó ag a ndáta ceapacháin (má bhí sé ina dhiaidh sin), ná ag deireadh na bliana.

## Rialachas

### Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá na stiúrthóirí tiomanta do na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde agus is féidir a chinntiú. Don bhliain atá á hathbhreithniú, chomhlíon IAA an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, a eisíodh i mí Lúnasa 2016. Bhunaigh IAA bearta oiriúnacha chun an Cód seo a chomhlíonadh agus déanann sé athbhreithniú leanúnach ar a bheartais agus nósanna imeachta chun comhlíontacht leanúnach a chinntiú.

### Freagrachtaí an Bhoird

Tá baill an Bhoird freagrach as bainistíocht chuí IAA. Déanann siad mórchinntí straitéiseacha agus tá siad freagrach as rialú iomlán agus éifeachtach, agus tugtar dóthain solúbthachta don Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann bainistíochta shinsearach chun an gnó a reáchtáil go héifeachtach laistigh de chreat tuairiscithe struchtúrtha.

Tá ábhair áirithe forchoimeádta ag an mBord lena athbhreithniú, lena n-áirítear formheas na ráiteas airgeadais bliantúil agus leathbhliana; buiséid; an plean corparáideach; cuntais bhainistíochta; conarthaí suntasacha; caiteachas caipitiúil suntasach agus ceapacháin ardbhainistíochta.

### Ceapachán chuig an mBord

Tá naonúr stiúrthóirí i measc bhaill an Bhoird. Is fir iad 56% agus is mná iad 44% de bhaill an Bhoird. Beidh na stiúrthóirí i mbun oifige le haghaidh cibé téarma a shonraíonn an tAire nuair a dhéantar an ceapachán, ach ní ar feadh tréimhse níos faide ná ceithre bliana, mura n-athcheapann an tAire é nó í ina dhiaidh sin.

| | Dáta an cheapacháin (*nó an athcheapacháin) |
|---|---|
| Rose Hynes, Cathaoirleach | 2 Márta 2023* |
| Declan Fitzpatrick, Príomhfheidhmeannach | 19 Deireadh Fómhair 2022 |
| Gerry Lumsden | 3 Nollaig 2022* |
| Joan McGrath | 3 Nollaig 2022* |
| Dermot Griffin | 13 Aibreán 2023 |
| Patrick Knight | 13 Aibreán 2023 |
| Ann McGarry | 1 Bealtaine 2023 |
| Nóirín O'Sullivan | 1 Bealtaine 2023 |
| Colum Hanifan | 29 Bealtaine 2024 |

Glacann stiúrthóirí nua, nuair a cheaptar iad, páirt i gcúrsa ionduchtaithe, tráth a roinntear faisnéis airgeadais agus faisnéis eile leo maidir le IAA agus róil bhaill an bhoird agus na gcoistí boird. Bíonn cruinnithe le príomhfheidhmeannaigh shinsearacha i gceist leis an bpróiseas sin de ghnáth.

### Éifeachtacht an Bhoird

Gníomhaíonn baill an Bhoird ar son leas is fearr na Cuideachta agus féachann siad go cuí ar a freagrachtaí dlíthiúla agus ar na cuspóirí atá sonraithe ag an scairshealbhóir. Treoraíonn an Cathaoirleach baill an Bhoird chun cinneadh a dhéanamh maidir lena straitéis agus chun a chuspóirí a chomhlíonadh. Is é an Cathaoirleach a chinneann clár oibre an Bhoird, a chinntíonn a éifeachtacht agus a éascaíonn ionchur éifeachtach gach stiúrthóra. Baintear tairbhe as scileanna, saineolas agus eispéireas sonrach bhaill an Bhoird trí na tacair scileanna seo a mheaitseáil le breithniú bhaill an Bhoird ar shaincheisteanna straitéiseacha agus oibríochtúla, sa chás go n-úsáideann baill Bhoird aonair a n-inniúlachtaí sonracha, agus trí iad a mheaitseáil freisin le ceanglais gach coiste Boird agus an cinneadh maidir le ballraíocht na gcoistí sin.

Déanann an Cathaoirleach agus an fhoireann bainistíochta cumarsáid éifeachtach leis an scairshealbhóir. Is róil ar leithligh iad róil an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh agus tá siad leagtha amach i mbeartas atá faofa ag baill an Bhoird. Tá na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin ar fad ag feidhmiú go neamhspleách ar an bhfoireann bainistíochta. Is é nós bhaill an Bhoird bualadh lena chéile nuair nach mbíonn na baill Bhoird feidhmiúcháin i láthair.

I rith a dtréimhse in oifig, cuirtear faisnéis ar fáil go rialta do na stiúrthóirí maidir le gach gné den ghnó. Tuairiscíonn an Príomhfheidhmeannach don Bhord, thar ceann na foirne bainistíochta, maidir le mórathruithe ar an ngnó agus ar an timpeallacht sheachtrach a bhfuil tionchar acu ar rioscaí suntasacha. Cuireann an Stiúrthóir Airgeadais faisnéis airgeadais mhíosúil ar fáil do bhaill an Bhoird lena n-áirítear anailís ar fheidhmíocht airgeadais iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad. Scaiptear tuarascálacha agus páipéir ar bhaill an Bhoird agus ar a choistí ar bhonn tráthúil.

# RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)

Cheadaigh baill an Bhoird cód iompair do bhaill an Bhoird agus d'fhostaithe IAA, agus tá sé seo le fáil ar shuíomh gréasáin na Cuideachta. Chomh maith leis sin, tá beartas coinbhleachta leasa i bhfeidhm ag baill an Bhoird agus breithnítear coinbhleachtaí leasa iarbhír agus féideartha ar bhonn leanúnach.

## Teacht ar chomhairle ghairmiúil

Tá rochtain ag na baill Bhoird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta atá freagrach don Bhord as a chinntiú go gcloítear le nósanna imeachta an Bhoird, agus le rialacha agus le rialacháin infheidhme. Tá comhairleoirí gairmiúla IAA ar fáil chun críche comhairliúcháin leis na stiúrthóirí de réir mar is gá. Féadfaidh stiúrthóirí aonair glacadh le comhairle ghairmiúil neamhspleách, más gá, ar chostas IAA. Ní raibh aon chomhairle ghairmiúil den sórt sin á lorg ag stiúrthóirí aonair i rith na bliana. Ba í an t-aon chomhairle ghairmiúil a lorgaíodh le linn na bliana ná tacaíocht a thabhairt don Bhord le linn dóibh a ndualgais mar stiúrthóirí a chomhlíonadh.

## Meastóireacht feidhmíochta

Rinne an Bord meastóireacht neamhspleách sheachtrach ar a fheidhmíocht le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2024 - agus bhí na torthaí an-láidir. Rinne an Bord féinmheastóireacht inmheánach bhliantúil boird i mí na Samhna 2025 i gcomhréir le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

## Coistí an Bhoird

Tá struchtúr éifeachtach coiste ag an mBord chun cabhrú leis a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. San áireamh sna coistí Boird tá:

1 Iniúchadh, Riosca agus Airgeadas

2 Acmhainní Daonna agus Luach Saothair

3 Maoirseacht Sábháilteachta agus Slándála

4 An Timpeallacht

## An Coiste Iniúchta, Riosca agus Airgeadais

Feidhmíonn an Coiste Iniúchta, Riosca agus Airgeadais de réir téarmaí tagartha foirmiúla, a ndearnadh athbhreithniú orthu le linn na bliana. Thionóil an Coiste ocht gcruinniú le linn 2025 *(2024: ocht gcruinniú)*. Ba í Joan McGrath Uasal a bhí ina cathaoirleach ar an gCoiste. I measc na gcomhaltaí den Choiste tá an tUasal Dermot Griffin agus an tUasal Patrick Knight.

Ceaptar baill den Choiste Iniúchta, Riosca agus Airgeadais le haghaidh téarma sonrach. Tá téarmaí a ritheann chomh fada leis an 8 Bealtaine 2026 ag na triúr ball den choiste. Roimh a gceapachán, tugann Cathaoirleach an Bhoird cuntas ar a n-eispéireas, cáilíochtaí agus réimsí spéise nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh aige/aici iad a mholadh mar bhaill den choiste sin. Chinntigh baill an Bhoird, eatarthu ar fad, go bhfuil taithí ag baill an choiste ar rialachas, iniúchadh inmheánach, timpeallacht na hearnála poiblí agus an tionscail eitlíochta, taithí airgeadais le déanaí agus taithí ar mheasúnú riosca agus ar réimsí teicniúla/sainréimsí.

De ghnáth, freastalaíonn an stiúrthóir airgeadais, an POF (de bhrí oifige), an t-iniúchóir inmheánach agus ionadaithe ó aonaid éagsúla IAA amhail oibríochtaí, rialáil sábháilteachta, acmhainní daonna, teicneolaíocht faisnéise, ar chuireadh, de réir mar is cuí, ar chruinnithe. Tuairiscíonn an t-iniúchóir inmheánach go díreach don Choiste Iniúchta, Riosca agus Airgeadais.

D'fhéadfadh an Coiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon ábhar a bhaineann le gnóthaí an IAA, seachas ábhair mhaoirseachta sábháilteachta, eacnamaíocha agus slándála atá forchoimeádta don Bhord. Déanann sé athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bhliantúla, ar thuarascálacha an iniúchóra inmheánaigh, ar thuarascálacha an iniúchóra sheachtraigh, ar na beartais chuntasaíochta, ar athruithe atá beartaithe ar bheartais chuntasaíochta, ar chomhlíonadh caighdeán cuntasaíochta agus ar impleachtaí cuntasaíochta mór-idirbheart.

D'fhéadfadh an Coiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon ní a bhaineann le bainistíocht airgeadais an IAA. Déanann sé athbhreithniú ar bhuiséid bhliantúla chaipitil agus oibriúcháin agus, de réir mar is gá, an beartas cistíochta, socruithe baincéireachta agus maoinithe.

Déanann sé athbhreithniú ar straitéis bainistíochta riosca agus ar phróisis rialaithe IAA agus breithníonn sé an méid seo a leanas:

- na hacmhainní agus comhordú na ndaoine a bhfuil baint acu le sainaithint, measúnú agus bainistiú rioscaí suntasacha a bhfuil ar IAA déileáil leo;
- freagairtí do na rioscaí suntasacha atá sainaitheanta ag an bhfoireann bainistíochta agus ag daoine eile;
- monatóireacht ar thuarascálacha a chuireann an fhoireann bainistíochta ar fáil;
- cothabháil timpeallacht rialaithe atá dírithe ar bhainistíocht cheart riosca;
- nósanna imeachta tuairiscithe bliantúla.

Buaileann an t-iniúchóir seachtrach leis an gCoiste chun torthaí an iniúchta bhliantúil ar na ráitis airgeadais a phlé. Tá nósanna imeachta bunaithe chun a chinntiú go bhfuil caidreamh cuí bunaithe leis an iniúchóir seachtrach. Tá eolas maidir leis an táille iniúchóireachta le fáil i nóta 7 de na ráitis airgeadais. Ní sholáthraíonn Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste seirbhísí neamhiniúchta.

I mí na Samhna 2025, chuir an Coiste Iniúchta, Riosca agus Airgeadais tús le meastóireacht féinmheasúnaithe ar a fheidhmíocht. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord, go bliantúil agus go ráithiúil, nó níos minice ná sin más gá.

Le linn 2025, chuir an Coiste Iniúchta, Riosca agus Airgeadais an méid seo a leanas i gcrích:

- rinneadh athbhreithniú ar na dréachtráitis bhliantúla airgeadais sula moladh iad don Bhord chun iad a cheadú;
- breithníodh tuarascáil ón iniúchóir seachtrach maidir leis an iniúchadh a rinne sé ar na ráitis airgeadais bhliantúla;
- tuarascálacha a glacadh agus a breithníodh maidir le nósanna imeachta um bainistiú riosca;

# RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)

- athbhreithníodh an clár rioscaí corparáideacha agus moladh é don Bhord, lena n-áirítear na príomhrioscaí don ghnó agus breithniú ar leordhóthanacht an chórais sainaitheanta agus measúnaithe riosca;
- athbhreithníodh agus breithníodh tuarascálacha ón iniúchóir inmheánach maidir le héifeachtacht na gcóras airgeadais, oibríochtúil agus comhlíontachta agus na bpróiseas bainistíochta riosca;
- athbhreithníodh an obair a rinne an fheidhm iniúchta inmheánaigh i rith na bliana agus thángthas ar chomhaontú maidir le plean iniúchta inmheánaigh i gcomhair 2025;
- rinneadh meastóireacht ar éifeachtacht an iniúchta inmheánaigh;
- rinneadh athbhreithniú ar na cuntais bhainistíochta mhíosúla;
- fuarthas agus breithníodh tuarascálacha agus cuir i láthair ó fhoireann bainistíochta IAA maidir le próisis rialaithe inmheánacha ábhartha;
- athbhreithníodh an beartas agus an próiseas atá i bhfeidhm i ndáil le ráiteas comhlíontachta na stiúrthóirí;
- athbhreithníodh comhlíonadh maidir le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016;
- breithníodh an tionchar atá ag ceanglais nochta anois agus an tionchar a bheidh acu amach anseo;
- athbhreithníodh a théarmaí tagartha féin.

### An Coiste Acmhainní Daonna agus Luacha Saothair

Feidhmíonn an Coiste Acmhainní Daonna agus Luacha Saothair de réir na dtéarmaí tagartha foirmiúla. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire le linn na bliana *(2024: ceithre huaire)*. Is é an tUasal Patrick Knight a dhéanann cathaoirleacht ar an gCoiste. I measc chomhaltaí an Choiste tá Rose Hynes, Uasal agus an tUasal Gerry Lumsden.

Is é ról an Choiste luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh a bhreithniú i gcomhthéacs bheartas an Rialtais agus an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus beartas luacha saothair na foirne bainistíochta sinsearaí go ginearálta agus forbairtí ar acmhainní daonna in IAA a bhreithniú. Chomh maith leis sin, tá ról ag an gCoiste i ndáil le ceapacháin na foirne bainistíochta sinsearaí. Tuairiscíonn baill an Choiste don Bhord i ndiaidh a chuid cruinnithe.

### An Coiste um Maoirseacht Sábháilteachta agus Slándála

Feidhmíonn an Coiste um Maoirseacht Sábháilteachta agus Slándála de réir téarmaí tagartha foirmiúla agus reáchtáil sé ceithre chruinniú le linn na bliana *(2024: cúig chruinniú)*. Is é an tUasal Gerry Lumsden a dhéanann cathaoirleacht ar an gCoiste. I measc chomhaltaí an Choiste tá an Dr Ann Mc Garry, Nóirín O'Sullivan, Uasal agus an tUasal Colum Hanifan.

Tuairiscíonn baill an Choiste don Bhord i ndiaidh a chuid cruinnithe.

### An Coiste Comhshaoil

Feidhmíonn an Coiste Comhshaoil de réir téarmaí tagartha foirmiúla agus tháinig siad le chéile trí huaire (2024: dhá uair) le linn na bliana. Bunaíodh an Coiste chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chreata um Ghníomhú ar son na hAeráide do Chomhlachtaí Leathstáit ag IAA. Is í Nóirín O'Sullivan, Uasal, a dhéanann cathaoirleacht ar an gCoiste. Is baill den Choiste iad an Dr Ann McGarry, an tUasal Dermot Griffin agus an tUasal Colum Hanifan.

Breithníonn baill an choiste straitéis an IAA i ndáil le ceisteanna comhshaoil. Tuairiscíonn sé don Bhord i ndiaidh a gcuid cruinnithe.

### Tinreamh ag Cruinnithe boird agus coiste

Reáchtáiltear cruinnithe rialta den Bhord agus dá choistí i rith na bliana. Reáchtáil baill an Bhoird 10 gcruinniú in 2025. Tá sonraí maidir le tinreamh ag na cruinnithe seo agus ag cruinnithe coiste le fáil thíos:

**Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu/Líon na gcruinnithe incháilithe**

| Stiúrthóir | Bord (10) | Iniúchadh, Riosca agus Airgeadas (8) | Acmhainní Daonna agus Luach Saothair (4) | Maoirseacht Sábháilteachta agus Slándála (4) | An Timpeallacht (3) |
|---|---|---|---|---|---|
| Rose Hynes | 10/10 | - | 4/4 | - | 1/3* |
| Declan Fitzpatrick** | 10/10 | 7/8* | 4/4* | 3/4* | 2/3* |
| Gerry Lumsden | 10/10 | - | 4/4 | 4/4 | - |
| Joan McGrath | 10/10 | 8/8 | - | - | - |
| Ann McGarry | 10/10 | - | - | 4/4 | 3/3 |
| Nóirín O'Sullivan | 09/10 | - | - | 3/4 | 3/3 |
| Dermot Griffin | 10/10 | 8/8 | - | - | 3/3 |
| Patrick Knight | 10/10 | 8/8 | 4/4 | - | - |
| Colum Hanifan | 09/10 | - | - | 4/4 | 3/3 |

**Léirítear tinreamh ag cruinnithe fochoiste sa chás nach buanbhall den choiste é an stiúrthóir.*
***Freastalaíonn an POF ar chruinnithe fochoiste an Bhoird de bhrí oifige. Ní ball de na fochoistí é.*

# RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)

## Luach saothair na Stiúrthóirí

Is é an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin a shocraíonn táillí do stiúrthóirí. Cheadaigh an tAire Iompair luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh, ag a bhfuil conradh seirbhíse, agus cuireadh é sin in iúl don bhord stiúrthóirí. Tá na nochtaí a dhéantar sna ráitis airgeadais seo a bhaineann le táillí stiúrthóirí agus luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh leagtha amach i nóta 7 agus is ionann iad agus na nochtaí a cheanglaítear faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, agus faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

## Nochtaí arna gceangal ag an gcód

Tuigeann baill an Bhoird go bhfuil siad freagrach as ullmhú na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais agus as chinntiú go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais na Cuideachta ag deireadh na bliana. Tuairiscíonn an Cathaoirleach go rialta don Aire Iompair maidir le gach forbairt, idir oibríochtúil, airgeadas agus tráchtáil, a bhfuil tionchar acu ar IAA.

Foráiltear i gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 d'fhaisnéis airgeadais shonrach a bheith á nochtadh. Sonraítear an fhaisnéis seo go réasúnach i ngach cás ábhartha.

| *Taisteal agus cothú* | **2025 €'000** | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Taisteal agus cothú náisiúnta | | |
| - Bord | **2** | 1 |
| - Fostaithe | **311** | 278 |
| Taisteal agus cothú idirnáisiúnta | | |
| - Bord | **-** | - |
| - Fostaithe | **1,300** | 1,238 |
| **Iomlán** | **1,611** | 1,517 |

| *Leas foirne agus fáilteachas* | **2025 €'000** | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Bainteach le Foireann | **90** | 82 |
| Bainteach le Cliant | **5** | 1 |
| **Iomlán** | **95** | 83 |

| *Costais sainchomhairleoireachta* | **2025 €'000** | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairlí achtúireacha agus pinsin eile | **281** | 245 |
| Teicniúil, acmhainní daonna agus airgeadas | **501** | 876 |
| Comhairle dlí | **153** | 197 |
| **Iomlán** | **935** | 1,318 |

San áireamh sna costais sainchomhairleoireachta tá costas na comhairle seachtraí a cuireadh ar fáil don fhoireann bainistíochta a chuireann le cinnteoireacht nó ceapadh beartais agus nach n-áirítear ann feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

| Costais agus socraíochtaí dlí | **2025 €'000** | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Costais dlí | **323** | 1,558 |
| Socraíochtaí | **407** | - |
| **Iomlán** | **730** | 1,558 |

**Líon na gcásanna dlí: 12 *** *(2024: 8)*

# RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)

### Nochtaí arna gceangal leis an gcód (ar lean)

Cuimsítear i líon na gcásanna dlí cásanna a rabhthas ag obair orthu ag tús na bliana agus cásanna ar cuireadh tús leo le linn na bliana.

**Áirítear leis an bhfigiúr sin roinnt cásanna a bhaineann le Comhlachtaí Stáit eile lena n-áirítear údarás aerfoirt Bhaile Átha Cliath, daa cpt, Comhairle Contae Fhine Gall agus An Coimisiún Pleanála.*

In 2023, chuir daa cpt. tús le cás san Ard-Chúirt i gcoinne Chomhairle Contae Fhine Gall maidir le fógra forfheidhmithe pleanála a d'eisigh an chomhairle contae chuige. Is Fógraphháirtí é an IAA sa chás sin.

In 2024, tionscnaíodh sé Athbhreithniú Bhreithiúnacha Ard-Chúirte i gcoinne Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) i ndáil le paraiméadair chomhordaithe sliotán ag aerfort Bhaile Átha Cliath agus tionchar na huasteorann pleanála 32 milliún paisinéir in aghaidh na bliana a leagtar amach i gcead pleanála aerfort Bhaile Átha Cliath maidir leis na paraiméadair sin. Is iad na gearánaithe daa cpt., Aer Lingus, Ryanair agus Airlines for America (Delta Air Lines, Jetblue Airways agus United Airlines).

In 2025, liostáladh IAA mar Fhógraphháirtí i gceithre chás eile san Ard-Chúirt freisin a bhain leis an uasteorainn phleanála sin, agus a thionscain daa cpt., Aer Lingus, Ryanair agus cónaitheoirí áitiúla i gcoinne cosantóirí éagsúla lena n-áirítear Comhairle Contae Fhine Gall agus An Coimisiún Pleanála.

Socraíodh cinneadh na gcostas dlíthiúil i leith cás clúmhillte leagáide ó 2014 in 2025 ar shuim €407,486 tar éis Cinneadh ón gCúirt Uachtarach.

### Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Féach ar nóta 4 chun tuilleadh eolais a fháil.

### Ráiteas um Chomhlíonadh

Ghlac an Bord le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 agus tá nósanna imeachta bunaithe d'fhonn a chinntiú go bhfuil an Cód á chomhlíonadh. Bhí Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú á chomhlíonadh go hiomlán ag IAA le linn 2025.

## An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

In 2025, cuireadh 1 tuarascáil inmheánach faoi bhráid an IAA. Fuair an IAA 14 thuarascáil sheachtracha, agus dúnadh 9 gcinn díobh le linn na bliana.

## Gnóthas leantach

Creideann na stiúrthóirí go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú sna blianta beaga amach romhainn agus a hoibleagáidí leanúnacha a chomhlíonadh nuair a bhíonn siad dlite i gcomhair tréimhse 12 mhí ar a laghad ón dáta a gceadaítear na ráitis airgeadais seo agus, dá réir sin, go bhfuil sé oiriúnach leanúint ar aghaidh ar bhonn an ghnóthais leantaigh nuair a bhíonn na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Déantar tuilleadh breithnithe ar mheasúnú an ghnóthais leantaigh i nóta 1 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

## Taifid chuntasaíochta

Creideann na stiúrthóirí go bhfuil ceanglais Alt 281 go dtí Alt 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, comhlíonta acu maidir le taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil trí phearsanra cuntasaíochta a fhostú a bhfuil saineolas cuí acu agus trí acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil don fheidhm airgeadais. Tá taifid chuntasaíochta na Cuideachta á gcoimeád i bhFoirgneamh 'The Times', 11-12 Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2.

## Faisnéis iniúchta ábhartha

Creideann na stiúrthóirí go bhfuil gach céim riachtanach curtha i gcrích acu chun eolas a fháil faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus tá sé bunaithe acu go bhfuil iniúchóirí reachtúla na Cuideachta airdeallach ar an bhfaisnéis sin.

Ar feadh a bhfuil ar eolas acu, níl aon fhaisnéis iniúchta ábhartha ann nach bhfuil iniúchóirí reachtúla na Cuideachta airdeallach uirthi.

## Ráiteas comhlíontachta na Stiúrthóirí

Admhaíonn na stiúrthóirí, de réir Alt 225(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, go bhfuil siad freagrach as comhlíontacht na Cuideachta maidir le hoibleagáidí áirithe atá sonraithe san alt a eascraíonn as Acht na gCuideachtaí, 2014 agus dlíthe cánach ('oibleagáidí ábhartha') a chomhlíonadh. Deimhníonn na stiúrthóirí an méid seo a leanas:

- tá ráiteas beartais comhlíontachta curtha i dtoll a chéile ina leagtar amach beartais na Cuideachta a bhaineann lena leithéid de chomhlíontacht;
- tá socruithe agus struchtúir oiriúnacha bunaithe atá, dar leo, deartha chun comhlíontacht ábhartha le hoibleagáidí ábhartha na Cuideachta a chinntiú; agus
- tá athbhreithniú déanta, i rith na bliana airgeadais, ar na socruithe agus ar na struchtúir atá bunaithe chun comhlíontacht na Cuideachta lena hoibleagáidí ábhartha a chinntiú.

## Íoc pras cuntas

Tá ceanglais na reachtaíochta ábhartha maidir le híoc pras á gcomhlíonadh ag IAA. Chomh maith leis sin, tá Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2012), á gcomhlíonadh ag IAA.

# RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)

Is iad téarmaí caighdeánacha creidmheasa an IAA, mura sonraítear a mhalairt i socruithe conarthacha sonracha, 30 lá ón uair a nglactar leis an sonrasc, nó deimhniú maidir le glacadh leis na hearraí nó seirbhísí a fháil, atá faoi réir íocaíochta. Le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2025 rinneadh formhór na n-íocaíochtaí ar fad laistigh den tréimhse chreidmheasa chuí. Déanann IAA athbhreithniú leanúnach ar a nósanna imeachta riaracháin chun cabhrú leis an méid ama a thógann sé déileáil le fiosrúcháin faoi shonraisc agus a leithéid d'fhiosrúcháin a réiteach a íoslaghdú. Soláthraítear leis na nósanna imeachta sin dearbhú réasúnta, seachas dearbhú daingean, i gcoinne neamhchomhlíontachta ábhartha leis na rialacháin.

## Síntiúis Pholaitiúla

Níor thug an Chuideachta aon síntiús polaitíochta i rith na bliana a cheanglódh a leithéid a nochtadh faoi Acht Toghcháin, 1997.

## Iniúchóir

Leanfaidh an t-iniúchóir, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ar aghaidh ag feidhmiú mar iniúchóir de bhua alt 30 d'Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993, arna leasú.

Thar ceann an bhoird

**Rose Hynes**
*Cathaoirleach*

**Declan Fitzpatrick**
*Príomhfheidhmeannach*

16 Aibreán 2026

# RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

## An scóip freagrachta

Is ar an mBord atá an fhreagracht i ndeireadh na dála as córas de rialú inmheánach na Cuideachta agus as monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais sin.

## Aidhm an chóras rialaithe inmheánaigh

San áireamh sa chóras de rialú inmheánach tá na rialuithe sin a bunaíodh chun dearbhú réasúnach a sholáthar maidir le sócmhainní a chosaint ar chaillteanas, coinneáil taifead cuntasaíochta ceart agus faisnéis airgeadais iontaofa le húsáid laistigh den ghnó nó le foilsiú, agus comhlíontacht maidir le dlíthe agus rialacháin ábhartha.

## Bainistíocht riosca

Is ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán as cur chuige na Cuideachta maidir le riosca. Formheasann sé an creat bainistíochta riosca agus déanann sé monatóireacht ar a éifeachtacht tríd an gCoiste Iniúchta, Riosca agus Airgeadais agus go díreach tríd an mBord. Tá próiseas leanúnach ann chun na rioscaí suntasacha a bhfuil ar IAA déileáil leo a shainaithint, a mheas agus a bhainistiú. Déanann baill an Bhoird athbhreithniú ar an bpróiseas sin go rialta agus tá sé i bhfeidhm don bhliain atá á hathbhreithniú agus suas go dtí dáta faofa na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais.

Tá an fhoireann bainistíochta freagrach as sainaithint agus meastóireacht rioscaí gnó suntasacha agus as dearadh agus oibriú na rialuithe inmheánacha oiriúnacha. Déantar measúnú ar na rioscaí seo ar bhonn leanúnach. Tuairiscíonn an fhoireann bainistíochta don Bhord go rialta maidir leis na príomhrioscaí a bhaineann leis an ngnó agus maidir leis an tslí a mbainistítear na rioscaí seo.

Tá an próiseas bainistíochta riosca á éascú ag iniúchadh inmheánach, a sholáthraíonn dearbhú maidir le hoibriú agus bailíocht an chórais de rialú inmheánach. Rinneadh iniúchadh inmheánach ar an bpróiseas bainistíochta riosca in 2024, agus tugadh aghaidh ar mholtaí gaolmhara.

Déanann an lucht bainistíochta athbhreithniú ar rioscaí ar bhonn ráithiúil agus tuairiscíonn sé ar a athbhreithniú ar rioscaí, agus conas a bhainistítear iad, don Choiste Iniúchta, Riosca agus Airgeadais, arb é a ról athbhreithniú a dhéanamh, thar ceann an Bhoird, ar phríomhrioscaí, seachas maoirseacht sábháilteachta agus slándála, a bhaineann leis an ngnó agus leis an gcóras rialaithe atá riachtanach chun a leithéid de rioscaí a bhainistiú, agus chun a dtorthaí a chur faoi bhráid an Bhoird. Déanann an t-iniúchadh inmheánach athbhreithniú neamhspleách ar na nósanna imeachta sainaitheanta riosca agus próisis rialaithe atá curtha chun feidhme ag an bhfoireann bainistíochta, agus tuairiscíonn sé don Choiste Iniúchta, Riosca agus Airgeadais. Déanann an Coiste athbhreithniú ar na nósanna imeachta dearbhaithe d'fhonn a chinntiú go n-úsáidtear meascán oiriúnach teicnící chun an leibhéal dearbhaithe a theastaíonn uaidh féin agus ón mBord a chinntiú.

Cuireann an Coiste Iniúchta, Riosca agus Airgeadais a thorthaí faoi bhráid an Bhoird ar bhonn bliantúil agus ar bhonn ráithiúil, nó níos minice ná sin, más gá.

## An acmhainn chun déileáil le riosca

Tá an córas de rialú inmheánach deartha chun an riosca go dteipfear ar chuspóirí gnó a bhainistiú seachas deireadh a chur leis an riosca sin, agus ní féidir leis ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú daingean, a sholáthar i gcoinne míráitis nó caillteanais ábhartha.

## Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá athbhreithniú déanta ag baill an Bhoird, cibé acu go díreach nó tríd an gCoiste Iniúchta, Riosca agus Airgeadais, ar éifeachtacht na gcóras de rialú inmheánach lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochtúla agus comhlíontachta agus córais bhainistíochta riosca. Rinneadh an t-athbhreithniú sin ar an 12 Feabhra 2026 agus beidh sé i bhfeidhm go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## An creat riosca agus rialaithe

Tá creat rialaithe inmheánaigh láidir bunaithe ag IAA a bhfuil an méid seo a leanas san áireamh ann:

- coistí Boird a bhfuil téarmaí tagartha soiléire acu;
- sceideal nithe atá forchoimeádta don Bhord;
- cód iompair, ceadaithe ag an mBord, ina bhfuil treoir phraiticiúil don fhoireann ar fad;
- struchtúr eagrúcháin soiléir ina bhfuil dualgais agus teorainneacha údaráis á ndeighilt go cuí;
- freagrachtaí soiléire agus baill foirne chuícháilithe i mbun na ndualgas seo;
- creat bainistíochta riosca chorparáidigh;
- teorainneacha agus nósanna imeachta soiléire maidir le caiteachas airgeadais lena n-áirítear caiteachas soláthair agus caipitil;
- cloí, de réir mar is cuí, le gnéithe ábhartha de na Treoirlínte Bonneagair;
- córas cuimsitheach de thuairisciú airgeadais, cuntasaíocht, bainistiú cistíochta agus breithmheas tionscadail;
- córais bhuiséadaithe chuimsitheacha le buiséid bhliantúla á gceadú ag an mBord;
- próiseas pleanála cuimsitheach a sholáthraíonn plean gnó cúig bliana, athbhreithnithe ag an scairshealbhóir agus faofa ag an mBord;
- monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid le buiséid agus neamhréireanna a thuairisciú don Bhord ar bhonn míosúil;
- feidhm iniúchta inmheánaí a dhéanann athbhreithniú ar phríomhchórais agus rialuithe airgeadais agus oibríochtaí ginearálta agus a dhéanann moltaí, más cuí;
- Coiste Iniúchta, Riosca agus Airgeadais a cheadaíonn pleananna iniúchta agus a dhéileálann le saincheisteanna

rialaithe suntasacha a dtarraingítear aird orthu san iniúchadh inmheánach nó seachtrach agus a dhéanann athbhreithniú ar ráitis airgeadais dheireadh na bliana agus a mholann a bhfaomhadh ag an mBord;

- beartais agus nósanna imeachta a bhaineann le tuairisciú agus réiteach gníomhaíochtaí calaoiseacha amhrasta;
- córais atá i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint;
- córais atá i bhfeidhm chun slándáil chórais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide IAA a chinntiú.

## Soláthar

Tá gnásanna i bhfeidhm ag IAA chun a chinntiú go bhfuil sé i gcomhréir leis na rialacha agus na treoirlínte soláthair atá ann faoi láthair. Tuairiscíonn an IAA trí chás maidir le neamhchomhlíonadh dar luach €228k ar an iomlán don bhliain 2025.

## Tionscadal Digitithe

Chuir IAA tús le tionscadal fairsing digitithe ilbhliantúil in 2019. Críochnaíodh cuid mhór den tionscadal le linn 2025 le soláthar modúil fhairsing a bhain le clárú agus deimhniú aerárthaí. Tá a lán gnéithe digiteacha sa chóras atá chun tosaigh ar fhormhór na gcontrapháirtithe rialála san Aontas Eorpach agus níos faide i gcéin, amhail ceadúnais agus deimhnithe digiteacha.

Go dtí seo, tá €5.3 milliún próiseáilte tríd an gcóras in íocaíochtaí custaiméirí ar líne. Cruthaíodh thart ar 89,000 cuntas trínar íoc úsáideoirí cláraithe as cineálacha éagsúla ceadúnas nó deimhnithe eitlíochta. Rinneadh thart ar 145,000 idirbheart a phróiseáil tríd an gcóras agus mar thoradh air sin eisíodh thart ar 57,000 deimhniú/ceadúnas a síníodh go digiteach agus láimhseáladh 874,000 teachtaireacht chomhfhreagrais úsáideora tríd.

Tá an IAA i mbun oibre leis an díoltóir faoi láthair chun idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le conradh tacaíochta athnuaite agus na tosaíochtaí agus an t-achar ama chun an chuid eile den fheidhmiúlacht a chríochnú. Cuirtear san áireamh san obair sin na hathruithe ar thosaíochtaí an IAA ó cuireadh tús leis an tionscadal in 2019. Leanann an IAA le rialú docht costas a fheidhmiú maidir leis an tionscadal agus tá an rannpháirtíocht leis an díoltóir maidir leis an gcuid eile den fheidhmiúlacht fós ar bun. Is mír sheasta é sin ar chlár oibre an Bhoird ionas gur féidir leis monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn.

## Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Rinne iniúchadh inmheánach athbhreithniú ar na rialuithe seo le linn na bliana mar chuid dá chlár oibre bliantúil. Tuairiscíonn iniúchadh inmheánach don Choiste Iniúchta, Riosca agus Airgeadais go díreach maidir le hoibriú rialuithe inmheánacha, seachas rialuithe maoirseachta sábháilteachta agus slándála atá forchoimeádta don Bhord, agus déanann sé moltaí maidir le feabhsuithe, más cuí.

Deimhníonn an Bord, maidir leis an mbliain 2025, agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais, go bhfuil próiseas ann chun rioscaí a shainaithint agus a bhainistiú agus go bhfuil córas iomchuí rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm agus gur oibrigh na córais sin go héifeachtach le linn na bliana. Níor aithníodh aon laigí ná calaoisí ábhartha le linn an athbhreithnithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.



**Rose Hynes**
*Cathaoirleach*

16 Aibreán 2026

# RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ
## MAIDIR LE TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an dlí agus na rialachán infheidhme.

Ceanglaíonn dlí na gcuideachtaí agus Alt 30 d'Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993, ("Acht 1993") ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí sin, roghnaigh siad ráitis airgeadais na Cuideachta a ullmhú de réir FRS 102 *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann* mar a chuirtear i bhfeidhm é de réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014.

Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní cheadaítear do na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a cheadú mura bhfuil siad sásta go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta agus ar bhrabús nó caillteanas na Cuideachta don bhliain sin. Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm i gcónaí;
- breithiúnais agus meastacháin a thabhairt atá réasúnta agus stuama;
- a shonrú cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na Caighdeáin Chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachta ábhartha arna nochtadh agus arna mhíniú sna ráitis airgeadais; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Chuideachta ar aghaidh i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta chearta a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta ag am ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na Cuideachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go bhfuil Acht na gCuideachtaí 2014 agus Acht 1993 á gcomhlíonadh ag ráitis airgeadais na Cuideachta. Tá freagracht ghinearálta orthu as a leithéid de chéimeanna atá réasúnta a dhéanamh chun sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Chomh maith leis sin, tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil stiúrthóirí a ullmhú a bhfuil ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014 agus Acht 1993 á gcomhlíonadh aici.

Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá le fáil ar shuíomh gréasáin na Cuideachta. Maidir le reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann lena rialaítear ullmhú agus scaipeadh Ráiteas Airgeadais, seans nach ionann í agus reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an bhoird

**Rose Hynes**
*Cathaoirleach*

**Declan Fitzpatrick**
*Príomhfheidhmeannach*

16 Aibreán 2026

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Comptroller and Auditor General

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Údarás Eitlíochta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 30 den Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann 1993, arna leasú. Cuimsítear sna ráitis airgeadais an ráiteas ar bhrabús agus caillteanas, an ráiteas ar ioncam cuimsitheach, an ráiteas ar an staid airgeadais, an ráiteas ar athruithe ar chothromas, an ráiteas ar shreafaí airgid thirim agus na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim féin:

- tugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais Údarás Eitlíochta na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2025 agus ar a chuid brabúis don bhliain sin dar críoch
- rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú i gceart i gcomhréir leis an gCaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*, agus
- ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

### Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (CIInna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an gcuideachta agus rinne mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile a chomhlíonadh i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gurb iomchuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

### Tátail maidir le gnóthas leanúnach

D'ullmhaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh. De réir mar atá curtha síos air san aguisín leis an tuarascáil seo, bainim de thátal as

- oiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh de chuntasaíocht ag na stiúrthóirí, agus
- cé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na cuideachta leanúint mar ghnóthas leantach.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.

### Tuairim ar ábhair atá forordaithe le hAcht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe ar an obair a rinneadh i rith an iniúchta amháin, tuairiscím de réir mo thuairime

- go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais, agus
- gur ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Fuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a mheasaim riachtanach chun críocha an iniúchta de mo chuid ar na ráitis airgeadais.

I mo thuairim, ba leordhóthanach iad taifid chuntasaíochta Údarás Eitlíochta na hÉireann chun gurbh fhéidir iniúchadh éasca agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, agus tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Éilítear orm freisin faoi Acht na gCuideachtaí 2014 chun a thuairisciú más é an cás, i mo thuairim, nach ndéantar nochtadh maidir le luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí mar a éilítear faoi alt 305 go halt 312 den Acht. Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.

## Tuarascáil maidir leis na bhfaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus maidir le cúrsaí eile

Chuir na stiúrthóirí faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear léi sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas ar rialachas agus tuarascáil na stiúrthóirí, an ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugaim tuairisc trí eisceacht.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.

Georgina O Mahony

**Georgina O'Mahony**
Ar son agus thar ceann
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
21 Aibreán 2026

# AGUISÍN LE TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

## Freagrachtaí na Stiúrthóirí

De réir mar atá mínithe i dtuarascáil na stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi Acht na gCuideachtaí 2014
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasaíocht cuí nó nach bhfuil, agus
- an rialú inmheánach a dhearbhaíonn siad go bhfuil gá leis chun ullmhú na ráiteas airgeadais a éascú a bheith saor ó mhíthuairiscí ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi Alt 30 den Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann 1993, mar a leasaíodh, iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Údarás Eitlíochta na hÉireann agus chun tuairisciú ina leith do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíthuairiscí ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithfear míthuairiscí ábhartha i gcónaí nuair atá siad ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na CIInna. D'fhéadfadh míthuairiscí teacht ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil leo le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéanfadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na CIInna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh,

- déanaim na rioscaí um míthuairisc ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainaithint agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim an fhianaise iniúchóireachta ar leor agus ar iomchuí í chun bunús a chur le mo thuairim. Bíonn an riosca mura mbraitear míthuairisc ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalaois níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanann meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta lena mbaineann.
- Bainim tátal as oiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh de chuntasaíocht, agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas Údarás Eitlíochta na hÉireann leanúint mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. Ach, d'fhéadfadh imeachtaí nó cúinsí amach anseo bheith ina gcúis le scor na cuideachta de bheith ina gnóthas leantach, áfach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh um chur i láthair cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht orthu as rialachas ar an eolas faoi, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

## Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim foirm ar bith de chonclúid dearbhaithe in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na CIInna faisnéis eile atá ann a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a mheas cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má bhíonn sí míthuairiscithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míthuairisc ábhartha san fhaisnéis eile sin, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

## Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Tuairiscím má tá cúrsaí ábhartha ann i dtaca leis an dóigh ina ndearnadh gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thagaim ar chás ábhartha ar bith nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm le haghaidh na gcuspóirí a ceapadh dó nó i gcás nuair nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

# **RÁITEAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS**
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

| | *Nóta* | **2025 €'000** | 2024 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Láimhdeachas** | *2* | **45,628** | 37,435 |
| Caiteachas oibriúcháin | *3* | **(41,490)** | (38,408) |
| **Brabús/(caillteanas) oibriúcháin** | | **4,138** | (973) |
| Ioncam eile | | **1,872** | 1,895 |
| Ús infhála agus ioncam eile den chineál céanna | *5* | **1,832** | 2,224 |
| Ús iníoctha agus muirir den chineál céanna | *6* | **(766)** | (569) |
| **Brabús/(caillteanas) as gnáthghníomhaíochtaí roimh cháin** | | **7,076** | 2,577 |
| Cáin ar ghnáthghníomhaíochtaí | *8* | **(1,010)** | (670) |
| **Brabús/(caillteanas) don bhliain airgeadais** | | **6,066** | 1,907 |

Tá an ráiteas sreabhaidh airgid agus nótaí 1-23 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an bhoird



**Rose Hynes**
*Cathaoirleach*



**Declan Fitzpatrick**
*Príomhfheidhmeannach*

16 Aibreán 2026

# RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH EILE
## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

| | Nóta | 2025<br>€'000 | 2024<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Brabús don bhliain airgeadais** | | **6,066** | 1,907 |
| **Gnóthachan/(caillteanas) cuimsitheach eile** | | | |
| Atomhas na glansócmhainne/dliteanais sainithe | *19* | **3,362** | (1,341) |
| Cáin iarchurtha ghaolmhar | *15* | **(420)** | 168 |
| **Gnóthachan/(caillteanas) cuimsitheach eile don bhliain** | | **2,942** | (1,173) |
| **Gnóthachan cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **9,008** | 734 |

Tá an ráiteas sreabhaidh airgid agus nótaí 1-23 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an bhoird

**Rose Hynes**
*Cathaoirleach*

**Declan Fitzpatrick**
*Príomhfheidhmeannach*

16 Aibreán 2026

# RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS
## AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2025

| | *Nóta* | **2025 €'000** | 2024 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | *9* | **867** | 863 |
| Sócmhainní doláimhsithe | *10* | **6,367** | 6,070 |
| Sócmhainn pinsin | *19* | **1,379** | 422 |
| Sócmhainn cánach iarchurtha | *15* | **370** | 1,003 |
| | | **8,983** | 8,358 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Féichiúnaithe atá dlite laistigh de bhliain amháin | *11* | **8,371** | 7,874 |
| Sócmhainní airgeadais | *12* | **27,013** | 24,852 |
| Taiscí gearrthéarmacha | *12* | **63,170** | 55,511 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | *12* | **1,965** | 4,764 |
| | | **100,519** | 93,001 |
| **Creidiúnaithe:** méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin | *13* | **(37,826)** | (36,000) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **62,693** | 57,001 |
| **Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha** | | **71,676** | 65,359 |
| **Forálacha do dhliteanais** | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | *19* | **(374)** | (3,063) |
| **Glansócmhainní** | | **71,302** | 62,296 |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | *16* | **22,675** | 22,675 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | **45,919** | 36,913 |
| Cúlchiste ranníocaíochta caipitil | *22* | **2,708** | 2,708 |
| **Cistí scairshealbhóirí – cothromas** | | **71,302** | 62,296 |

Tá an ráiteas sreabhaidh airgid agus nótaí 1-23 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an bhoird

**Rose Hynes**
*Cathaoirleach*

**Declan Fitzpatrick**
*Príomhfheidhmeannach*

16 Aibreán 2026

# RÁITEAS AR ATHRUITHE AR AN GCAIPITEAL GNÁTHSCAIREANNA
## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

| | Scairchaipiteal glaoite €'000 | Cuntas brabúis agus caillteanais €'000 | Cúlchiste ranníocaíochta caipitil €'000 | Caipiteal gnáthscaireanna iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2024** | 22,675 | 36,179 | 2,708 | 61,562 |
| **Ioncam cuimsitheach** | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | 1,907 | - | 1,907 |
| Ioncam Cuimsitheach eile | - | (1,173) | - | (1,173) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | 734 | - | 734 |
| **Idirbhearta le scairshealbhóirí aitheanta go díreach i gcothromas** | | | | |
| Díbhinní | - | - | - | - |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2024** | **22,675** | **36,913** | **2,708** | **62,296** |
| **Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2025** | 22,675 | 36,913 | 2,708 | 62,296 |
| **Ioncam cuimsitheach** | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | 6,066 | - | 6,066 |
| Ioncam Cuimsitheach eile | - | 2,942 | - | 2,942 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | 9,008 | - | 9,008 |
| **Idirbhearta le scairshealbhóirí aitheanta go díreach i gcothromas** | | | | |
| Díbhinní | - | - | - | - |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2025** | **22,675** | **45,919** | **2,708** | **71,302** |

Tá an ráiteas sreabhaidh airgid agus nótaí 1-23 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an bhoird

**Rose Hynes**
*Cathaoirleach*

**Declan Fitzpatrick**
*Príomhfheidhmeannach*

16 Aibreán 2026

# RÁITEAS SREABHAIDH AIRGID
## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

| | *Nóta* | **2025 €'000** | 2024 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | | **6,066** | 1,907 |
| *Coigeartú le haghaidh:* | | | |
| Dímheas agus amúchadh | *7, 9, 10* | **535** | 548 |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe/doláimhsithe | *7, 9, 10* | **22** | 41 |
| Ús infhála agus ioncam eile den chineál céanna | *5* | **(1,120)** | (1,769) |
| Ús iníoctha agus muirir den chineál céanna | *6* | **-** | - |
| | | **5,503** | 727 |
| Laghdú/(Méadú) ar fhéichiúnaithe | | **(792)** | 3,373 |
| Laghdú/(Méadú) ar shócmhainní airgeadais | | **(2,161)** | 16,828 |
| (Laghdú)/Méadú ar chreidiúnaithe | | **1,542** | (23,161) |
| | | **4,092** | (2,233) |
| Cáin a fuarthas/(íoctha) | | **506** | 1,065 |
| **Glan-airgead tirim úsáidte i ngníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **4,598** | (1,168) |
| **Sreafaí airgid ginte/(úsáidte in) gníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Éadáil sócmhainní seasta inláimhsithe/doláimhsithe | | **(858)** | (247) |
| Infheistíocht i dtaiscí gearrthéarmacha | | **(7,659)** | (2,421) |
| Ús faighte | | **1,120** | 1,769 |
| **Glan-airgead tirim úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(7,397)** | (899) |
| **Sreafaí airgid úsáidte i ngníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Ús íoctha | | **-** | - |
| Díbhinní íoctha | | **-** | - |
| **Glan-airgead tirim úsáidte i ngníomhaíochtaí maoinithe** | | **-** | - |
| **Glanlaghdú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim** | | **(2,799)** | (2,067) |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ag tús na bliana | | **4,764** | 6,831 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana** | *12* | **1,965** | 4,764 |

Thar ceann an bhoird

**Rose Hynes**
*Cathaoirleach*

**Declan Fitzpatrick**
*Príomhfheidhmeannach*

16 Aibreán 2026

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1 Beartais chuntasaíochta

### Eolas ginearálta agus bunús an ullmhúcháin

Is cuideachta phríobháideach theoranta é Údarás Eitlíochta na hÉireann ("IAA", "an Chuideachta") a bunaíodh faoi Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993 ("Acht 1993") arna leasú leis an Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair ("Acht 2022"), agus cláraithe faoi Acht na gCuideachtaí, 2014.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann* ("FRS 102"). Is é an Euro airgeadra tuairiscithe na ráiteas airgeadais seo. Tá na méideanna ar fad sna ráitis airgeadais tugtha cothrom leis an €1,000 is gaire.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a nglactar leo mar mhíreanna ábhartha i ndáil leis na ráitis airgeadais agus, mura shonraítear a mhalairt, cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad i ngach tréimhse atá luaite sna ráitis airgeadais. Pléitear breithiúnais a thugann na stiúrthóirí, nuair a bhíonn na beartais chuntasaíochta seo á gcur i bhfeidhm, a bhfuil éifeacht shuntasach acu ar na ráitis agus meastacháin airgeadais lena mbaineann riosca suntasach de choigeartú ábhartha sa chéad bhliain eile i nóta 20.

### Gnóthas leantach

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh. Glactar leis go bhfuil acmhainní oiriúnacha ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú sna blianta beaga amach romhainn agus a dliteanais leanúnacha a chomhlíonadh nuair a bhíonn siad dlite i gcomhair tréimhse 12 mhí ar a laghad ón dáta a gceadaítear na ráitis airgeadais.

Ar an 31 Nollaig 2025, bhí airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus taiscí gearrthéarmacha dar luach €65.1 milliún ag an gCuideachta *(2024: €60.2 milliún)*. Tá dúshláin ag baint leis an dearcadh gearrthéarmach lena n-áirítear bacainní maicreacnamaíocha i bhfoirm leibhéal boilscithe ard agus praghsanna breosla níos airde mar aon le rioscaí geopholaitiúla. Is léir ó réamhaisnéisí sreabhaidh airgid na Cuideachta gur cheart go mbeadh an Chuideachta in ann feidhmiú laistigh dá leibhéal leachtachta a bheidh ar fáil sna blianta beaga amach romhainn. Leanfaidh an fhoireann bainistíochta ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar staid airgid thirim na Cuideachta.

Dá réir sin, creideann na stiúrthóirí, i ndiaidh breithniú a dhéanamh ar riachtanais airgid thirim ghnó na Cuideachta amach anseo, an timpeallacht eacnamaíoch as seo go ceann 12 mhí, na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí a mbeidh ar an gCuideachta déileáil leo agus buiséad oibriúcháin na Cuideachta, go bhfuil dóthain acmhainní ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad ó dháta faofa na ráiteas airgeadais agus go bhfuil sé oiriúnach glacadh le bonn an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

### Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún maidir le costais stairiúla agus i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 ('FRS 102'). Tá an Chuideachta faoi réir cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014 freisin.

### Láimhdeachas

Is éard atá i gceist le láimhdeachas na méideanna faighte agus na méideanna infhála, maidir leis na seirbhísí a cuireadh ar fáil do chustaiméirí, mar aon leis na táillí faighte agus leis na táillí infhála, i ndáil le feidhmeanna rialála reachtúla curtha i gcrích nuair a bhí ceanglais an rialacháin sábháilteachta á gcomhlíonadh.

Tomhaistear ioncam ag luach cóir na comaoine faighte nó infhála agus is ionann é agus an méid infhála le haghaidh seirbhísí a cuireadh ar fáil. Sa chás go n-iarchuirtear an chomaoin infhála in airgead tirim nó i gcoibhéisí airgid thirim, agus gurb ionann an socrú agus idirbheart maoinithe, tomhaistear luach cóir na comaoine mar luach láithreach gach fáltas todhchaíoch trí úsáid a bhaint as an ráta úis bharúlaigh.

#### Sceidil Muirear

I gcomhréir leis an Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann 1993 ("Acht 1993"), aithníonn IAA ioncam chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoi Acht 1993 (nó faoi achtacháin eile), lena n-áirítear feidhmeanna a chomhlíonann IAA de bhun Rialacháin an Aontais Eorpaigh atá liostaithe in Acht 1993.

Tá na táillí ina leith sin leagtha amach sna Sceidil Muirear, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an IAA. Déantar iad seo a nuashonrú gach bliain.

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

## 1 Beartais chuntasaíochta (ar lean)

### Láimhdeachas (ar lean)

#### Ioncam iarchurtha

Aithníonn IAA ioncam a bhaineann le deimhnithe aeracmhainneachta, a mhuirearaítear ar bhonn bliantúil ar aerárthaí atá bunaithe san AE, de réir a oibleagáidí monatóireachta agus feidhmíochta de réir méid chothroim thar thréimhse dhá mhí dhéag.

#### Táillí ceadúnais

Aithnítear ioncam ó tháillí ceadúnais sa tréimhse ina n-eisítear an ceadúnas.

### Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas

Tá sócmhainní seasta inláimhsithe sonraithe ag costas, lúide dímheas carntha agus caillteanais bhearnúcháin charntha. Ríomhtar dímheas chun costas gach sócmhainne seasta a dhíscríobh, lena n-áirítear trealamh ceannaithe mar chuid de shuiteáil, de réir méid chothroim thar a saolré fhóinteach mheasta mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgneamh ar léas daingneáin agus feistis | 5 – 10 mbliana |
| Troscán oifige agus trealamh TFC | 3 – 5 bliana |
| Earraí crua | 3 – 5 bliana |

Déantar sócmhainní a dhímheas ón dáta a gcoimisiúnaítear le húsáid iad. Tugtar anonn sócmhainní atá á dtógáil/ suiteálacha a bhfuiltear ag obair orthu ag costas stairiúil agus ní dhéantar iad a dhímheas go dtí go gcuirtear tús lena n-úsáid. Déantar athbhreithniú ar shuimeanna glanluacha na sócmhainní seasta inláimhsithe ag gach dáta tuairiscithe chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé an bhfuil aon fhianaise ar bhearnúchán ar fáil.

### Sócmhainní doláimhsithe

Aithnítear caiteachas ar ghníomhaíochtaí taighde sa chuntas brabúis agus caillteanais mar chostas de réir mar a thabhaítear é. Déantar caiteachas ar ghníomhaíochtaí forbartha a chaipitliú má tá an táirge nó an próiseas indéanta go teicniúil agus go tráchtála agus má tá sé beartaithe ag an gcuideachta, agus má tá an cumas teicniúil agus acmhainní leordhóthanacha aici, an fhorbairt a chríochnú, má tá buntáistí eacnamaíocha todhchaíocha dóchúil agus más féidir leis an gcuideachta an caiteachas a bhaineann leis an tsócmhainn inláimhsithe a thomhas go hiontaofa le linn a forbartha. San áireamh sna gníomhaíochtaí forbartha tá dearadh, tógáil nó tástáil táirgeadh táirgí nó próiseas nua nó feabhsaithe go suntasach. Cuimsítear sa chaiteachas caipitlithe costas na n-ábhar agus an tsaothair dhírigh mar aon le céatadán oiriúnach d’fhorchostais agus de chostais iasachtaíochta chaipitlithe. Aithnítear caiteachas forbartha eile sa chuntas brabúis agus caillteanais mar chostas atá tabhaithe. Tá caiteachas forbartha caipitlithe sonraithe ag costas, lúide amúchadh carntha agus caillteanais bhearnúcháin charntha. Déantar sócmhainní doláimhsithe atá á bhforbairt a amúchadh ón dáta a thagann siad chun bheith ar fáil go suntasach lena n-úsáid ar an gcaoi atá beartaithe ag an mBainistíocht.

Luaitear sócmhainní doláimhsithe eile a fhaigheann an Chuideachta ar chostas lúide amúchadh carntha agus lúide caillteanais bhearnúcháin charntha. Ríomhtar amúchadh de réir méid chothroim thar shaolré fhóinteach mheasta na sócmhainne, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Bogearraí | 3 – 8 bliana |

Déantar sócmhainní doláimhsithe faighte a amúchadh ón dáta a choimisiúnaítear iad lena n-úsáid.

### Sócmhainní léasaithe

Cuirtear costas cíosanna léasa oibriúcháin san áireamh de réir mar a fhabhraítear iad thar thréimhsí na léasanna.

### Airgeadraí eachtracha

Aistrítear idirbhearta in airgeadraí eachtracha go dtí an t-airgeadra feidhmiúil ar an ráta malairte atá i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ag an dáta tuairiscithe go dtí an t-airgeadra feidhmiúil ag ráta malairte dheireadh na bliana. Déileáiltear leis na brabúis agus caillteanais a leanann as a leithéid sa chuntas brabúis agus caillteanais don bhliain.

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

## 1 Beartais chuntasaíochta (ar lean)

### Deontais Rialtais

Aithníonn an Chuideachta deontais Rialtais de réir na samhla fabhraithe faoi FRS 102. Aithnítear deontais ioncaim a bhaineann le caiteachas sa chuntas brabúis agus caillteanais ag an am céanna a thabhaítear an caiteachas gaolmhar a bhfuil sé beartaithe an deontas a úsáid chun é a chúiteamh.

### Cánachas

Foráiltear do cháin chorparáide ar an mbrabús don bhliain ag na rátaí atá i bhfeidhm faoi láthair. Aithnítear cáin iarchurtha i ndáil le gach difríocht uainithe a bhí tagtha chun cinn, ach nach raibh aisiompaithe, ar an dáta tuairiscithe. Déantar soláthar ar na rátaí a mheastar a bheidh i bhfeidhm nuair a bheidh na difríochtaí uainithe aisiompaithe. Is éard atá i gceist le difríochtaí uainithe difríochtaí idir brabúis inchánacha na Cuideachta agus a torthaí, mar atá sonraithe sna ráitis airgeadais, a eascraíonn as gnóthachain agus caillteanais a chur san áireamh i mbrabúis inchánacha i dtréimhsí nach ionann iad agus na tréimhsí atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

Glactar leis go bhfuil sócmhainn chánach iarchurtha in-aisghabhála agus dá réir sin, ní aithnítear a leithéid ach nuair, bunaithe ar an bhfaisnéis ar fad atá ar fáil, is féidir glacadh leis gur dócha go mbeidh brabúis inchánacha oiriúnacha ann ónar féidir aisiompú todhchaíoch na ndifríochtaí uainíochta bunúsacha a asbhaint.

### Sochair scoir

Tá roinnt scéimeanna pinsin i bhfeidhm ag an IAA: “Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann 1996” – do bhaill foirne a chur tús lena bhfostaíocht roimh an 1 Aibreán 2008; “Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann 2008” – do bhaill foirne a chur tús lena bhfostaíocht ón 1 Aibreán 2008 go 31 Nollaig 2011; agus “Plean Pinsin Hibrideach Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012” – do bhaill foirne a chur tús lena bhfostaíocht ón 1 Eanáir 2012. Bhí siad sin go léir ann sular atheagraíodh an chuideachta in 2023 agus clúdaíonn siad seirbhís amach anseo do bhaill foirne i ndiaidh an 1 Bealtaine 2023. In 2023, bhunaigh an IAA scéim(eanna) le sochar sainithe/hibrideach eile do na dliteanais a bhaineann le seirbhís foirne amach anseo chomh maith le sochair phinsin a bhaineann le méaduithe ar phá inphinsin i ndiaidh atheagrú na cuideachta in 2023. Tá baill den Scéim CAR DB (An scéim dhúnta d'iar-fhostaithe CAR arna hurrú ag an IAA i ndiaidh dhíscaoileadh CAR) agus Scéim bhaill Macasamhla SPSPS (iar-fhostaithe CAR a roghnaigh scála sochar SPSPS ón 1 Bealtaine 2023) ann freisin. In 2025, d’oscail an IAA Scéim le Ranníocaíocht Shainithe nua arb í an scéim pinsin réamhshocraithe í do gach fostaí nua anois.

Chomh fada is a bhaineann leis na scéimeanna, tuairiscíodh an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéimeanna agus luach láithreach, measta go hachtúireach, dhliteanais na scéimeanna, trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa, mar shócmhainn/dhliteanas ar an ráiteas maidir le staid airgeadais.

Is ionann an méid atá muirearaithe don chuntas brabúis agus caillteanais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 agus an tsuim seo a leanas:

(a) costas na sochar pinsin, arna gcinneadh go hachtúireach, geallta d’fhostaithe le haghaidh seirbhíse i rith na bliana móide aon fheabhsú sochair ceadaithe do bhaill le linn na bliana (costas seirbhíse faoi láthair/roimhe seo), agus

(b) an t-ús glan ar an nglandliteanas le sochar sainithe ina gcuimsítear costas úis na n-oibleagáidí le sochar sainithe agus ioncam úis ar shócmhainní an phlean.

Aithnítear an difríocht idir an t-ioncam úis ar shócmhainní agus an toradh a fuarthas, agus aon athrú ar na dliteanais mar gheall ar athruithe ar bhoinn tuisceana, nó de bhrí go raibh an t-eispéireas iarbhír le linn na bliana difriúil leis an eispéireas a measadh a bheadh ann, mar ghnóthachain agus caillteanais atomhais sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile (“OCI”).

Sa chás ina sáraíonn sócmhainní scéime a hoibleagáid, aithnítear sócmhainn a mhéid is nach sáraíonn sí luach láithreach laethanta saoire ranníocaíochta amach anseo nó aisíocaíochtaí ranníocaíochtaí (teorainn na sócmhainne). I gcás scéimeanna na Cuideachta, ní chuirtear teorainn na sócmhainne i bhfeidhm de bhrí, in imthosca sonraithe áirithe, amhail foirceannadh ag deireadh shaolré na scéime, tá an Chuideachta ag súil go mbeidh sí in ann aon bharrachas a aisghabháil. Ar an gcuma chéanna, ní aithnítear dliteanas i ndáil le híoscheanglais mhaoinithe amach anseo Níl ceart substainteach ag na hiontaobhaithe chun sochair a mhéadú, ná níl an ceart acu chun an plean a fhoirceannadh ach amháin sa chás go ndéantar an t-eintiteas a dhíscaoileadh nó go bhfoirceannaítear na ranníocaíochtaí a dhéanann an Chuideachta

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

## 1 Beartais chuntasaíochta (ar lean)

### Bannaí Trádála Taistil agus Ciste Cosanta na dTaistealaithe

Aistríodh an fhreagracht a bhain le ceadúnú gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas de réir an Achta Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, arna leasú, ón Roinn Fiontar Poiblí (ag an am) go dtí CAR ar lá a bhunaithe, an 27 Feabhra 2001. Aistríodh an fhreagracht sin chuig an IAA ar dháta an dílsithe (1 Bealtaine 2023) i gcomhréir le ceanglais an Achta Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022.

Coimeádadh airgead lóisteáilte mar bhannaí airgid ag gníomhairí taistil de bhua Alt 13 d'Acht 1982 i gcuntais bhainc ar leith a bhí á rialú ag an IAA. Déanann an IAA íocaíochtaí de bhun éileamh a dhéantar ar na bannaí de réir mar a thagann siad chun cinn. Tugtar cuntas mar chreidiúnaithe ar iarmhéideanna nár caitheadh ar chuntais bannaí amhail an 31 Nollaig 2025.

Bunaíodh Ciste Cosanta na dTaistealaithe faoi Alt 15 d'Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, chun foráil a dhéanamh d'aon easnamh ar na bannaí taistil a chlúdaíonn caillteanais nó dliteanais tabhaithe ag custaiméirí gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas.

Aisíocadh na cuntais bannaí agus an Ciste a bhí á riar ag an IAA a raibh a speansais aisíoctha ó na bannaí nó ón gCiste faoi théarmaí Acht 1982. Ullmhaíodh ráitis airgeadais ar leithligh do na cuntais bannaí ghlaoite agus do Chiste Cosanta na dTaistealaithe agus déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh orthu freisin.

### Ionstraimí airgeadais bunúsacha

Ar dtús, aithnítear sócmhainní airgeadais bunúsacha, lena n-áirítear infháltais thrádála, ioncam fabhraithe, infháltais eile agus iarmhéideanna airgid thirim agus bainc, ag an bpraghas idirbhirt, murab ionann an socrú agus idirbheart airgid, sa chás go dtomhaistear an t-idirbheart ag luach láithreach na bhfáltas todhchaíoch lascainithe ag margadhluach úis agus aitheanta i gcoinne ioncaim. Ina dhiaidh sin, tugtar a leithéid de shócmhainní anonn ag costas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an úis ghlain agus aithnítear iad mar ioncam úis.

### Féichiúnaithe agus creidiúnaithe trádála agus eile

Ar dtús, aithnítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile ag an bpraghas idirbhirt móide costais idirbhirt inchurtha eile. Ar dtús, aithnítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile ag an bpraghas idirbhirt lúide costais idirbhirt inchurtha eile. I ndiaidh a n-aitheanta tosaigh, tomhaistear iad ag costas amúchta, trí úsáid a bhaint as modh an úis ghlain, lúide aon chaillteanas bearnúcháin sa chás gur féichiúnaithe trádála atá i gceist

Ríomhtar caillteanas bearnúcháin a bhaineann le sócmhainn airgeadais tomhaiste ag costas amúchta mar an difríocht idir a suim ghlanluacha agus luach láithreach na sreafaí airgid todhchaíocha measta lascainithe ar ghlanráta úis bunaidh na sócmhainne. Táthar ag leanúint ar aghaidh le hús ar an tsócmhainn bhearnaithe a aithint ar an tsuim ghlanluacha ghlan. Maidir le hionstraimí airgeadais arna dtomhas ag costas lúide bearnúchán, ríomhtar bearnúchán mar an difríocht idir a shuim ghlanluacha agus an meastachán is fearr faoin méid a bhfaigheadh an Chuideachta don tsócmhainn dá ndíolfaí í ag an dáta tuairiscithe Aithnítear caillteanais bhearnúcháin sa chuntas brabúis nó caillteanais Nuair a bhíonn imeacht a tharlaíonn ina dhiaidh sin mar bhonn le méid an chaillteanais bhearnúcháin a bheith ag laghdú, aisiompaítear an laghdú ar an gcaillteanas bearnúcháin tríd an gcuntas brabúis nó caillteanais.

### Airgead tirim, coibhéisí airgid thirim agus taiscí gearrthéarmacha

Is éard atá i gceist le hairgead tirim airgead tirim arna shealbhú i mbainc agus atá ar fáil ar éileamh. Is infheistíochtaí an-leachtacha iad coibhéisí airgid thirim (seachas airgead tirim) ar furasta iad a thiontú go dtí méideanna aitheanta airgid thirim, taiscí airgid thirim lena mbaineann tréimhse aon lá amháin agus trí mhí de ghnáth. Is ionann taiscí gearrthéarmacha agus taiscí airgid thirim lena mbaineann tréimhse trí mhí go dtí aon bhliain amháin. Ar dtús, taifeadtar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus taiscí gearrthéarmacha ag luach cóir agus ina dhiaidh sin sonraítear iad ag costas amúchta agus déantar iad a chatagóiriú mar iasachtaí agus infháltais.

### Soláthairtí

Aithnítear foráil nuair atá oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe ag an gCuideachta faoi láthair mar thoradh ar theagmhas a tharla roimhe seo, ar féidir í a thomhas go hiontaofa agus ar dócha go mbeidh eis-sreabhadh de shochair eacnamaíocha ag teastáil chun an oibleagáid a réiteach.

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

## 2 Láimhdeachas

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| *Gníomhaíocht:* | | |
| Deimhniú | **19,020** | 16,939 |
| Maoirseacht ar Aerloingseoireacht (NSA) | **7,283** | 7,050 |
| Ceadúnú | **3,634** | 3,948 |
| Tobhach Ginearálta | **3,529** | - |
| Slándáil Eitlíochta | **3,116** | 2,523 |
| Maoirseacht ar Mhuirir Aerfoirt | **2,368** | 2,230 |
| Táille Bhliantúil maidir le Comhordú Sliotán | **2,062** | 766 |
| Tobhach um Chosaint Tomhaltóirí | **1,521** | 966 |
| Seirbhísí Idirnáisiúnta | **1,329** | 1,690 |
| Aeradróim | **1,211** | 1,152 |
| ReFuel AE | **334** | - |
| Athmhuirearú Aerlíne | **221** | 171 |
| | **45,628** | 37,435 |

Baineann láimhdeachas IAA go príomha le seirbhísí eitlíochta agus feidhmeanna reachtúla a chuirtear ar fáil i bPoblacht na hÉireann. Rinneadh na figiúirí comparáideacha a athshonrú i gcomhréir leis an gcur i láthair nuashonraithe.

## 3 Caiteachas oibriúcháin

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Costais phárolla | **24,768** | 22,009 |
| Costais oiliúna, foirne gníomhaireachta, agus costais eile a bhaineann le foireann | **1,418** | 1,102 |
| Taisteal agus cothú | **1,611** | 1,518 |
| Cíos, rátaí agus muirear seirbhíse foirgnimh | **4,155** | 4,096 |
| Cothabháil, fóntais agus costais eile a bhaineann le maoin | **877** | 614 |
| Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide | **3,577** | 3,163 |
| Árachas | **748** | 680 |
| Táillí comhairleoireachta agus táillí gairmiúla eile | **2,889** | 3,635 |
| Dímheas agus (brabús)/caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | **535** | 548 |
| Costais oibriúcháin eile | **912** | 1,043 |
| | **41,490** | 38,408 |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

## 4 Líon foirne agus costais

Seo a leanas meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe le linn na bliana, lena n áirítear na stiúrthóirí feidhmiúcháin, anailísithe de réir catagóire:

| | **2025 Líon** | 2024 Líon |
|---|---|---|
| Rialachán sábháilteachta | **144** | 134 |
| Nithe oibríochtúla eile | **21** | 20 |
| Seirbhísí corparáideacha | **40** | 35 |
| Líon iomlán fostaithe | **205** | 189 |

Seo a leanas costais phárolla chomhiomlána na ndaoine seo, atá curtha san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais:

| | **2025 €'000** | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | **20,691** | 18,451 |
| Costais leasa shóisialaigh | **2,205** | 1,940 |
| Costais iomarcaíochta | **77** | - |
| Costais phinsin – costas seirbhíse reatha (nóta 19) | **1,451** | 1,397 |
| Costais phinsin – ranníocaíocht shainithe (nóta 19) | **342** | 221 |
| Costais phinsin – costas iarsheirbhíse (nóta 19) | **2** | - |
| | **24,768** | 22,009 |

Is féidir tuilleadh anailíse a dhéanamh ar phánna agus ar thuarastail mar seo a leanas:

| | **2025 €'000** | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Pá bunúsach | **20,414** | 18,275 |
| Ragobair | **-** | - |
| Liúntais agus íocaíochtaí eile | **277** | 176 |
| | **20,691** | 18,451 |

Tá líon na bhfostaithe ar íocadh sa bhreis ar €50,000 leo catagóirithe sna bannaí seo a leanas:

| | **2025 Líon** | 2024 Líon |
|---|---|---|
| €50,000 - €74,999 | **47** | 36 |
| €75,000 - €99,999 | **23** | 24 |
| €100,000 - €124,999 | **20** | 21 |
| €125,000 - €149,999 | **47** | 41 |
| €150,000 - €174,999 | **28** | 24 |
| €175,000 - €199,999 | **4** | 5 |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

## 5 Ús infhála agus ioncam eile den chineál céanna

| | **2025 €'000** | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam úis ar shócmhainní le sochar sainithe | **712** | 455 |
| Ús bainc | **1,120** | 1,769 |
| | **1,832** | 2,224 |

## 6 Ús iníoctha agus muirir den chineál céanna

| | **2025 €'000** | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Costas úis ar dhliteanais le sochar sainithe | **766** | 569 |
| | **766** | 569 |

## 7 Faisnéis reachtúil agus faisnéis eile

Sonraítear an brabús don bhliain airgeadais i ndiaidh an mhéid seo a leanas a mhuirearú:

| | **2025 €'000** | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Dímheas agus Amúchadh (nóta 9 agus 10) | **535** | 548 |
| Cíosanna atá iníoctha faoi léasanna oibriúcháin - foirgnimh | **2,778** | 3,138 |
| Cíosanna atá iníoctha faoi léasanna oibriúcháin - eile | **1** | 3 |
| Caillteanas diúscartha ar shócmhainn sheasta inláimhsithe agus ar shócmhainn dholáimhsithe (nóta 9 agus 10) | **22** | 41 |

| **Luach saothair an Iniúchóra** | **2025 €'000** | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| *Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste* | | |
| - iniúchadh | **39** | 35 |
| **Luach saothair iomlán an iniúchóra** | **39** | 35 |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

## 7 Faisnéis reachtúil agus faisnéis eile (ar lean)

| | **2025** **€** | 2024 € |
|---|---|---|
| **Luach saothair na Stiúrthóirí** | | |
| *Táillí iníoctha le stiúrthóirí* | | |
| Rose Hynes, Uasal *(Cathaoirleach)* | **21,600** | 21,600 |
| Declan Fitzpatrick† *(Príomhfheidhmeannach)* | **-** | - |
| An tUasal Gerry Lumsden | **12,600** | 12,600 |
| Joan McGrath, Uasal | **12,600** | 12,600 |
| An tUasal Dermot Griffin | **9,700** | 12,600 |
| An tUasal Patrick Knight | **12,600** | 12,600 |
| Ann Mc Garry, Uasal | **12,600** | 12,600 |
| Nóirín O'Sullivan, Uasal | **12,600** | 12,600 |
| An tUasal Colum Hanifan† | **-** | - |
| | **94,300** | 97,200 |

*†Ní bhfuair an tUasal Hanifan ná an tUasal Fitzpatrick táille stiúrthóra agus íocadh iad mar fhostaithe de chuid an IAA.*

Ar an iomlán, bhí costais a íocadh le, nó a íocadh thar ceann, stiúrthóirí, i ndáil le seirbhísí mar stiúrthóir cothrom le €1,959 san iomlán le linn 2025 *(2024: €1,050)*. Ba le taisteal agus cothú go príomha a bhain na costais seo.

**Luach saothair agus ranníocaíochtaí pinsin a bhaineann le conradh fostaíochta an Phríomhfheidhmeannaigh**

| | **2025** **€'000** | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| An tUasal Declan Fitzpatrick | | |
| Buntuarastal bliantúil | **195** | 195 |
| Sochair inchánacha eile | **-** | - |
| Ranníocaíocht phinsin | **21** | 21 |
| | **216** | 216 |

De bhun a chonartha Príomhfheidhmeannaigh, is é €195,000 sa bhliain tuarastal an Uasail Fitzpatrick. Ba é €21,255 an luach saothair agus na ranníocaíochtaí pinsin a bhain lena chonradh fostaíochta.

Bhí an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta sa bhliain cothrom le €1.7 milliún *(2024: €1.7 milliún)* ina gcuimsítear tuarastail agus sochair fostaí ghearrthéarmacha eile dar luach €1.5 milliún *(2024: €1.5 milliún)* agus sochair iarfhostaíochta dar luach €0.2 milliún *(2024: €0.2 milliún)*. Is éard atá i gceist le cúiteamh na príomhfhoirne bainistíochta cúiteamh a íocadh le daoine ag a bhfuil údarás agus freagracht as gníomhaíochtaí na Cuideachta a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. Ina measc siúd tá na comhaltaí Boird agus na feidhmeannaigh shinsearacha.

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

## 8 Cáin ar bhrabús as gnáthghníomhaíochtaí

| | 2025<br>€'000 | 2024<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Anailís ar an muirear cánach sa bhliain** | | |
| *Cáin Reatha* | | |
| Cáin chorparáide | **764** | 483 |
| Coigeartuithe i leith réamhthréimhsí | **(66)** | 29 |
| | **698** | 512 |
| *Cáin iarchurtha* | | |
| Bunús agus aisiompú difríochtaí uainiúcháin | **312** | 158 |
| Coigeartuithe i leith réamhthréimhsí | **-** | - |
| | **312** | 158 |
| **Cáin ar bhrabús as gnáthghníomhaíochtaí** | **1,010** | 670 |

| | 2025<br>€'000 | 2024<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Réiteach cánach iomlán brabúis agus caillteanais** | | |
| Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin | **7,076** | 2,577 |
| Cáin reatha ionchais ar 12.5% | **884** | 322 |
| *Tionchar na nithe seo a leanas:* | | |
| Speansais nach bhfuil inasbhainte chun críocha cánach | **201** | 379 |
| Ioncam nach bhfuil inchánach ar an ngnáthráta | **145** | 231 |
| Cáin chorparáide i leith blianta roimhe sin | **(67)** | 29 |
| Coigeartuithe eile | **(153)** | (291) |
| **Cáin ar bhrabús as gnáthghníomhaíochtaí** | **1,010** | 670 |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

## 9 Sócmhainní seasta inláimhsithe

| | Foirgneamh ar léas – troscán agus fearais €'000 | Troscán oifige agus trealamh TFC €'000 | Earraí crua €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| ***Costas*** | | | | |
| Ag tús na bliana | 2,933 | 24 | 1,240 | 4,197 |
| Breiseanna sa bhliain | 272 | - | 144 | 416 |
| Diúscairtí sa bhliain | - | - | (353) | (353) |
| **Ag deireadh na bliana** | **3,205** | **24** | **1,031** | **4,260** |
| ***Dímheas carntha*** | | | | |
| Ag tús na bliana | 2,640 | 11 | 684 | 3,335 |
| Muirear sa bhliain | 98 | 4 | 288 | 390 |
| Diúscairtí sa bhliain | - | - | (331) | (331) |
| **Ag deireadh na bliana** | **2,738** | **15** | **640** | **3,393** |
| ***Glanluach de réir na leabhar*** | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **467** | **9** | **391** | **867** |
| amhail an 31 Nollaig 2024 | 294 | 13 | 556 | 863 |

Tar éis an athbhreithnithe a cuireadh i gcrích le linn na bliana, aithníodh go bhfuil caillteanas diúscartha €22k *(2024: €9k)* i speansais oibriúcháin sa chuntas brabúis agus caillteanais.

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

## 10 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí €'000 | sócmhainn dholáimhsithe atá á forbairt €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| ***Costas*** | | | |
| Ag tús na bliana | 27 | 6,057 | 6,084 |
| Breiseanna | – | 441 | 441 |
| Aistrithe le linn na bliana | 6,498 | (6,498) | – |
| Diúscairtí | – | – | – |
| **Ag deireadh na bliana** | **6,525** | **-** | **6,525** |
| ***Dímheas carntha*** | | | |
| Ag tús na bliana | 14 | – | 14 |
| Muirear sa bhliain | 144 | – | 144 |
| Diúscairtí sa bhliain | | | |
| **Ag deireadh na bliana** | **158** | **-** | **158** |
| ***Glanluach de réir na leabhar*** | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **6,367** | **-** | **6,367** |
| amhail an 31 Nollaig 2024 | 13 | 6,057 | 6,070 |

Is ionann sócmhainní doláimhsithe atá á bhforbairt agus costais tríú páirtí a thabhaítear chun ardán MySRS IAA a fhorbairt.

## 11 Féichiúnaithe

| | **2025 €'000** | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | **1,689** | 2,541 |
| Réamhíocaíochtaí | **584** | 981 |
| Ioncam carntha | **4,898** | 3,437 |
| Féichiúnaithe eile | **1,075** | 438 |
| Cáin chorparáide | **125** | 418 |
| Sócmhainn cánach iarchurtha (nóta 15) | **-** | 59 |
| | **8,371** | 7,874 |
| Dlite laistigh de bhliain amháin | **8,371** | 7,874 |
| Dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | **-** | - |
| | **8,371** | 7,874 |

San áireamh sna féichiúnaithe trádála tá méideanna thar am atá dlite dar luach €0.55 milliún *(2024: €1.1 milliún)* a ndéantar foráil le haghaidh €Nialas *(2024: €Nialas)* de laistigh d'fhorálacha drochfhéich.

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

## 12 Airgid tirim agus coibhéisí airgid thirim, taiscí gearrthéarmacha agus airgead tirim srianta

| | An 1 Eanáir 2025 €'000 | Sreabhadh airgid €'000 | Úsáid €'000 | An 31 Nollaig 2025 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 4,764 | - | (2,799) | **1,965** |
| Taiscí gearrthéarmacha | 55,511 | 7,659 | - | **63,170** |
| Airgid Tirim Srianta | 24,852 | 2,161 | - | **27,013** |
| | 85,127 | 9,820 | (2,799) | **92,148** |

Baineann airgead tirim srianta le Cuntas Reatha an Chiste Cosanta Taistealaithe agus le bannaí airgid thirim a shealbhaítear le haghaidh gníomhairí taistil ceadúnaithe agus tionscnóirí turas.

## 13 Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe trádála | **468** | 1,065 |
| Creidiúnaithe eile lena n-áirítear cáin agus leas sóisialach (nóta 14) | **1,218** | 784 |
| Taiscí a glacadh | **27,013** | 24,852 |
| Fabhruithe | **3,415** | 2,859 |
| Ioncam iarchurtha | **5,712** | 6,440 |
| | **37,826** | 36,000 |

## 14 Cánacha agus leas sóisialach áirithe le creidiúnaithe eile

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| ÍMAT | **1,057** | 616 |
| Cáin bhreisluacha | **16** | 28 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | **101** | 140 |
| | **1,174** | 784 |

## 15 Sócmhainn chánach iarchurtha/(dliteanas)

| | *Tagairt* | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|---|
| Sócmhainn cánach iarchurtha – gan cánacha | | | |
| a bhaineann le sochair fostaithe san áireamh (reatha) | *(i)* | **(41)** | 59 |
| Sócmhainn cánach iarchurtha – | | | |
| a bhaineann le sochair fostaithe (neamh-reatha) | *(ii)* | **370** | 1,003 |
| **Sócmhainn cánach iarchurtha** | | **329** | 1,062 |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

## 15 Sócmhainn/(dliteanas) cánach iarchurtha (ar lean)

### (i) Cánachas iarchurtha – gan cánacha a bhaineann le sochair fostaithe a áireamh

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Ag tús na bliana | **59** | 18 |
| Creidmheas/(muirear) ar an gcuntas brabúis agus caillteanais (nóta 8) | **(100)** | 41 |
| **Ag deireadh na bliana** | **(41)** | 59 |

### (ii) Cánachas iarchurtha – a bhaineann le sochair fostaithe

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Ag tús na bliana | **1,003** | 1,034 |
| Athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha a aithnítear in OCI | **(420)** | 168 |
| Gearrtha ar an gcuntas brabúis agus caillteanais (nóta 8) | **(213)** | (199) |
| **Ag deireadh na bliana** | **370** | 1,003 |

## 16 Scairchaipiteal glaoite - cothromas

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| ***Údaraithe, leithdháilte, glaoite agus íoctha go hiomlán*** | | |
| 17,858,000 gnáthscair ag €1.27 an scair | **22,675** | 22,675 |

## 17 Páirtithe gaolmhara

Cosúil le go leor comhlachtaí rialtais eile, déileálann an IAA i ngnáthchúrsa gnó le comhlachtaí agus ranna rialtais eile, amhail Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath ("DAA") cpt., Údarás Aerfort na Sionainne Teo, Bord Soláthair an Leictreachais ("ESB"), Airnav Ireland agus an Roinn Iompair.

Le linn na bliana, thuill an IAA ioncam arbh fhiú €7.28 milliún *(2024: €7.04 milliún)* trí mhaoirseacht rialála sábháilteachta a dhéanamh ar AirNav Ireland. Chomh maith leis sin, le linn na bliana, thuill an IAA ioncam cíosa dar luach €1.2 milliún *(2024: €1.7 milliún)* chun cuid d'fhoirgneamh a cheannoifige a léasú le AirNav Ireland. Amhail ar an 31 Nollaig 2025, tá infháltas dlite ag IAA ó AirNav Ireland dar luach €0.9 milliún *(2024: €0.7 milliún).*

Tá eolas maidir le nochtaí a bhaineann le príomhphearsana bainistíochta le fáil i nóta 7.

## 18 Ceangaltais

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Caiteachas caipitil todhchaíoch ceadaithe ag na stiúrthóirí: | | |
| Níl conradh bunaithe | **-** | - |
| Tá conradh bunaithe | **844** | 844 |
| | **844** | 844 |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

## 18 Ceangaltais (ar lean)

### i) Ceangaltais léasa oibriúcháin

Seo a leanas iomlán na n-íocaíochtaí léasa íosta todhchaíocha faoi léasanna oibriúcháin neamh-incheallaithe:

| | **Foirgnimh 2025 €'000** | Foirgnimh 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Iníoctha: | | |
| Laistigh de bhliain amháin | **2,932** | 1,227 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | **11,640** | 11,665 |
| Níos mó ná cúig bliana | **16,734** | 19,643 |
| | **31,306** | 32,535 |

## 19 Sochair scoir

| | **2025 €'000** | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Sócmhainn/(dliteanas) pinsin le sochar sainithe (féach A thíos) | **581** | (2,123) |
| Sócmhainn/(dliteanas) scéime sochair scoir – CRE (féach B thíos) | **424** | (518) |
| Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí – CRE (féach C thíos) | **-** | - |
| **(Oibleagáidí)/sócmhainní iomlána sochair scoir** | **1,005** | (2,641) |

Tagann teidlíochtaí pinsin fostaithe chun cinn faoi roinnt scéimeanna le sochar sainithe, agus tá na sócmhainní a bhaineann leo dílsithe in iontaobhaithe neamhspleácha.

Déanann IAA luachálacha achtúireacha ar na scéimeanna pinsin le sochar sainithe uair amháin gach trí bliana ar a laghad. Is é dáta na luachála achtúirí is déanaí an 31 Nollaig 2025 agus clúdaítear ann na sochair fhabhraithe ar fad. Achtúirí neamhspleácha cáilithe a rinne na luachálacha seo.

Tá na luachálacha a rinneadh chun críche FRS 102 bunaithe ar na luachálacha maoinithe is déanaí le haghaidh na scéimeanna atá coigeartaithe ag na hachtúirí neamhspleácha chun cuntas a dhéanamh ar fhabhrú na ndliteanas suas go dtí an 31 Nollaig 2025 agus chun cuntas a dhéanamh ar na dálaí airgeadais ar an dáta sin. Cuireadh na luachálacha a úsáideadh chun críche FRS 102 i gcrích trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta, agus tá luach luaite le sócmhainní chun na críche seo ag margadhluach.

Níl na tuarascálacha achtúireacha, atá ar fáil do bhaill na scéimeanna, ar fáil don phobal chun iad a scrúdú.

Níl aon scéim neamhchistithe ag an IAA cé is moite de scéim pinsean aonair na seirbhíse poiblí (SPSPS). Níl aon ranníocaíocht gan íoc nó réamhíoctha ann ag deireadh na bliana.

### A. Scéimeanna le Sochar Sainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann

| **(i) Suimeanna aitheanta sa ráiteas ar an staid airgeadais** | **2025 €'000** | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Luach láithreach oibleagáidí atá maoinithe go hiomlán nó i bpáirt | **(13,463)** | (13,656) |
| Luach cóir sócmhainní plean | **14,044** | 11,533 |
| **Glansócmhainn/(dliteanas)** | **581** | (2,123) |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

## 19 Sochair scoir (ar lean)

### A. Scéimeanna le Sochar Sainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann (ar lean)

Mhéadaigh na sócmhainní pinsin bliain i ndiaidh bliana mar gheall ar ranníocaíochtaí suntasacha fostóirí dar luach €1.5m ar an iomlán le linn na bliana. Laghdaigh na dliteanais phinsin le linn na bliana, arbh é an cúis leis sin go príomha méadú ar an ráta lascaine a úsáidtear chun luach na ndliteanas a luacháil, rud ba chúis le laghdú €2.3m ar na dliteanais chomhlána thar an mbliain. Mar thoradh air sin, bhí glansócmhainn phinsin de €0.6 milliún *(2024: dliteanas de €2.1 milliún)* ag an gCuideachta amhail an 31 Nollaig 2025 i leith na scéimeanna pinsin le sochar sainithe (“na Scéimeanna”).

Is é an ráta lascaine an phríomhthoimhde a spreagann an t-athrú ar dhliteanais chomhlána na Scéime. Dá dtiocfadh laghdú 0.25% go 4.25% ar an ráta lascaine a úsáideadh, gan tionchar a imirt ar luach na sócmhainní, thiocfadh méadú ar an nglansócmhainn go €0.07 milliún. I bhfianaise fhad na scéime pinsin, réamh-mheastar go bhféadfadh gluaiseachtaí ábhartha ráta lascaine tarlú, rud a dhéanfadh difear do ghlansuíomh sócmhainne nó dliteanais na Scéime.

D’aithin an Chuideachta an ghlansócmhainn amhail an 31 Nollaig 2025.

| **(ii) Toimhdí achtúireacha** | **2025 Aonad Réamh-Mheasta** | 2024 Aonad Réamh-Mheasta |
|---|---|---|
| *Meán-thoimhdí ualaithe chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí sochair* | | |
| Ráta lascaine | **4.50%** | 3.60% |
| Ráta an mhéadaithe cúitimh ghinearálta | **2.50%** | 2.50% |
| Ráta méadaithe ar ardú céime | **0.50%** | 0.50% |
| Ráta an bhoilscithe praghsanna | **2.00%** | 2.00% |
| Ráta an mhéadaithe pinsin | **0.00%** | 0.00% |

Tá na boinn tuisceana a bhaineann le fad saoil atá mar bhonn leis na dliteanais phinsin ag an dáta tuairiscithe bunaithe ar na táblaí mortlaíochta achtúireacha caighdeánacha agus cuimsítear iontu liúntas chun an fad saoil a fheabhsú amach anseo.

Tá na toimhdí seo comhionann le bheith ag súil leis go mairfidh duine atá 65 bliain d’aois i gcomhair roinnt blianta mar seo a leanas:

| | **2025** | 2024 |
|---|---|---|
| *Úsáideadh ionchas saoil do bhall fireann ó aois 65 sa tábla mortlaíochta iarscoir chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí sochair i gcomhair:* | | |
| Baill gníomhacha reatha agus iarchurtha | **25.4** | 25.3 |
| Baill ar pinsinéirí iad faoi láthair | **23.6** | 23.5 |
| *Úsáideadh ionchas saoil do bhall baineann ó aois 65 sa tábla mortlaíochta iarscoir chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí sochair le haghaidh:* | | |
| Baill gníomhacha reatha agus iarchurtha | **27.2** | 27.1 |
| Baill ar pinsinéirí iad faoi láthair | **25.3** | 25.3 |

Roghnaítear na toimhdí a úsáideann an t-achtúire ó raon toimhdí achtúireacha féideartha a d’fhéadfadh, mar gheall ar an tréimhse i gceist, gan a bheith i gceist i gcleachtas.

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

## 19 Sochair scoir (ar lean)

### A. Scéimeanna le Sochar Sainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann (ar lean)

| **(iii) Gluaiseachtaí ar luach cóir shócmhainní an phlean** | **2025 €'000** | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Luach cóir shócmhainní an phlean ag tús na bliana | **11,533** | 2,305 |
| Atomhas: toradh ar shócmhainní an phlean seachas ioncam úis | **(138)** | 94 |
| Ioncam ó ús | **455** | 243 |
| Ranníocaíocht fostóra | **1,546** | 8,219 |
| Ranníocaíochtaí na mball | **752** | 735 |
| Sochair íoctha ón bplean | **(104)** | (63) |
| **Luach cóir shócmhainní an phlean ag deireadh na bliana** | **14,044** | 11,533 |

| **(iv) Gluaiseachtaí ar luach láithreach oibleagáidí le sochar sainithe** | **2025 €'000** | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Oibleagáid sochair ag tús na bliana | **(13,656)** | (9,165) |
| Costas seirbhíse reatha | **(1,296)** | (1,259) |
| Costas úis | **(490)** | (329) |
| Ranníocaíochtaí na mball | **(752)** | (735) |
| Atomhas: gnóthachain achtúireacha | **2,629** | (1,707) |
| Sochair íoctha ón bplean | **104** | 63 |
| Aistriú ó phinsean forlíontach ex gratia (Féach B thíos) | **-** | (524) |
| Caillteanas ar athruithe | **(2)** | - |
| **Oibleagáid sochair ag deireadh na bliana** | **(13,463)** | (13,656) |

| **(v) Comhpháirteanna an chostais pinsin** | **2025 €'000** | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| *Costas aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais* | | |
| Costas seirbhíse reatha (nóta 4) | **(1,296)** | (1,259) |
| Costas airgid bhreise (nóta 4) | **-** | - |
| Ioncam úis ar shócmhainní le sochar sainithe (nóta 5) | **455** | 243 |
| Costas úis ar dhliteanais le sochar sainithe (nóta 6) | **(490)** | (329) |
| **Costas iomlán pinsin aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais** | **(1,331)** | (1,345) |
| | | |
| **Méideanna aitheanta in ioncam cuimsitheach eile** | | |
| (Caillteanais)/gnóthachain achtúireacha aitheanta láithreach | **2,491** | (1,613) |
| Caillteanas ar athruithe | **(2)** | - |
| | **2,489** | (1,613) |
| **Iomlán don bhliain** | **1,158** | (2,958) |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

## 19 Sochair scoir (ar lean)

### A. Scéimeanna le Sochar Sainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann (ar lean)

| (vi) Sócmhainní an Phlean | Méid na sócmhainní plean 2025 €'000 | Méid na sócmhainní plean 2024 €'000 |
|---|---|---|
| *Na leithdháiltí sócmhainne amhail an 31 Nollaig:* | | |
| Urrúis chothromais | - | - |
| Urrúis bhannaí | 6,776 | 5,620 |
| Eile | 7,268 | 5,913 |
| | 14,044 | 11,533 |

Gearrfar ioncam úis ar shócmhainní plean ar 4.5% *(2024: 3.6%)*.

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| *Toradh iarbhír ar shócmhainní* | | |
| Toradh iarbhír ar shócmhainní an phlean | 317 | 337 |

| (vii) Méideanna nochta riachtanacha eile | €'000 |
|---|---|
| Ranníocaíochtaí a bhfuiltear ag súil leis go n-íocfaidh an IAA iad le linn 2026 | 1,575 |

### B. Scéim Sochair Scoir – CRE

| (i) Suimeanna aitheanta sa ráiteas ar an staid airgeadais | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Luach láithreach oibleagáidí atá maoinithe go hiomlán nó i bpáirt | (6,398) | (7,153) |
| Luach cóir sócmhainní plean | 6,822 | 6,635 |
| **Glansócmhainn/(dliteanas)** | 424 | (518) |

Is socrú sochair scoir tuarastail deiridh sochair shainithe í an scéim sochair scoir seo agus sainítear na sochair trí thagairt a dhéanamh do rialacháin reatha maidir leis an scéim 'samhail' san earnáil phoiblí. Socraítear rátaí ranníocaíochta fostóirí ag féachaint do chomhairle achtúireach agus d'athbhreithniú tréimhsiúil ar an ráta maoinithe a theastaíonn don scéim. Soláthraíonn an scéim le sochar scoir (aon ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus sochair scoir céilí agus leanaí. Is iondúil gur 65 bliana d'aois an aois scoir. Is gnách go dtagann méadú ar shochair scoir in íocaíocht (agus iarchur) i gcomhréir le boilsciú praghsanna.

Bhí glansócmhainn pinsin €0.4 milliún ag an gCuideachta amhail an 31 Nollaig 2025 *(2024: dliteanas de €0.5 milliún)* i leith na scéimeanna pinsin le sochar sainithe.

Is é an ráta lascaine an phríomhthoimhde a spreagann an t-athrú ar dhliteanais chomhlána na Scéime. Dá dtiocfadh laghdú 0.25% go 4.25% ar an ráta lascaine a úsáideadh, gan tionchar a imirt ar luach na sócmhainní, thiocfadh laghdú ar an nglansócmhainn go €0.1 milliún. I bhfianaise fhad na scéime pinsin, foráiltear go bhféadfadh gluaiseachtaí ábhartha ráta lascaine tarlú, rud a dhéanfadh difear do ghlansuíomh sócmhainne nó dliteanais na Scéime.

D'aithin an Chuideachta an ghlansócmhainn amhail an 31 Nollaig 2025.

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

## 19 Sochair scoir (ar lean)

### B. Scéim Sochair Scoir – CRE (ar lean)

| **(ii) Toimhdí achtúireacha** | **2025 Aonad Réamh-Mheasta** | 2024 Aonad Réamh-Mheasta |
|---|---|---|
| *Meán-thoimhdí ualaithe chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí sochair* | | |
| Ráta lascaine | **4.50%** | 3.60% |
| Ráta an mhéadaithe cúitimh ghinearálta agus méadú ar ardú céime | **3.00%** | 3.00% |
| Ráta an bhoilscithe praghsanna | **2.00%** | 2.00% |
| Ráta an mhéadaithe pinsin | **2.00%** | 2.00% |

Tá na toimhdí a bhaineann le fad saoil atá mar bhonn leis na dliteanais phinsin ag an dáta tuairiscithe bunaithe ar na táblaí mortlaíochta achtúireacha caighdeánacha agus cuimsítear iontu liúntas chun an fad saoil a fheabhsú amach anseo. Tá na toimhdí seo comhionann le bheith ag súil leis go mairfidh duine atá 65 bliain d'aois i gcomhair roinnt blianta mar seo a leanas:

| | **2025** | 2024 |
|---|---|---|
| *Úsáideadh ionchas saoil do bhall fireann ó aois 65 sa tábla mortlaíochta iarscoir chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí sochair i gcomhair:* | | |
| Baill gníomhacha reatha agus iarchurtha | **25.3** | 25.3 |
| Baill ar pinsinéirí iad faoi láthair | **23.5** | 23.5 |
| *Úsáideadh ionchas saoil do bhall baineann ó aois 65 sa tábla mortlaíochta iarscoir chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí sochair i gcomhair:* | | |
| Baill gníomhacha reatha agus iarchurtha | **27.1** | 27.1 |
| Baill ar pinsinéirí iad faoi láthair | **25.3** | 25.3 |

Roghnaítear na toimhdí a úsáideann an t-achtúire ó raon toimhdí achtúireacha féideartha a d'fhéadfadh, mar gheall ar an tréimhse i gceist, gan a bheith i gceist i gcleachtas.

| **(iii) Gluaiseachtaí ar luach cóir shócmhainní an phlean** | **2025 €'000** | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Luach cóir shócmhainní an phlean ag tús na bliana | **6,635** | 5,948 |
| Ioncam | **(228)** | 349 |
| Ioncam ó ús | **242** | 199 |
| Ranníocaíocht fostóra | **244** | 230 |
| Ranníocaíochtaí na mball | **43** | 40 |
| Sochair íoctha ón bplean | **(114)** | (131) |
| **Luach cóir shócmhainní an phlean ag deireadh na bliana** | **6,822** | 6,635 |

| **(iv) Gluaiseachtaí ar luach láithreach oibleagáidí le sochar sainithe** | **2025 €'000** | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Oibleagáid sochair ag tús na bliana | **(7,153)** | (6,801) |
| Costas seirbhíse reatha | **(155)** | (138) |
| Costas úis | **(261)** | (227) |
| Ranníocaíochtaí na mball | **(43)** | (40) |
| Atomhas: gnóthachain achtúireacha | **1,100** | (77) |
| Sochair íoctha ón bplean | **114** | 130 |
| **Oibleagáid sochair ag deireadh na bliana** | **(6,398)** | (7,153) |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

## 19 Sochair scoir (ar lean)

### B. Scéim Sochair Scoir – CRE (ar lean)

| (v) Comhpháirteanna an chostais pinsin | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| *Costas aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais* | | |
| Costas seirbhíse reatha (nóta 4) | (155) | (138) |
| Ioncam úis ar shócmhainní le sochar sainithe (nóta 5) | 242 | 199 |
| Costas úis ar dhliteanais le sochar sainithe (nóta 6) | (261) | (227) |
| **Costas iomlán pinsin aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais** | **(174)** | (166) |
| | | |
| **Méideanna aitheanta in ioncam cuimsitheach eile** | | |
| Gnóthachain achtúireacha aitheanta láithreach | 871 | 272 |
| **Iomlán don bhliain** | **697** | 106 |

| (vi) Sócmhainní an Phlean | Méid na sócmhainní plean 2025 €'000 | Méid na sócmhainní plean 2024 €'000 |
|---|---|---|
| *Na leithdháiltí sócmhainne amhail an 31 Nollaig:* | | |
| Urrúis chothromais | 3,426 | 3,131 |
| Urrúis bhannaí | 2,288 | 2,471 |
| Eile | 1,108 | 1,033 |
| | 6,822 | 6,635 |

Gearrfar ioncam úis ar shócmhainní plean ar 3.3 % *(2023: 3.5%).*

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Toradh iarbhír ar shócmhainní an phlean | 14 | 548 |

| (vii) Méideanna nochta riachtanacha eile | €'000 |
|---|---|
| Ranníocaíochtaí a bhfuiltear ag súil leis go n-íocfaidh an IAA iad le linn 2026 | 263 |

### C. Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (SPSPS) - CRE

| (i) Suimeanna aitheanta sa ráiteas ar an staid airgeadais | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Luach láithreach na n-oibleagáidí neamhchistithe | (374) | (422) |
| Sócmhainn sochair scoir iarchurtha (féach thíos) | 374 | 422 |
| **Glansócmhainn/(dliteanas)** | - | - |

Is Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair") í seo, scéim le sochar sainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin ceaptha ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí fostaí agus fostóra bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. D'aithin an IAA sócmhainn atá comhfhreagrach leis an dliteanas iarchurtha neamhchistithe le haghaidh Sochair Scoir ar bhonn fhorálacha Alt 44 d'Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

## 19 Sochair scoir (ar lean)

### C. Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) - CRE

**(i) Suimeanna aitheanta sa ráiteas ar staid an airgeadais (ar lean)**

De bhrí gur comhlacht Leathstáit é an IAA, agus gur ghlac an IAA seilbh ar chonarthaí fostaíochta bhaill na Scéime Pinsean Aonair ar an 1 Bealtaine 2023, ní raibh siad i dteideal a bheith páirteach in SPSPS níos mó. Chruthaigh IAA scéim scátháin lenar bhain na rialacha céanna leis an SPSPS le haghaidh na bhfostaithe sin. Ar an 1 Bealtaine 2023, glacadh leo mar bhaill iarchurtha de SPSPS bunaithe ar a ranníocaíochtaí go dtí an 30 Aibreán 2023.

D'aithin an Chuideachta sócmhainn atá comhfhreagrach leis an dliteanas iarchurtha neamhchistithe le haghaidh SPSPS ar bhonn fhorálacha Alt 44 d'Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

| (ii) Toimhdí achtúireacha | 2025 Aonad Réamh-Mheasta | 2024 Aonad Réamh-Mheasta |
|---|---|---|
| *Meán-thoimhdí ualaithe chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí sochair* | | |
| Ráta lascaine | **4.50%** | 3.60% |
| Ráta an mhéadaithe cúitimh ghinearálta | **3.00%** | 3.00% |
| Ráta an bhoilscithe praghsanna | **2.00%** | 2.00% |
| Ráta an mhéadaithe pinsin | **2.00%** | 2.00% |

| (iii) Gluaiseachtaí ar luach láithreach oibleagáidí le sochar sainithe | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Oibleagáid sochair ag tús na bliana | **(422)** | (395) |
| Costas seirbhíse reatha | | - |
| Costas úis | **(15)** | (13) |
| Ranníocaíochtaí na mball | **-** | - |
| Atomhas: gnóthachain achtúireacha | **63** | (14) |
| Sochair íoctha ón bplean | **-** | - |
| **Oibleagáid sochair ag deireadh na bliana** | **(374)** | (422) |

| (iv) Comhpháirteanna an chostais pinsin | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| *Costas aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais* | | |
| Costas seirbhíse reatha (nóta 4) | **-** | - |
| Costas airgid bhreise (nóta 4) | **-** | - |
| Ioncam úis ar shócmhainní le sochar sainithe (nóta 5) | **15** | 13 |
| Costas úis ar dhliteanais le sochar sainithe (nóta 6) | **(15)** | (13) |
| **Costas iomlán pinsin aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais** | **-** | - |
| | | |
| **Méideanna aitheanta in ioncam cuimsitheach eile** | | |
| Gnóthachain achtúireacha aitheanta láithreach | **-** | - |
| **Iomlán don bhliain** | **-** | - |

Bhí an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha le haghaidh SPSPS amhail ar an 31 Nollaig 2025 cothrom le €374,292, le gluaiseachtaí de €15,196 agus €63,041 aitheanta sa ráiteas ar bhrabús agus caillteanas agus sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile faoi seach, le linn na tréimhse tuairiscithe.

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

## 19 Sochair scoir (ar lean)

### D. Scéimeanna Pinsin le Ranníocaíocht Shainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann

Le linn na bliana, d'oibrigh an IAA Plean Pinsin le Ranníocaíocht Shainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012 agus d'oscail sé Scéim nua le Ranníocaíocht Shainithe arb í an scéim pinsean réamhshocraithe í anois do gach fostaí nua. Is ionann an muirear pinsin don bhliain agus ranníocaíochtaí atá iníoctha ag IAA leis na scéimeanna agus bhí sé cothrom le €342k *(2024: €221k)*.

## 20 Meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta

### Príomhfhoinsí d'éiginnteacht meastacháin

Ceanglaíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an bhfoireann bainistíochta meastacháin agus breithiúnais a dhéanamh a bhfuil tionchar acu ar mhéideanna tuairiscithe sócmhainní agus dliteanas ag dáta na ráiteas airgeadais agus méideanna tuairiscithe an ioncaim agus na gcostas i rith na tréimhse tuairiscithe.

Tá meastacháin agus breithiúnais bunaithe ar eispéireas stairiúil agus ar fhachtóirí eile atá réasúnach bunaithe ar an gcás i láthair na huaire. Ní gá go mbeadh na torthaí iarbhír cosúil leis na meastacháin seo má tá na toimhdí seo mícheart nó má fhorbraíonn coinníollacha seachas mar a rabhthas ag súil leo chun críocha a leithéid de mheastacháin. Is réimse criticiúil é seo a leanas a cheanglaíonn ar an bhfoireann bainistíochta meastacháin agus breithiúnais a dhéanamh.

### Toimhdí pinsin

Is meastachán suntasach é luacháil na scéimeanna pinsin le sochar sainithe i ráitis airgeadais IAA. Tá tuilleadh eolais le fáil i nóta 19. Is é an toimhde lena mbaineann an éiginnteacht meastacháin is mó an ráta lascaine. Tá athbhreithniú agus measúnú déanta ag na stiúrthóirí ar na toimhdí a rinne na hachtúirí gairmiúla neamhspleácha fad is a bhí measúnú á dhéanamh ar luach cóir na scéimeanna pinsin le sochar sainithe agus tá siad den tuairim go bhfuil siad réasúnach.

## 21 Teagmhais iar-chláir chomhardaithe

Níor tharla aon teagmhas suntasach eile a raibh tionchar aige ar an gCuideachta ón 31 Nollaig 2025, a d'éiligh coigeartú ina leith, nó nochtadh, sna ráitis airgeadais.

## 22 Cúlchiste Ranníocaíochta Caipitil

Léirítear leis sin suim ghlanluacha shócmhainní agus dhliteanais an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta, a aistríodh chuig an IAA an 1 Bealtaine 2023 de bhun an Achta Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022.

## 23 Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 16 Aibreán 2026.

FSC
www.fsc.org
MIX
Paper from
responsible sources
FSC® C105984

ÚDARÁS EITLÍOCHTA NA hÉIREANN
IRISH AVIATION AUTHORITY

Foirgneamh 'The Times',
11-12 Sráid D'Olier,
Baile Átha Cliath 2, D02 T449

www.iaa.ie